# AN CLÁR






| | |
|---|---|
| **Réamhrá leis an Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD** | **2** |
| **Ardchaighdeáin Teagaisc agus Foghlama a Bhaint Amach** | **5** |
| Líon na Mac Léinn | 7 |
| Modúlú, Seimeastrú agus UCD *Horizons* | 8 |
| Mic Léinn a Earcú agus Cláir Nua | 11 |
| Imeachtaí na Mac Léinn Idirnáisiúnta | 12 |
| An tIonad Teagaisc agus Foghlama | 14 |
| **I dTreo Ollscoil Diantaighde** | **15** |
| Maoiniú Taighde | 17 |
| Scéimeanna Inmheánacha chun Tacú le Taighde | 18 |
| Dámhachtainí Taighde | 20 |
| Éachtaí Taighde | 22 |
| An Ceathrú Leibhéal | 25 |
| Tionscnaimh Taighde | 26 |
| Institiúid Mhic Chon Mí UCD | 27 |
| An tIonad um Shintéis agus um Bhitheolaíocht Cheimiceach (CSCB) | 29 |
| Ionad Leighis Mhóilínigh Bhaile Átha Cliath (DMMC) | 31 |
| Institiúid Dhaonnachtaí Éireann UCD | 35 |
| Institiúid Uirbeach Éireann UCD | 36 |
| Institiúid Mhichíl Uí Chléirigh UCD | 37 |
| Aistriú Nuálaíochta agus Teicneolaíochta - NovaUCD | 38 |
| **Ardchaighdeán Ollscolaíochta a sholáthar do na Mic Léinn** | **41** |
| Forbairt Áiseanna: Tionscadail Chaipitiúla | 43 |
| An Leabharlann | 47 |
| Seirbhísí Ríomhaireachta | 48 |
| Slite Beatha agus Fostaíocht | 49 |
| Leathnú ar an Rannpháirteachas | 51 |
| Cúnamh Airgid do Mhic Léinn | 53 |
| Tacaíocht do Mhic Léinn, Séiplínigh agus Comhairleoirí Mac Léinn | 54 |
| Spórt | 55 |
| Ceol | 57 |
| Cumainn na Mac Léinn | 58 |
| **Treorú maidir le Cláir Oibre** | **59** |
| Cumarsáid | 61 |
| Forbairt agus Caidreamh le hIarmhic Léinn | 63 |
| Aitheantas Speisialta | 65 |
| **Forbairtí Foirne** | **67** |
| **Aguisín 1, Struchtúr Acadúil Nua UCD: Coláistí agus Scoileanna** | **75** |
| Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD | 76 |
| Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD | 77 |
| Coláiste na nEolaíochtaí Beatha UCD | 78 |
| Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla UCD | 79 |
| Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD | 80 |



Ó bunaíodh UCD, bhí fás na hollscoile agus fás na tíre dlúthnasctha lena chéile. Baineann an ollscoil anois le tír neamhspleách nua-aimseartha rathúil. Le blianta anuas bhí tionchar ag an ollscoil ar gheilleagar, ar shochaí agus ar chultúr na tíre, agus leanfaidh an tionchar sin ar feadh na nglún.

# RÉAMHRÁ LEIS AN DR HUGH BRADY UACHTARÁN UCD

## FÍS

Chuir mé romham sraith spriocanna go luath in 2004 mar chuid lárnach den fhís agam le go mbeadh UCD chun tosaigh ar bhonn náisiúnta mar ollscoil diantaighde. Spriocanna uaillmhianacha a bhí iontu, agus ní miste a lua gur d'aon ghnó é sin. Bhí a fhios agam go mbeadh gá ag pobal uile na hollscoile tréaniarracht a dhéanamh chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Bhí mo thuiscint ar an seasamh atá ag UCD in Éirinn agus ar fud an domhain mar bhonn is mar thaca ag an bhfís sin. Ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar an dianiomaíocht atá ann anois, níos mó ná riamh, na mic léinn agus an fhoireann is fearr a mhealladh i margadh domhanda.

Ar bhonn náisiúnta, tá an tobar mac léinn ar a dtarraingímid ag triomú agus an raon roghanna atá ar fáil do mhic léinn i gcoitinne ag dul i méid. Ar bhonn idirnáisiúnta, ní roghnóidh mic léinn agus taighdeoirí cumasacha ceathrú leibhéal teacht chuig UCD ach má tá cáil bainte amach againn mar ollscoil ar an gcaighdeán is fearr ar domhan toisc ár ndíograis i leith an taighde, na scoláireachta, na nuálaíochta agus na cruthaitheachta.

De réir mar a threabhaimid ar aghaidh i dtreo ár spriocanna uaillmhianacha, is cúis mhór áthais dom é a chur in iúl gur éirigh thar na bearta linn le bliain anuas. Is dea-theist é ar dhícheall na foirne uile in UCD gur éirigh linn struchtúr agus curaclam na hollscoile a athrú ó bhonn in achar ama a bhí chomh gairid sin. I measc na gcéimeanna móra chun tosaigh, chuireamar cúig scoil iarchéime nua ar bun, d'athchóiríomar an nós imeachta atá ann le haghaidh ardú céime agus d'éirigh linn cur le próifíl UCD.

Ó ceapadh mé i mo Uachtarán, thapaigh mé gach deis a chur ina luí ar an rialtas gur ghá an tríú leibhéal a athrú ó bhonn agus gur ghá ceathrú leibhéal dinimiciúil a chruthú in Éirinn. Thug na gealltanais pholaitiúla ina leith seo ardú meanma dom, agus má leanann infheistíocht na gealltanais chéanna, cinnteofar earnáil oideachais den chéad scoth in Éirinn a bheidh in ann dul san iomaíocht le hearnálacha oideachais eile ar fud an domhain.

Thug airí rialtais cuairt ar an ollscoil i rith na bliana chun áiseanna nua a oscailt - an Taoiseach, an Tánaiste agus an tAire Oideachais agus Eolaíochta ina measc. Táthar chun mórinfheistíocht a dhéanamh thar an gcéad chúig bliana eile i gcothú taighde agus nuálaíochta san earnáil ardoideachais in Éirinn le roinnt tionscnamh ceannródaíoch.

Is mór againn an tacaíocht leanúnach a thugann an rialtas do UCD, agus don oideachas tríú agus ceathrú leibhéal i gcoitinne

## CUR I BHFEIDHM PHLEAN STRAITÉISEACH 2005-2008

Aontaíodh ar na cuspóirí ardleibhéil uile inár bPlean Straitéiseach go luath in 2005. Díríonn an plean ar thrí ghné ina fhís do UCD ó thaobh na nithe seo a leanas de:

- Timpeallacht teagaisc agus foghlama;
- Timpeallacht taighde;
- An tionchar ar shochaí na hÉireann.

Tá dul chun cinn á dhéanamh i ngach ceann de na réimsí sin.

Athraíodh ár dtimpeallacht teagaisc agus foghlama ó bhonn agus seoladh UCD Horizons - curaclam modúlaithe, seimeastraithe atá bunaithe ar chreidmheasanna.



*Ag dinnéar Lá an Bhunaithe in UCD, clé go deas: An Dr. Paddy Hillery, Maeve Hillery, An Dr Hugh Brady, An Dr. Michael Smurfit*

Is mian linn a bheith ar an bpríomhinstitiúid ceathrú leibhéal sa tír agus tá cúig Scoil Iarchéime bunaithe againn mar chuid den díograis seo ar fud na hollscoile i leith an taighde agus na nuálaíochta.

Bíonn tionchar suntasach ag UCD ar shochaí na hÉireann agus ár lucht léinn ag glacadh páirte lárnaí i gcur i bhfeidhm straitéisí agus polasaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## AN DÍORMA IS CUMASAÍ A MHEALLADH

Tháinig méadú 10% in 2006 ar an líon iarratas ar áiteanna in UCD. Seo aisiompú ar a raibh ag titim amach le trí bliana anuas. Is a bhuíochas le leasú sa churaclam agus leis an margaíocht a rinneadh ar UCD Horizons, i measc nithe eile, a d'éirigh linn rogha chomh mealltach sin a thairiscint do mhic léinn.

D'éirigh thar barr le UCD Horizons agus tá mic léinn tar éis glacadh leis na deiseanna a chuireann sé faoina mbráid le roghanna eolasacha aibí cruthaitheacha a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirfidh siad lena gcuid eolais ón gclár staidéar atá idir lámha acu.

Mhéadaigh líon na mac léinn eachtrach 8% i rith na bliana, le mic léinn ó 110 tír anois ar an gcampas. Ghlac UCD ballraíocht le Universitas 21, mórlíonra idirnáisiúnta de os cionn 20 ollscoil taighde-threoraithe. Seo líonra a chuirfidh raon deiseanna soghluaiseachta, taighde agus acadúla ar fáil dár mic léinn. Lena chois sin, cuirfidh sé deiseanna ar fáil dúinn an cleachtas tagarmharcála is fearr a ghnóthú.

## TAIGHDE, SCOLÁIREACHT AGUS NUÁLAÍOCHT

Tá sé mar aidhm ag UCD timpeallacht a chruthú a mheallann na taighdeoirí is fearr ar domhan, sna disciplíní ar fad. Tá comhpháirtíochtaí agus tionscnaimh chomhoibritheacha taighde á gcur ar bun againn le heagraíochtaí acadúla, tionsclaíocha agus seachbhrabúsacha chun go mbeadh sé de mhuinín ag comhlachtaí de chuid na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí infheistiú in UCD.

D'éirigh le UCD cur ní hamháin le líon na gconarthaí a mheall an ollscoil in 2005-2006 ach le luach na gconarthaí sin chomh maith. Bronnadh 664 conradh ar UCD, sin méadú aon trian ar an mbliain roimh ré.

Cuireann ár n-institiúidí taighde áiseanna úrscothacha, ardáin teicneolaíochta agus mais chriticiúil taighdeoirí agus lucht léinn ar fáil. D'éirigh le hInsitiúid Mhic Chon Mí, UCD - an príomhionad um thaighde bithleighis in Éirinn - os cionn €30m a bhailiú in ioncam piara-athbhreithnithe i rith na bliana.



*Ag seoladh Wyeth Research Ireland: An Dr Hugh Brady, Mary Hanafin TD, An tAire Oideachais agus Eolaíochta agus an Dr Frank Walsh, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, Discovery Research Worldwide le haghaidh Wyeth*

## AN CEATHRÚ LEIBHÉAL

D'fhógair an rialtas anuraidh a ghealltanas Éire an Cheathrú Leibhéal a chruthú agus ba mhór an chéim chun tosaigh é seo i gcúrsaí ardoideachais. Beidh sé seo mar bhonn is mar thaca go háirithe ag córas oiliúna máistreachta/PhD den chéad scoth a chuirfear ar bun in Éirinn, ach an tacaíocht agus na háiseanna is fearr a sholáthar do dhíorma mac léinn atá de shíor ag dul i méid. Tá sé mar rún daingean agamsa go mbeadh PhD de chuid UCD ar an órchaighdeán don cháilíocht sin.

## PLEAN FORBARTHA CAMPAIS AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN

Is iontach an áis é príomhchampas UCD agus ní mór dúinn an campas sin a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe ionas go mbeidh ní hamháin na mic léinn ábalta an sochar is fearr agus is féidir a bhaint as, ach an pobal i gcoitinne chomh maith. Tá sé i gceist againn an líon mac léinn atá ina gcónaí ar an gcampas a dhúbailt go dtí 6,000 thar an gcéad chúig bliana eile. Ba mhaith liomsa an spiorad ar an gcampas a athrú - chun go mbeadh sé

ina ionad foghlama 24/7 áit a bhfuil an scoláireacht mar chuid de gach gné den saol.

Sheolamar an Plean Forbartha Campais, tar éis dúinn dul i gcomhairle leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe leasmhara eile. Togra an Gheata mar chuid lárnach den phlean seo - ionad nua a cheanglóidh príomhbhealacsh isteach na hollscoile ón N11 le croílár an champais.



*Ag seoladh an chomhaontais idir UCD agus an Institute of Bankers in Ireland (ó chlé go deas) John Trethowan, Uachtarán na Institute of Bankers in Ireland, An Dr Philip Nolan, Cláraitheoir UCD agus Brian Cowan TD, An tAire Airgeadais*

Reáchtálfar mórchomórts idirnáisiúnta ailtireachta, mar a mbeidh an deis ag ailtirí sainchomhartha íocónach tábhachtach a dhearadh do Bhaile Átha Cliath agus d'Éirinn. Cuirfidh sé seo feabhas ar thimpeallacht oibre agus maireachtála na mac léinn agus na foirne agus osclóidh sé an campas don phobal i gcoitinne.

Tá tús curtha le hobair ar Cheantar Eolaíochta UCD agus é mar aidhm aige áis inchlaochlaithe a chur ar bun do Chúrsaí Eolaíochta in Éirinn.

Creidim féin nach faoi iarrachtaí acadúla amháin é an t-oideachas ollscoile ach go bhfuil an tábhacht chéanna ag baint le páirt a ghlacadh i bpobal na hollscoile i gcoitinne - bíodh sé sin trí mheán an spóirt nó gníomhaíochtaí eile na mac léinn. Tá raon leathan gníomhaíochtaí seach-churaclaim á dtairiscint againn, chun an spreagadh agus an treoir a sholáthar do na mic léinn le gur féidir leo forbairt i ngach gné dá saol.

## CÉIMEANNA AGUS DÁMHACHTAINÍ OINIGH

Bhronn UCD Bonn Lá an Bhunaithe ar an Dr Patrick Hillery. Agus mo chomhlua don lá á ullmhú agam, d'imigh an méid a bhí déanta ag an Dr Hillery ar son an oideachais in Éirinn le 40 bliain anuas go mór i bhfeidhm orm. Nuair a bhunaigh sé an Coimisiún um Ardoideachas i 1960, leag an Dr Hillery bunchloch ar a dtógfaí an t-oideachas in Éirinn sa 20ú haois déanach. Is mór an t-éacht atá déanta aige.

I measc na n-ócáidí eile i rith na bliana, ba mhór an onóir dúinn é céimeanna oinigh a bhronnadh ar phearsana éagsúla ón tír seo agus ó thíortha eile a bhfuil méid mór déanta acu ar son na n-ealaíon, an ghnó, na heolaíochta agus na forbartha daonna.

## AN FHOIREANN

Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an bhfoireann acadúil as a mbarr feabhais agus a ndíograis ina gcuid oibre. Bíonn UCD ag brath orthu, go háirithe ar chaighdeán an taighde acu, le caighdeáin arda acadúla agus dea-cháil idirnáisiúnta ar na céimeanna a chothú.

Is cúis áthais dom é go bhfuil ceann de dhearbhphrionsabail an Phlean Straitéisigh, is é sin sraith modhanna earcaíochta agus luacha saothair iomlán don fhoireann acadúil, anois i bhfeidhm. Le linn thréimhse na Tuarascála seo, cuireadh nós imeachta i bhfeidhm don ardú céime chuig post an Ollaimh - rud nach raibh ann go dtí seo. Chomh maith leis sin, seo an chéad uair nár tharla an t-ardú céime chuig post an Chomhollaimh faoin gcóras cuóta. Cuireann sé áthas orm a chur in iúl go bhfuil ag éirí go maith leis an gcóras tagarmharcála don ardú céime chuig post an Léachtóra Shinsearaigh agus dá bhrí sin tá spriocanna soiléire insroichte ann anois d'iarrthóirí.

## TÁTAL

Is mór an dul chun cinn atá déanta againn le bliain anuas. Creidim go bhfuil tús á chur le tréimhse níos cruthaithí, cé nach n-éileoidh sí an méid céanna orainn.

Thug an tUasal Kieran McGowan, Cathaoirleach Údaráis Rialaithe na hOllscoile, treoir agus tacaíocht dúinn sa tréimhse mhórathraithe seo. Thug seisean, baill an Údaráis Rialaithe, agus m'Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí an-tacaíocht go deo dom agus tá mé go mór faoi chomaoin acu dá réir.

Ní féidir leis an Tuarascáil seo cur síos ar an méid oibre a rinne an fhoireann ar fad in UCD, obair a chuireann chomh mór sin leis an rath a bhíonn ar an ollscoil. Tá súil agam, ámh, go dtugann an Tuarascáil le fios gur as lámha a chéile a oibrímid lenár mórobair a chur i gcrích.



HUGH BRADY
*Uachtarán*

2

# Ardchaighdeáin Teagaisc agus Foghlama a Bhaint Amach

An fhís atá ag UCD ná go mbeadh sé ina phríomhollscoil idirnáisiúnta, ina bhfuil an pobal acadúil, agus iad spreagtha ag an taighde, ag an scoláireacht, ag an nuálaíocht agus ag an gcruthaitheacht, ag cur cláir oideachais shamhlaíocha ar fáil, agus áit a bhfuil díograis i leith barr feabhais a bhaint amach sa teagasc agus san fhoghlaim mar bhonn is mar thaca ag gach gníomhaíocht.

Tá an t-athchóiriú ar an gcuraclam ag croílár na straitéise leis an bhfís sin a bhaint amach agus tá an-dul chun cinn déanta ina leith. Seoladh UCD Horizons do mhic léinn céad bliana i mí Mheán Fómhair 2005 agus d'éirigh thar barr leis. Ba phointe tábhachtach é seo i stair UCD. Is léir dúinn anois go dtéann UCD Horizons go mór i bhfeidhm ar mhic léinn a bheadh ag smaoineamh ar theacht chuig UCD. Tá a bhfuil á thairiscint ag UCD soiléir agus mealltach, i dtimpeallacht ardoideachais atá ag éirí níos iomaíche i gcónaí.

Leanfar le cur i bhfeidhm UCD Horizons, agus leanfaidh UCD ag cur feabhais ar a chláir uile. As seo amach, leanfaidh an ollscoil léi ag mealladh na mac léinn agus na mball foirne is cumasaí ach barr feabhais agus nuálaíocht a choinneáil ag an sárleibhéal ag a bhfuil siad.



Líon na Mac Léinn

Modúlú, Seimeastrú agus UCD Horizons

Mic Léinn a Earcú agus Cláir Nua

Imeachtaí na Mac Léinn Idirnáisiúnta

An tIonad Teagaisc agus Foghlama

# LÍON NA MAC LÉINN

Tá líon na mac léinn a roghnaíonn staidéar a dhéanamh ag UCD ag dul i méid bliain i ndiaidh bliana.

Go háirithe, tá sciar UCD de líon iomlán na mac léinn PhD sa tír, imithe i méid. Sa bhliain acadúil 2004/05, bhí 28% de na mic léinn PhD ar fud na seacht n-ollscoil in Éirinn ag staidéar in UCD, sin méadú ón 26% a bhí ag staidéar ann in 2003/04.

Tá mic léinn as gach ceann de na 32 contae in Éirinn ag freastal ar UCD.


Tá próifíl idirnáisiúnta na hollscoile fós ag mealladh mic léinn ó thíortha ar fud an domhain chun freastal ar UCD.

## TÁBLA 1 - LÍON NA MAC LÉINN

| LÍON NA MAC LÉINN | 2004/05 | 2005/06 |
|---|---|---|
| Cláir na bhfochéimithe | 13,549 | 13,581 |
| Cláir teastais/dioplóma na bhfochéimithe | 1,700 | 2,354 |
| Fochéimithe ar cuairt/ar chláir mhalartacha | 464 | 516 |
| **Fochéimithe (iomlán)** | **15,713** | **16,451** |
| Cláir Dhochtúireachta | 1,351 | 1,361 |
| Cláir Mháistreachta Taighde | 388 | 391 |
| Cláir Mháistreachta Múinte | 2,408 | 2,375 |
| Cláir Theastais Iarchéime/Dioplóma | 1,765 | 1,744 |
| Iarchéimithe ócáideacha | 137 | 206 |
| **Iarchéimithe (iomlán)** | **6,049** | **6,077** |
| **IOMLÁN** | **21,762** | **22,528** |

## TÁBLA 2 - LÍON NA MAC LÉINN

| Mic Léinn as | Líon |
|---|---|
| Cathair & Contae Átha Cliath | 7,785 |
| An chuid eile d'Éirinn | 7,309 |
| Tuaisceart Éireann | 252 |
| An Bhreatain | 67 |
| AE | 214 |
| Tuaisceart Mheiriceá | 266 |
| An Áise | 384 |
| An Afraic | 76 |
| An chuid eile den domhan | 117 |





## MODÚLÚ, SEIMEASTRÚ AGUS *UCD HORIZONS*



**Tá trí chuspóir uaillmhianacha ag UCD ina Phlean Straitéiseach 2005-2008, maidir le modúlú agus seimeastrú:**

- Curaclam modúlaithe agus seimeastraithe a chur i bhfeidhm go céimneach ag tosú i mí Mheán Fómhair 2005 agus ag críochnú i mhí Mheán Fómhair 2007;
- Modúlú iomlán a dhéanamh ar chláir iarchéime faoi mhí Mheán Fómhair 2006 chun cur le héifeachtacht agus le solúbthacht ag an leibhéal seo agus chun eilimint riachtanach mhúinte a sholáthar do chláir iarchéime struchtúrtha;
- Athchóiriú an churaclaim a thiomáint ag leibhéal an chláir agus an mhodúil agus díriú ar lárthorthaí curaclaim agus foghlama a bhaint amach, torthaí cineálacha san áireamh.

A bhuíochas le modúlú tá staitisticí mórthaibhseacha bainte amach:

- Chuir os cionn 800 comhordaitheoir modúil sonraí ar fáil maidir le 3,300 modúl
- Bhí an áis chlárúcháin nua in úsáid don chéad uair in 2005 agus chláraigh mic léinn modúlacha céad bliana i bhfad níos luaithe ná mar a rinne sna blianta roimhe sin. Bhí 97% de mhic léinn cláraithe roimh thús an téarma, i gcomparáid le 62% faoi thús an téarma in 2004;
- Sa tseachtain roimh an spriocdháta ag an CAO i mí an Mheithimh 2006 chun d'aigne a athrú, thug os cionn 10,000 mac léinn ionchasach cuairt ar an suíomh gréasáin speisialta atá ag UCD áit a bhfuil fáil ar shonraí na gclár agus na modúl uile atá á dtairiscint ag UCD, maille le sonraí faoin saol in UCD;
- Sa chéad bhabhta de mheasúnachtaí faoin modúlú, a rinneadh i mí na Nollag 2005, rinne 133 comhordaitheoir Modúil measúnú ar 170 modúl. Tiomsaíodh os cionn 62,000 grád le haghaidh 4,358 mac léinn. Chomhoibrigh meascán de bhaill foirne acadúla agus riaracháin lena chéile chun go mbeadh rath ar an gcéad bhabhta seo de mheasúnachtaí modúil, ar bhonn oibríochtúil agus lóistíochúil.

### DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

Ba iad mic léinn céad bliana UCD a tháinig isteach i mí Mheán Fómhair 2005 an chéad dream a thug faoina gcuid staidéar i dtimpeallacht mhodúlaithe agus sheimeastraithe le *UCD Horizons*.

Bhí na mic léinn seo thar a bheith sásta le UCD Horizons, mar a raibh ar a gcumas cur lena saineolas i réimse áirithe amháin nó a gcuid saineolais a leathnú amach trí mhodúil roghnacha a dhéanamh atá lasmuigh de chroílár na céime acu.

Cuireann CD Horizons struchtúr ar fáil a chuidíonn leis na mic léinn cinntí eolasacha a dhéanamh maidir leis an gclár staidéir atá idir lámha acu. Léirigh na mic léinn an-tuiscint agus cruthaitheacht sna roghanna a rinne siad. Bheartaigh roinnt mhaith de na mic léinn ábhair roghnacha a dhéanamh a chomhlánaigh an chéim a bhí á dhéanamh acu. Mar shampla roghnaigh mic léinn Ailtireachta modúil roghnacha sa tseandálaíocht, agus i Sibhialtacht na Gréige agus na Róimhe.

Agus na mic léinn seo socraithe isteach ar a gcuid staidéar modúlaithe, dhírigh an tionscnamh modúlaithe

ar *UCD Horizons* a leathnú amach chun go gcuirfí san áireamh formhór chlár na bhfochéimithe agus na n-iarchéimithe.

An phríomhgné a bhain leis an tionscnamh seo ná 3,300 modúl a fhorbairt, agus iad struchtúrtha ina mórábhair agus ina mionábhair laistigh de na cláir. Cuireadh ar phár sonraí gach modúil, ó thaobh ábhar acadúil, torthaí foghlama agus modheolaíochtaí measúnachta de, agus foilsíodh an t-eolas seo ar líne - an chéad uair a rinne aon ollscoil in Éirinn a leithéid.

Ag an leibhéal iarchéime, rinneadh os cionn 200 clár a mhodúlú sa tréimhse faoi athbhreithniú, le formhór na gclár iarchéime múinte san áireamh. Chomh maith leis sin, cuireadh i bhfeidhm struchtúr nua do chláir théamúla PhD, a chuireann ar chumas mic léinn dochtúireachta modúil mhúinte a dhéanamh ag leibhéil éagsúla, agus creidmheasanna a ghnóthú do na modúil sin.

Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2006, bhí mic léinn in ann brabhsáil ar líne ar chórais chlárúcháin saintógtha, chun breathnú ar shonraí na gclár modúlaithe nua a mbeadh siad ag tabhairt fúthu. Is féidir táillí a íoc, lóistín a chur in áirithe agus modúil a roghnú tríd an gcóras seo. Thug sé an deis do na mic léinn a n-amchlár féin a roghnú sa mhéid go bhféadaidís na comhpháirteanna éagsúla dá gcéim a roghnú ar líne - idir chroíábhair is mhodúil roghnacha. Níl aon ollscoil eile in Éirinn ag cur an leibhéil seo eolais ar fáil do mhic léinn.

Thug an ollscoil faoi mhórchlár gníomhaíochtaí chun a cuspóirí modúlaithe agus seimeastraithe a chur chun cinn. Chuige seo, bhí gá le tréaniarracht ónár gcomhghleacaithe acadúla agus riaracháin. Chuir Leas-Phríomhoidí Teagaisc agus Foghlama, Cathaoirligh Bhoird na gClár, Stiúrthóirí Scoileanna an gCéimithe agus Ceann gach Scoile Teagaisc agus Foghlama ceannaireacht riachtanach acadúil ar fáil.

Cuireadh saintacaíocht leanúnach ar fáil i réimsí áirithe riaracháin de réir mar a d'athraigh rialacháin, próisis agus nósanna imeachta, chun go mbeadh siad ag teacht leis an rialachas acadúil nua agus le struchtúir na gclár modúlaithe nua. Ina measc bhí:


- Oifigí Clár nua UCD;
- An Fhoireann Oibríochtaí Modúlacha;
- Deasc Seirbhísí Mac Léinn;
- An fhoireann Measúnachta agus Loighistice a thacaigh le próisis athchóirithe grádaithe agus le nósanna imeachta measúnachta.

D'oibrigh siad go léir as lámha a chéile chun an straitéis uaillmhianach seo a raibh rath uirthi a bhaint amach.

### ATHBHREITHNIÚ AR MHEASÚNACHT MODÚIL

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnacht mhodúlach i Seimeastar 1 den bhliain acadúil 2005/06 fuarthas go raibh leibhéil arda sástachta ann i measc na mac léinn agus dá bhrí sin gur maith an rud é an modúlú.

Go háirithe, bhí os cionn 85% díobh siúd a ghlac páirt sa suirbhé den tuairim gur chuidigh sé leo gan a bheith faoi bhrú ó scrúdaithe toisc gur thug siad faoi mhodúil agus go ndearnadh na modúil sin a mheas le linn an tseimeastair. Chuir na mic léinn in iúl chomh maith gur leagadh béim i bhfad níos mó ar fhreastal ar léachtaí toisc go ndearnadh na modúil a mheas i rith an tseimeastair agus toisc go raibh gá measúnachtaí a chur i gcrích. Thaitin sé le mic léinn go raibh aiseolas ar fáil ó na measúnachtaí leanúnacha agus chuir sé seo ar a suaimhneas iad.




*Póstaer UCD Horizons*



## CUSPÓIRÍ AMACH ANSEO

Leathnófar an modúlú amach chun go gcuimseofar gach dalta sa bhliain acadúil 2007/08 nach bhfuil san áireamh faoi láthair, bíodh siad sa chéad bhliain ar chlár fochéime nó ar chlár struchtúrtha dochtúireachta. Ar an gcaoi sin, beidh gach mac léinn ábalta fóir a bhaint as creat oibre modúlaithe seimeastraithe.

Is gá dúinn fós dul i ngleic leis na deacrachtaí a bhaineann le córais riaracháin agus tacaíochta a chur i bhfeidhm, atá riachtanach chun curaclam modúlaithe a sheachadadh. Tá roinnt mhaith de na hoifigí riaracháin tar éis córais nua a chur i bhfeidhm, nó seanchórais a chur in oiriúint. Tá sé beartaithe tús áite a thabhairt do mhionchoigeartú agus do shruthlíniú na gcóras sin an bhliain seo chugainn.

Tá pleananna idir lámha freisin chun an rannpháirtíocht san ardoideachas a leathnú amach - le córais chreidmheas-bhunaithe á gceapadh ionas gur féidir le haosfhoghlaimeoirí agus le mic léinn páirtaimseartha áit a fháil ar chéimeanna modúlacha.

Ag teacht le straitéis UCD barr feabhais a bhaint amach sa teagasc agus san fhoghlaim, tá an trédhearcacht ann anois ag leibhéal an mhodúil agus an chláir toisc an creat modúlach nua seo a bheith i bhfeidhm, chun gur féidir tabhairt faoi athchóiriú agus forbairt curaclaim. Leagfar béim ar leith, in 2006/07, ar thacú le caighdeán an teagaisc agus le nuálaíocht sa mheasúnacht agus iad seo a spreagadh. Beidh an t-aiseolas a thagann ó na mic léinn thar a bheith tábhachtach nuair atáthar ag athbhreithniú na gclár le linn 2006/07.

Ag leibhéal na Scoile, an Choláiste agus an chláir, toisc go bhfuil níos mó eolas bainistíochta ar fáil a bhuíochas leis an modúlú, beifear ábalta cinntí a dhéanamh maidir le treo straitéiseach na gclár agus an t-uaséifeacht a bhaint as acmhainní chun na cláir sin a sheachadadh i gceart.

Ar an gclár UCD Horizons bheartaigh 60% de na mic léinn cur lena gcuid saineolais agus ábhair roghnacha a ghlacadh laistigh den chroíréimse staidéir acu. Bheartaigh 40% de na mic léinn a gcuid eolais a leathnú amach, agus ghlac siad ábhair roghnacha, nach raibh bainteach go díreach lena réimse staidéir.

I measc na n-ábhar roghnach is coitianta a roghnaíodh bhí:

**ROGHANNA COITEANN**

| modúl | líon na mac léinn céad bliana |
|---|---|
| Síceolaíocht | 253 |
| Teangacha Feidhmeacha | 244 |
| Ríomhaireacht | 101 |
| Dlí | 100 |
| Bainistíocht Gnó | 95 |
| Pleanáil agus Polasaí Comhshaoil | 89 |
| Fraincis | 89 |
| Bainistíocht Spóirt | 86 |
| Polaitíocht | 73 |
| Stair | 61 |
| Fealsúnacht | 59 |
| Cuntasaíocht | 52 |
| Staidéir Faisnéise | 52 |

# MIC LÉINN A EARCÚ AGUS CLÁIR NUA

Chuir UCD cuspóirí soiléire roimhe chun go mbeadh sé ar an ollscoil a roghnódh na mic léinn is cumasaí agus is fearr. Mar chuid de phlean earcaíochta comhtháite dlúth-chomhordaithe, bhí an ollscoil ag obair go dian go dtí seo chun :

- Cur leis an líon mac léinn ionchasach a mbíonn an ollscoil i dteagmháil leo;
- Caighdeán agus leibhéal an eolais a mhéadú atá ar fáil don mhac léinn indibhidiúil agus dá gcomhairleoirí.

## DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

Tar éis trí bliana ina raibh uimhreacha ag titim a bhí ag roghnú UCD sa chéad áit ar an CAO, tháinig méadú os cionn 10% ar iarratais chéad rogha CAO in 2006.

Bhí páirt lárnach ag an athchóiriú ar an gcuraclam agus an t-eolas agus margaíocht ar *UCD Horizons* an méadú sin a spreagadh. Bhí an chéad chohórt mac léinn an-dearfach faoi na roghanna a cuireadh faoina mbráid.

Ceapadh Stiúrthóir ar Earcaíocht Mac Léinn, Anne-Marie Harvey, rud eile a chuidigh go mór leis an gcumarsáid sheachtrach. Tá an Stiúrthóir nua dírithe anois ar theacht ar raon níos leithne de mhic léinn ionchasacha - bualadh leo, éisteacht leo agus míniú dóibh faoina bhfuil le tairiscint ag UCD i gcomparáid le hollscoileanna eile.

Rinneadh athchóiriú ar an 'Lá Oscailte' traidisiúnta, agus reáchtáladh an t-imeacht nuachóirithe seo don chéad uair i mí na Nollag. D'fhreastail 4,500 mac léinn ionchasach ar an imeacht, agus má chuirtear san áireamh gur fhreastail 15,000 breise i mí an Mhárta - is mór an méid é sin a thug cuairt ar an gcampas.

Don chéad uair riamh, scríobh UCD go pearsanta chuig gach iarratasóir fochéime. Gabhadh buíochas le gach mac léinn ionchasach as ucht spéis a léiriú in UCD agus tugadh cuireadh dóibh dul i dteagmháil leis an ollscoil chun a n-iarratas a phlé. Chomh maith leis sin, dearadh suíomh gréasáin go speisialta do mhic léinn ionchasacha le sonraí cuiditheacha chun cabhrú leo lena roghanna. I measc na sonraí atá ar fáil ar an suíomh tá sonraí na gclár, eolas ar lóistín agus eolas ar shaol ar an gcampas.




*Ambasadóirí na Mac Léinn*

### CLÁR AMBASSADÓIRÍ NA MAC LÉINN

'Is é atá i gceist ná go gcuirfí an saol in UCD i láthair ó dhearcadh na mac léinn féin'. Tá UCD tar éis mic léinn a cheapadh mar ambasadóirí chun go mbeadh ionadaíocht ag gach grúpa mac léinn: fochéimithe, iarchéimithe, mic léinn idirnáisiúnta, mic léinn lánfhásta agus daltaí ar chláir rochtana. Cuireann na hambasadóirí turais mhórthimpeall an champais ar fáil, chun deis a thabhairt do mhic léinn ionchasacha triail a bhaint as an saol in UCD. Maireann na seisiúin seo ar feadh 90 nóiméad agus tugtar cuairt ar árasán mic léinn agus ar Aontas na Mac Léinn agus cuirtear lón saor in aisce ar fáil. Chomh maith leis sin, bíonn seans acu bualadh le mic léinn eile atá ag smaoineamh ar theacht ag staidéar in UCD. Tá UCD ar an gcéad ollscoil in Éirinn tabhairt faoina leithéid de chlár, agus tá cláir mar seo á reáchtáil go forleathan in ollscoileanna sna Stáit Aontaithe agus sa Bhreatain.

## CLÁIR NUA

Chuir UCD 11 clár nua ar fáil in 2006. I measc a gcéimeanna BA nua bhí an-éileamh orthu seo a leanas:

- BSc: Eolaíochtaí Bithleighis, Sláinte agus Beatha
- BCL: Dlí Sibhialta le Polaitíocht
- BCL: Dlí Sibhialta le Stair
- BSc: Altranas Comhtháite Ginearálta agus Leanaí
- BSc: Eolaíocht an Néarchórais

## IMEACHTAÍ NA MAC LÉINN IDIRNÁISIÚNTA

**Le linn na bliana acadúla 2005/06, bhí tuairim is 3,250 mac léinn idirnáisiúnta ag freastal ar UCD, sin méadú os cionn 8% ar 2004/05. Ba as 110 tír éagsúil na mic léinn sin, seo i gcomparáid le 102 tír an bhliain acadúil roimh ré. Ó 2000/01 i leith, bhí méadú suntasach ar an líon mac léinn ó Cheanada, ón tSín, ón Fhrainc, ón nGearmáin, ón Bhreatain, ón India, ón Mhalaeisia, ón Nigéir agus ó na Stáit Aontaithe.**

Lean an Oifig Idirnáisiúnta lena pholasaí mic léinn a mhealladh le tabhairt faoi staidéar thar lear. In 2005/06, rinne 298 mac léinn ó UCD staidéar thar lear ar chomhaontuithe malartacha neamh-AE san Astráil, sa tSile, sa tSeapáin, in Hong Cong, sa Nua Shéalainn agus sna Stáit Aontaithe. Ar cheann de na forbairtí suntasacha sa réimse seo chuir duine gnó Éireannach maoiniú ar fáil le go ndéanfadh mac léinn iarchéime staidéar ar ghné áirithe den pholaitíocht in Ollscoil Cape Town.

### DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

I mí an Mheithimh 2006 ghlac UCD ballraíocht le Universitas 21, mórlíonra idirnáisiúnta de os cionn 20 ollscoil sna tíortha seo a leanas: na Stáit Aontaithe, an Bhreatain, Ceanada, Meicsiceo, an tSualainn, an tSín, An Chóiré, Singeapór, an Astráil agus an Nua-Shéalainn. Beidh an deis ag mic léinn agus ag foireann UCD trí mheán Universitas 21 tabhairt faoi shoghluaiseacht, faoi thionscnaimh thaighde chomhoibritheacha, faoi chomhchláir acadúla agus cuirfidh sé eolas ar fáil faoi na cleachtais tagarmharcála is fearr. Cuirfidh an bhallraíocht seo ar chumas UCD tús áite a bheith aige i bhforbairtí idirnáisiúnaithe atá ag titim amach san ardoideachas agus cuirfidh sé go mór le próifíl na hollscoile toisc go mbeidh caidreamh agus comhoibriú idir é agus roinnt de na hollscoileanna is fearr ar domhan.

I lár 2006 cheap UCD Stiúrthóir ar Straitéis agus Oibríochtaí Idirnáisiúnta, an Dr Erik Lithander. Beidh sé freagrach as Plean Straitéiseach Idirnáisiúnta UCD a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, atá á ullmhú i gcomhairle le Coláistí, le Scoileanna agus leis an lucht bainistíochta sinsearaí. Beidh an Plean Straitéiseach



*Mic Léinn Idirnáisiúnta ag ócáid fháiltithe*




*Mic Léinn Idirnáisiúnta ag ócáid fháiltithe*

Idirnáisiúnta mar threoir d'iarrachtaí uile UCD i réimsí mar earcaíocht agus cúram na mac léinn idirnáisiúnta agus deiseanna soghluaiseachta ar ardchaighdeán a sholáthar do mhic léinn agus don fhoireann. Chomh maith leis sin, beidh sé mar threoir do chur chun cinn cumais taighde idirnáisiúnta na hollscoile agus seasamh UCD a shocrú trí chomhpháirtíochtaí déthaobhacha agus iltaobhacha le hollscoileanna eile, le gníomhaireachtaí rialtais thar lear, le forais a chuireann maoiniú ar fáil, le soláthraithe scoláireachta agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha.

## CUSPÓIRÍ AMACH ANSEO

Beidh cur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach Idirnáisiúnta mar phointe fócais sa tréimhse 2006/07. Mar chuid den iarracht seo aontófar ar chur chuige cuimsitheach institiúideach maidir le margaíocht a dhéanamh ar bhonn idirnáisiúnta agus mic léinn idirnáisiúnta a earcú, chomh maith le cur i bhfeidhm raon tionscnamh a thabharfaidh tús áite do UCD i measc ollscoileanna eile na tíre, ó thaobh taighde de.

Leanfar leis na hiarrachtaí cur leis an bhfáil atá ar dheiseanna soghluaiseachta idirnáisiúnta do mhic léinn agus don fhoireann, agus beidh deiseanna ann páirt a ghlacadh i raon gníomhaíochtaí Universitas 21 ag gach leibhéal den eagraíocht.

## AN TIONAD UM STAIDÉIR SÍNISE UCD



*An Dr Liming Wang, Stiúrthóir an Ionaid um Staidéir Sínise*

*Lean UCD lena pholasaí forbairt a dhéanamh ar an gcaidreamh aige leis an tSín. I mí Feabhra 2006 ceapadh an Dr Liming Wang mar Stiúrthóir ar an Ionad um Staidéar Sínise in UCD. An aidhm atá ag an Ionad ná oibriú leis an rialtas, le lucht gnó agus le lucht tráchtála chun naisc a chruthú idir Éire agus an tSín. Sheol UCD clár fochéime ceithre bliana nua i Scoil Ghnó Uí Chuinn UCD. Tá idir Staidéir Ghnó agus Staidéir Sínise ar an gcéim onóracha seo. Caitheann mic léinn ar an gclár seo a dtriú bliain thar sáile in ollscoil chomhpháirteach sa tSín.*

## AN TIONAD TEAGAISC AGUS FOGHLAMA

**Tá an tIonad Teagaisc agus Foghlama ann chun barr feabhais agus nuálaíochta a chur chun cinn sa teagasc in UCD. I measc na dtosaíochtaí straitéiseacha don tréimhse faoi athbhreithniú bhí:**

- **Tacú leis an gcur i bhfeidhm ar chlár modúlaithe na hollscoile;**
- **Cuidiú leis an bhfoireann agus tacú leo i mbaint amach an chleachtais is fearr sa mheasúnacht;**
- **Tacú le forbairt curaclaim agus múinteoireachta;**
- **Leathnú amach ar an úsáid a bhaineann an tIonad as múnla mar a ndéanann piaraí breathnú ar an teagasc chun gur féidir feabhas leanúnach a chur ar chaighdeáin.**



### DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

Bhí páirt lárnach ag an Ionad i gcur i bhfeidhm an mhodúlaithe, ceardlanna a reáchtáil ar an gcuraclam modúlaithe nua agus treoir a cheapadh maidir leis na cleachtais is fearr sa teagasc agus san fhoghlaim.

Bhí an tIonad gníomhach, ach go háirithe, sna réimsí seo a leanas: measúnacht, cleachtais nuálaíocha mheasúnachta a cheapadh agus sraith ceardlann ar an gcleachtas is fearr i measúnacht mhodúlach a reáchtáil. Chomh maith leis sin, d'oibrigh sé i gcomhar le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, chun tabhairt faoi thaighde ar mheasúnacht ríomhchuidithe.

Díríodh freisin ar fhoghlaim fhadhb-bhunaithe. Chomh maith le bainistiú a dhéanamh ar cheapadh agus ar chur i láthair na saincheardlann, reáchtáil an tIonad an chéad lá oiliúna náisiúnta ar an ábhar seo.

Ghlac tríocha ball foirne acadúil páirt sa phróiseas piara-bhreathnaithe agus chuir dhá Scoil tús le próiseas mar ar chuir siad a leaganacha féin den scéim seo i bhfeidhm.

Chomh maith leis sin, rinne an fhoireann comhordú ar chlár náisiúnta nua chun go gcruthófaí acmhainní foghlama in-athúsáidte i réimsí na tréidliachta agus na heolaíochta bith-chomhshaoil. Bhí páirt acu chomh maith i mbunú pobal náisiúnta ar an ábhar seo.

### CUSPÓIRÍ AMACH ANSEO

As seo amach, tá sé mar aidhm ag an Ionad cur leis an stádas atá aige ar bhonn idirnáisiúnta. Beifear ag díriú, ar na nithe seo a leanas:

- An fhoireann a chur ar an eolas faoi thorthaí an taighde is déanaí maidir le teagasc agus foghlaim in UCD trí cheardlanna a reáchtáil ar an gcleachtas is fearr agus cás-staidéir a scaipeadh;
- Leathnú amach a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann an tIonad as múinteoireacht piara-bhreathnaithe mar áis chun feabhas a chur ar chaighdeáin ar bhonn leanúnach;
- Leathnú amach agus forbairt a dhéanamh ar chláir le haghaidh mic léinn iarchéime a bhfuil freagracht teagaisc orthu;
- Cuidiú le cur ar bun pobal scoláirí Éireannacha le teagasc agus foghlaim tríú leibhéal trí mheán EDIN (Educational Developers in Ireland Network);
- Teacht ar bhealaí éifeachtacha nua chun feabhas sa teagasc a thaifead agus a spreagadh - rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre san áireamh mar a ndéanfaí teagasc a mheas.

# 3

# I dTreo Ollscoil Diantaighde

Tá taighde mar bhunchuid d'obair na hollscoile. Ní mór do UCD sainaitheantas ar leith a bhaint amach sa timpeallacht iomaíoch ina mbíonn sé ag feidhmiú le cláir oideachais chruthaitheacha, le barr feabhais sa teagasc, maille le díograis i leith an phróisis fionnachtana, an taighde agus na nuálaíochta.

Is é an taighde a spreagann agus a ghníomhaíonn nuálaíocht agus spiorad na fionnachtana agus is é is bun le geilleagar eolasbhunaithe na hÉireann. Tá sé d'aidhm ag UCD ionad a bhaint amach dó féin mar phríomhollscoil diantaighde ina mbíonn an tiomantacht do thóir na faisnéise agus spiorad na fiosrachta de shíor á cruthú agus á cothú. Ní hamháin sin, ach is institiúid é ina spreagann an diantaighde agus an tiomantacht léannta an teagasc agus an fhoghlaim, agus a mhúsclaíonn suim na mac léinn.

Braitheann na deontais taighde agus an teacht isteach airgid go mór ar dhea-chlú na hinstitiúide. Leanann UCD de na forbairtí cuí chun na taighdeoirí is cumasaí a mhealladh, rud a chruthaíonn timpeallacht a spreagann an nuálaíocht agus an barr feabhais i measc taighdeoirí den scoth.

Is mar ollscoil diantaighde a chuireann UCD deiseanna foghlama fochéime agus iarchéime ar fáil - cláir atá bunaithe ar ardchaighdeán taighde agus ar na modhanna múinte agus foghlama is fearr.

*Oíche Naomh Eoin: Ba í Noreen Barron, a bhíodh ag freastal ar Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta, a chruthaigh an íomhá seo agus a bhuaigh an chéad duais sa chomórtas Images of Research UCD*




**Maoiniú Taighde**

**Scéimeanna Inmheánacha chun Tacú le Taighde**
- Mórthograí Straitéiseacha
- Scéim Maoinithe Grádaithe
- Comhaltachtaí Taighde an Uachtaráin
- Focus on Research

**Dámhachtainí Taighde**
- Gradaim PICA (Principal Investigator Career Advancement Awards)
- Gradaim PIYRA (President of Ireland Young Researcher Awards)
- Gradaim Walton Visitor
- Comórtas Images of Research
- Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta - mórmhaoiniú

**An Ceathrú Leibhéal l**

**Tionscnaimh Taighde**
- Institiúid Mhic Chon Mí UCD
- An tIonad um Shintéis agus um Bhitheolaíocht Cheimiceach (CSCB)
- Ionad Leighis Mhóilínigh Bhaile Átha Cliath (DMMC)
- Institiúid Uí Ghadhra UCD
- Institiúid Dhaonnachtaí Éireann UCD
- Institiúid Uirbeach Éireann UCD
- Institiúid Mhichíl Uí Chléirigh UCD

**Aistriú Nuálaíochta agus Teicneolaíochta - NovaUCD**


Déanann UCD a lándícheall eolas a chur chun cinn trí mheán an taighde cheannródaíoch i dtimpeallacht a mheallann na taighdeoirí is fearr ar domhan sna disciplíní ar fad. Tá UCD i mbun comhpháirtíocht a chruthú le hinstitiúidí acadúla, le heagraíochtaí tráchtála, le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus leis an rialtas ionas go mbeidh sé de mhuinín ag comhlachtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach infheistiú i dtionscnaimh de chuid UCD.

Faoi stiúir an Ollaimh Michael Ryan, atá ina Dhéan ar Staidéir Dhochtúireachta agus ar Oiliúint Iardhochtúireachta, chuir UCD cúig Scoil Iarchéimithe ar bun. Tá UCD chun tosaigh ar bhonn náisiúnta anois ó thaobh oideachas iarchéime ceathrú leibhéal de. Is fianaise é cur ar bun na scoileanna seo ar an bhfás agus ar an bhforbairt atá ag teacht ar an oideachas ceathrú leibhéal in UCD. Faoi láthair tá os cionn 5,000 mac léinn cláraithe don staidéar iarchéime in UCD - sin os cionn 20% de mhic léinn uile na tíre.

Tá dlúthbhaint ag Scoileanna Iarchéimithe UCD le hinstitiúidí taighde agus rachaidh siad i mbun cláir chomhoibritheacha le hearnálacha éagsúla agus le príomhollscoileanna ar fud an domhain. Táthar ag cur i bhfeidhm scéim san oiliúint iardhochtúireachta agus san fhorbairt gairme i gcomhar le Scoileanna Iarchéimithe UCD agus leis na hinstitiúidí taighde.

## FOILSEACHÁIN TAIGHDE

Is féidir teacht ar shonraí maidir le foilseacháin taighde ag www.ucd.ie/research/publications

## MAOINIÚ TAIGHDE

**D'éirigh le UCD an maoiniú a fhaigheann sé a mhéadú go suntasach - is é sin líon níos mó conarthaí agus luach na gconarthaí sin imithe i méid. In 2005/06 (Deireadh Fómhair go Meán Fómhair), bronnadh 664 conradh ar UCD dar luach €82.9 milliún. Is ionann sin agus méadú aon trian ar an mbliain roimh ré. Faoi láthair tá an leibhéal tograí ag 1,245 - sin dhá oiread an méid a bhí ann dhá bhliain ó shin (féach Táblaí 1 agus 2).**

Chomh maith leis an ngnáthghníomhaíocht deontais, tá cúpla mórthionscnamh idir lámha. Ar na tionscnaimh sin tá:

- An Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus um Thraenáil Bithphróiseála (NIBRT): is ionann an dámhachtain iomlán ón IDA agus €72 milliún agus bhí feidhm leis an gcomhaontú maoinithe i mí an Mheithimh 2006. Seo comhaontú a chuireann maoiniú ar fáil d'obair thógála atá idir lámha ar champas Belfield. Táthar ag súil é a bheith i gcrích in 2008.
- An tIonad Náisiúnta um Thaighde Digiteach: cheadaigh an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha togra (dar luach €25 milliún) ar chuir UCD isteach air lena chomhpháirtithe TCD, DCU, NCAD agus IADT Dún Laoghaire in 2006.
- Fuair UCD beagnach €1 milliún ó Servier Laboratories chun Ollúnacht a chur ar bun i gCógaiseolaíocht Mhóilíneach chun clár nua a thosú i dtaighde cliniciúil cardashoithíoch.

Seo an dara bliain do bhronnadh na dámhachtana de chuid SFI (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) ar a dtugtar President of Ireland Young Researcher Award (PIYRA). Tugadh aitheantas do bheirt thaighdeoirí de chuid UCD in 2005, agus dá bhrí sin tá UCD ar an institiúid leis an líon is mó dámhachtainí PIYRA go dtí seo. Tugann na dámhachtainí seo suas le €1 milliún do thaighdeoirí chun a bhfoireann féin a chur le chéile taobh istigh de chúig bliana i ndiaidh dóibh PhD a bhaint amach. An aidhm atá leis ná lámh chúnta a thabhairt do thaighdeoirí cumasacha óga agus iad ar thóir aitheantas idirnáisiúnta mar thaighdeoirí. Léiríonn an rath seo ar an ollscoil dúthracht na dtaighdeoirí sinsearacha in UCD, a d'aithin an mianach i mic léinn áirithe, a roghnaigh gearrliosta agus a thacaigh leo agus iad ag gabháil tríd an bpróiseas.

### TÁBLA 1 - DÁMHACHTAINÍ TAIGHDE

| Bliain (D. Fómhair go M. Fómhair) | Luach Iomlán na gConarthaí a síníodh Costais Indíreacha san áireamh (€ milliún) | Móriomlán na gCostas Indíreach (€ milliún) | Líon iomlán na gConarthaí a bronnadh (€ milliún) | Líon na n-iarratas |
|---|---|---|---|---|
| 2002/03 | 45.8 | 4.5 | 384 | 584 |
| 2003/04 | 49.8 | 5.6 | 405 | 685 |
| 2004/05 | 62.5 | 8.1 | 495 | 1,074 |
| 2005/06 | 82.9 | 11.8 | 664 | 1,245 |

### TÁBLA 2 - FOINSÍ MAOINITHE

| Foinse Maoinithe | Líon na gConarthaí a Bronnadh | Iomlán (€ milliún) |
|---|---|---|
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) | 110 | 22.8 |
| An Roinn Talmhaíochta agus Bia | 39 | 11.2 |
| An Coimisiún Eorpach | 36 | 8.6 |
| An Bord um Thaighde Sláinte | 37 | 8.1 |
| Fiontraíocht Éireann | 55 | 6.7 |
| IRCSET (Irish Research Council for Science, Engineering and Technology) | 86 | 5.2 |
| IRCHSS (Irish Research Council for the Humanities and Social Sciences) | 22 | 1.6 |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) | 24 | 4.3 |
| Eile | 294 | 14.4 |

## SCÉIMEANNA INMHEÁNACHA UCD CHUN TACÚ LE TAIGHDE



**Taobh istigh de thréimhse na tuarascála, ba é €2.4 milliún an méid iomlán a bronnadh ar bhaill foirne UCD le go bhféadfaidís dul i mbun taighde ar raon leathan scéimeanna inmheánacha. Cuireann an raon leathan scéimeanna tacaíocht ar fáil do thaighdeoirí, is cuma cibé staid dá ngairmréim - idir thacaíocht phraiticiúil le haghaidh tionscadail taighde is smaointe dúshlánacha uaillmhianacha. I measc na scéimeanna sin tá an Scéim Mórthograí Straitéiseacha, an Scéim Maoinithe Grádaithe agus Comhaltachtaí Taighde an Uachtaráin.**

### AN SCÉIM MÓRTHOGRAÍ STRAITÉISEACHA

Ceann de na haidhmeanna straitéiseacha atá ag UCD ná taighde idirdhisciplíneach agus cláir thraschampais a spreagadh, rud a chuirfidh ar chumas UCD a bheith san iomaíocht do dheiseanna teacht ar mhaoiniú suntasach. Seo dara bliain na Scéime Mórthograí Straitéiseacha. Faoin scéim seo cuirtear fáilte roimh mhórthograí straitéiseacha a bhfuil d'acmhainn acu os cionn €10 milliún a mhealladh ó thaobh maoinithe de. Cuireadh maoiniú ar fáil faoin Scéim seo i mbliana chun cuidiú leis an Liberty Group maoiniú a dhéanamh ar staidéar féidearthachta don NDRC - an tIonad Náisiúnta um Thaighde Digiteach. Is ionad ceannródaíoch é an NDRC i réimse na dteicneolaíochtaí bogearraí agus na meán digiteach in Éirinn. Díríonn obair an ionaid go háirithe ar thaighde aistritheach, chun dul i ngleic leis an mbearna atá ann idir taighde ollscoile agus tráchtálú. Déileálfaidh an tIonad go príomha leis na meáin dhigiteacha sna sainréimsí seo a leanas: sláinte, oideachas, an comhshaol agus siamsaíocht. An aidhm lárnach ag NDRC ná maoin intleachtúil, ceadúnais agus gnóthaí nuabhunaithe, atá inmharthana, a fhorbairt.




### SCÉIM MAOINITHE GRÁDAITHE

Seo dara bliain na Scéime Maoinithe Grádaithe UCD, agus faoin scéim seo cuirtear deiseanna maoinithe inmheánacha ar fáil do thaighdeoirí. An aidhm atá leis an Scéim ná maoiniú tosaigh a chur ar fáil do thaighdeoirí ag gach céim dá ngairmréim, chun go bhfíorófaí smaointe nua - ó leibhéal an choincheapa go leibhéal an tionscadail taighde inmharthana. Tacaítear go háirithe le tionscadail ar féidir leo dul san iomaíocht do thacaíocht sheachtrach eile chomh maith.

Sa chéad bhabhta den Scéim le haghaidh 2006, chuir 310 taighdeoir iarratas isteach, agus fuair 45% díobh maoiniú (Féach Tábla 3). Tháinig méadú ar an méid iomlán a chuirtear ar fáil faoin Scéim seo ó €465,000 in 2005, go €1.2m (don bhliain 2006). Is fianaise é an rath a bhí ar bhabhta na bliana seo den Scéim ar an méadú suntasach atá tagtha ar líon na dtaighdeoirí a chuireann isteach ar thacaíocht tionscadail inmheánach agus an maoiniú atá ar fáil do thionscnaimh taighde tar éis dul i méid.

### TÁBLA 3: SCÉIM MAOINITHE GRÁDAITHE 2005 / 2006

| Clár | Líon na nDámhachtainí | Méid Ceadaithe € |
|---|---|---|
| Maoiniú Idirdhisciplíneach (2005 amháin) | 6 | 46,000 |
| Comhoibriú Idirnáisiúnta (2005 amháin) | 10 | 39,000 |
| Réamhthaighde maidir leis an Todhchaí | 32 | 255,377 |
| Dáileadh/Scaipeadh agus Aschuir | 56 | 109,537 |
| Fiontraíocht agus Tráchtálú | 4 | 27,606 |
| Dámhachtain le haghaidh Trealaimh (2006 amháin) | 24 | 328,597 |
| Comhoibriú Inmheánach agus Seachtrach (2006 amháin) | 37 | 386,589 |
| IOMLÁN | 169 | 1,192,706 |

### COMHALTACHTAÍ TAIGHDE AN UACHTARÁIN

Tá Comhaltachtaí Taighde an Uachtaráin ann le haghaidh baill foirne ar mhian leo sos gairme a ghlacadh chun tabhairt faoi thaighde, de ghnáth taighde lasmuigh d'Éirinn, agus ar an gcaoi seo tacaítear le straitéis na hollscoile chomh maith. Bronnadh beagnach €345,000 ar seacht n-iarratasóir sa tréimhse 2005 go 2006 (Féach Tábla 4).

### TABLE 4 - COMHALTACHTAÍ AN UACHTARÁIN

| Taighdeoir Ainm Iomlán | Scoil | Coláiste | Teideal an Tionscadail | Méid na Dámhachtana |
|---|---|---|---|---|
| An tOllamh Thomas Brazil | Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla | Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla | Broadband, Nonlinear Modelling and Simulation of Wireless Systems | €50,011 |
| An Dr Judith Devlin | Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta | Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh | The Stalin Cult: Propaganda and Power in 20th Century Russia | €50,011 |
| An Dr Peter Duffy | Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice | Coláiste na hInnealtóireachta na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla | The Plasma Astrophysics of Relativistic Jets | €46,011 |
| An Dr William Gallagher | Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis/ Institiúid Mhic Chon Mí | Coláiste na nEolaíochtaí Beatha/ Institiúid Mhic Chon Mí | Breast Cancer Metastasis: Biomarkers and Functional Mediators | €50,011 |
| An Dr Fran O'Rourke | Scoil na Fealsúnachta | Coláiste na nEolaíochtaí Daonna | Influence of Aristotle and Aquinas on James Joyce | €50,011 |
| An Dr Anthony Roche | Scoil an Bhéarla agus na Drámaíochta | Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh | Brian Friel's Irish Drama: Postnational, Postcatholic, Postcolonial | €48,311 |
| An Dr John Walsh | Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta | Coláiste na hInnealtóireachta na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla | Earthquake Clustering over Geological Timescales: Analysis and Modelling of Active Fault Systems from New Zealand | €50,011 |
| IOMLÁN | | | | €344,377 |

### FOCUS ON RESEARCH

Cuireadh tús le sraith seisiún a bhíonn ar siúl ag am lóin dar teideal, Focus on Research, chun deis a thabhairt don Leas-Uachtarán Taighde bualadh leis an bpobal taighde in UCD agus dul i gcomhairle leo. De ghnáth bíonn an clár oibre leathan agus bíonn líon beag daoine i láthair chun gur féidir leis an bplé ar ábhair taighde chomhspéise a bheith níos idirghníomhaí. Táthar tar éis a thabhairt faoi deara gur ardán sármhaith iad na seisiúin Focus on Research mar bhealach chun comhairliúchán éifeachtach a bheith ann agus tuiscint níos fearr a fháil ar na saincheisteanna, na hábhair imní agus na deiseanna atá ann le haghaidh taighde in UCD.

# DÁMHACHTAINÍ TAIGHDE

## Dámhachtain PICA (Principal Investigator Career Advancement) SFI

Bronntar an dámhachtain PICA ar thaighdeoirí atá lonnaithe in Éirinn agus a léiríonn barr feabhais sa réimse eolaíochta - taighdeoirí a thóg sos gairme chun tabhairt faoi chúraimí teaghlaigh nó sos gairme ar chúiseanna eile. Sa bhliain tionscnaimh, bronnadh trí cinn de na deich ndámhachtain ar thaighdeoirí de chuid UCD - An Dr Debra Laefer, Scoil na hAiltireachta, na Tírdhreacha agus na hInnealtóireachta Sibhialta: An Dr Orina Belton, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis agus an Instituúid Mhic Chon Mí agus An Dr Trudee Fair, Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta.

## Dámhachtain PIYRA (President of Ireland Young Researcher Award) SFI

I measc an chúigir ar bronnadh os cionn €4 mhilliún orthu faoin scéim seo bhí beirt thaighdeoirí ó UCD. Seoladh PIYRA in 2004, agus tugann sé aitheantas don ról atá ag taighdeoirí óga i dtaighde comhaimseartha agus cláir oideachais a fhorbairt in Éirinn. Ba é UCD an t-aon institiúid Éireannach ar bronnadh níos mó ná dámhachtain amháin uirthi an dara bliain as a chéile.

## GRADAM PIYRA – PRESIDENT OF IRELAND YOUNG RESEARCHER AWARDS

### Dr Jarlath E Nally

TEIDEAL AN TAIGHDE: ***Characterisation of the proteome and transcriptome of Leptospira during acute and chronic infection***

Bronnadh €700,000 thar thréimhse cúig bliana ar an Dr Nally, UCD Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta, chun maoiniú a dhéanamh ar an obair atá idir lámha aige i réimse an phataginis agus i réimse galair ionfhabhtaíocha.

Is galair ionfhabhtaíocha is cúis le tuairim is 25% den 57 milliún bás a tharlaíonn ar fud an domhain gach bliain (An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte). D'fhonn vacsaín éifeachtach coiscitheach agus straitéisí diagnóiseacha a sholáthar, caithfear tuiscint a fháil ar an gcaoi a gcuireann oibreáin ionfhabhtaíocha tús le galair. Is é leptospirosis an galar zónóiseach is forleithne ar fud an domhain, agus tá sé ar chumas an ghalair seo speicis ainmhithe fiáine agus ainmhithe clóis a ionfhabhtú agus daoine a ionfhabhtú chomh maith. Mar chuid den taighde a rinne an Dr Nally ar na hoibreáin is cúis le leptospirosis (galar Weil), Leptospira interrogans, tá sé tar éis straitéisí nua a mholadh chun vacsaíní sábháilte a chruthú. Tá moltaí eile ag eascairt as an taighde maidir le vacsaíní a fhorbairt i gcoinne pataiginí baictéaracha eile is cúis le galair ghéara agus ainsealacha i bpobail ar fud an domhain.



*An Dr Jarlath E Nally agus an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa*



*An Dr Scott Rikard agus an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa*

### Dr Scott Rickard

TEIDEAL AN TAIGHDE: ***Time-frequency/time-scale analysis, sparse signal representation theory, and finite field theory for signal processing applications***

Bronnadh beagnach €1 milliún thar thréimhse cúig bliana ar an Dr Rickard, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla UCD, chun maoiniú a dhéanamh ar an obair atá idir lámha aige - feidhmiú na hanailíse minicíochta ama/scála ama agus modhanna scáineacha sa phróiseáil comharthaí agus i dteoiric faisnéise.

An phríomhchuid den taighde a bhí idir lámha ag an Dr Rickard le cúpla bliain anuas ná réiteach a fháil ar 'fhadhb an tranglaim guthanna', chun gur féidir guthanna na ndaoine go léir a scaradh óna chéile i gcás tranglam glórach. I measc na bhfeidhmeanna éagsúla a d'fhéadfaí a bhaint as an réiteach a d'aimsigh sé, áit ar féidir guth deich gcainteoir a scaradh óna chéile ó mheascán steirió, tá siad seo a leanas: feabhas a chur ar áiseanna éisteachta, córais measctha dála na fuaimeanna indibhidiúla a scaradh óna chéile a bhaineann le comhlaí ag dúnadh sa chroí, comharthaí indibhidiúla gan sreang a scaradh óna chéile chun cuidiú leis an gcumarsáid ar fhóin phóca, agus comharthaí SONAR a scaradh óna cheile ó bhaoithe sonóra iolracha chun cuidiú leis an mapáil faoi uisce.

Chomh maith lena chuid oibre ar scaradh foinsí, mhol sé múnlaí nua, ina thráchtas PhD le hOllscoil Princeton don chonair chumarsáide athraitheach idir tharchuradóirí soghluaiste gan sreang agus glacadóirí gan sreang. Faoi láthair tá sé ag obair ar úsáid a bhaint as na múnlaí seo chun feabhas a chur ar iontaofacht agus ar rátaí sonraí an chórais chumarsáide shoghluaiste gan sreang. Chomh maith leis sin, tá an-spéis ag an Dr Rickard san oideachas eolaíochta, matamaitice agus innealtóireachta ag gach leibhéal, agus chomhbhunaigh sé *www.sciencewithme.com* agus chomhchruthaigh sé *www.roborugby.org*.




## Dámhachainí Walton Visitor

Bronnadh dhá dhámhachtain SFI ETS Walton Visitor ar UCD. Is é atá i gceist leis na dámhachtainí seo ná cuidiú le taighdeoirí ardcháilithe acadúla agus tionsclaíocha atá ina gcónaí lasmuigh d'Éirinn tabhairt faoi thionscadail taighde dá gcuid féin in Éirinn. Cuireadh ar bun an ETS Walton Visitors Award in onóir don bhfisiceoir Éireannach a bhuaigh duais Nobel san fhisic i 1951; an aidhm atá leis an gclár ná na naisc atá ag Éirinn a dhaingniú leis an bpobal taighde idirnáisiúnta agus cur leis an gcomhoibriú sin ionas gur féidir le hÉirinn cur lena dea-cháil mar áit ina ndéantar taighde den chéad scoth.

Tá Lynn Ten Eyck, ó Ollscoil California, San Diego, ag díriú ar an ábhar 'Modeling Protein Structural Variability', le hurraíocht ó Jens Erik Nielsen, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD, agus tá Sara Linse, ó Ollscoil Lund, An tSualainn ag iniúchadh an ábhair 'Protein interactions with nanoparticles and in cellular signalling' le hurraíocht ón Ollamh Ken Dawson, Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta.

## Comórtas Images of Research

Is é is cuspóir leis an gcomórtas Images of Research ag UCD ná na híomhánna is nuálaí agus is cruthaithí ón taighde a aimsiú ón bpobal ollscoil uile, agus seoladh é i mí an Mhárta 2006. Bhí cead ag an bpobal taighde iomlán cur isteach ar an gcomórtas seo, idir thaighdeoirí, an lucht léinn, mhic léinn iardhochtúireachta, mhic léinn iarchéime agus theicneoirí taighde. Tugadh cuireadh do gach éinne a bhí i mbun taighde in UCD íomhánna suimiúla a ghlacadar le linn a gcuid taighde a sheoladh isteach. Cuireadh os cionn 420 íomhá isteach ar an gcomórtas agus tháinig na hiontrálacha ó na Scoileanna agus na hinstitiúidí uile. Bainfear úsáid as na híomhánna ar fud na hollscoile chun feasacht a spreagadh maidir le raon an taighde atá ar bun in UCD agus chun cur leis an bpróifíl sin.

## Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD - Mórmhaoiniú

Fuarthas níos mó maoinithe ná riamh do Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD. I measc na bhfoinsí maoinithe bhí na heagraíochtaí seo a leanas: An Roinn Talmhaíochta agus Bia (FIRM agus Research Stimulus), Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Fiontraíocht Éireann, An 6ú Clár Creatlaí de chuid an AE, An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Teagasc agus cuideachtaí tráchtála. Ag teacht leis an straitéis náisiúnta cur leis an líon taighdeoirí iarchéime oilte, tá sé beartaithe ag an Scoil 60 taighdeoir ar a laghad a earcú, ag an leibhéal iarchéime agus iardhochtúireachta araon, sna réimsí téamacha seo a leanas: eolaíocht ainmhithe, bia agus sláinte, pataibhitheolíocht an ghalair, talmhaíocht inchothaithe agus léann na tréidliachta cliniciúla.




*Capall rása folaíochta ar chos in airde ar muileann coise chun feidhmíocht a mheas. Tháinig an íomhá seo ó bhuaitear PIYRA 2004, An Dr Emmeline Hill, Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta agus cuireadh an íomhá isteach ar an gcomórtas Images of Research*

## ÉACHTAÍ TAIGHDE

Bhog an *Oxford Glycan Sequencing Group* go UCD i mí Lúnasa 2006 chun cuidiú leis an institiúid nua um Thaighde agus um Thraenáil Bithphróiseaal (NIBRT) tús a chur le mórchlár taighde agus oiliúna. Ag eascairt as an gcomhoibriú seo beidh an grúpa in ann leathnú amach a dhéanamh ar a thaighde acadúil agus ar a bhonn teicneolaíochta, mar chuid den líonra glicibhitheolaíochta in Éirinn. Beidh an Dr Pauline Rudd i gceannas an ghrúpa agus beidh sí ar an gcéad Ollamh NIBRT le grúpa taighde a chur ar bun in NIBRT. Le 10 mbliana anuas tá os cionn 125 páipéar foilsithe ag an Oxford Group agus tá trí phaitinn comhdaithe aige. Mar thoradh ar an obair cheannródaíoch atá déanta acu go dtí seo cuireadh teicneolaíocht úrscothach ar fáil don anailís glicine atá in úsáid anois i roinnt mhaith saotharlann. Tá an Dr Rudd ar an gcéad duine as seachtar Príomh-Imscrúdaitheoirí a thosaigh le NIBRT, agus tá sé mar aidhm NIBRT oiliúint den chéad scoth a sholáthar d'eolaithe as gach tionscal agus ón saol acadúil.



*Maria McNamara i mbun oibre páirce in oirthuaisceart na Spáinne*

Rinne foireann taighde idirnáisiúnta, le *Maria McNamara*, Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta UCD, an chéad sampla riamh a bhaint as smior iontaisithe ó fhroganna agus ó shalamandair a bhásaigh os cionn 10 milliún bliain ó shin. Bhí tuairisc ar an bhfionnachtain nuálaíoch seo in alt a foilsíodh in Geology - the Journal of the Geological Society of America. Cuireadh síos san alt ar mar ar tharla an fhionnachtain trí thaisme nuair a bhí Maria McNamara ag scrúdú iontaisí agus í ag buanchoimeád fíochán eile - ar ámharaí an tsaoil nuair a bhí an smior á bhailiú sa phróiseas cartlainne bhris roinnt de na cnámha agus nochtadh an smior. Tá seans go bhfuil smior fós in iontaisí eile a aimsíodh, ach bheadh briseadh sa chnámh ag teastáil chun an smior a nochtadh. Caomhnaíodh an smior ársa seo, a aimsíodh sna froganna agus sna salamandair iontaisithe 10 milliún bliana d'aois, i bhfoirm thríthoiseach mar fhuíoll orgánach lena bhunuigeacht fós aige agus dath buí agus dearg air.

Is é an *Dr Muiris O'Sullivan*, Ceann Scoil na Seandálaíochta UCD, atá ina údar ar leabhar tábhachtach nua dar teideal Duma na nGiall, Tara, The Mound of Hostages. Cuirtear síos sa leabhar ar thochailt seandálaíochta ag Duma na nGiall ar Chnoc na Teamhrach, Co na Mí sna 1950í. Ba iad Seán P Ó Ríordáin agus Ruaidhrí de Valera a bhí i gceannas na tochailte agus is toradh ar chúig bliana déag taighde é an leabhar. Tá leabhar an Dr. O'Sullivan ar an gcéad tuairisc chuimsitheach ar fhionnachtana ar leith a fuarthas ó tuairim is 3500 BC.

Chomh maith leis sin, chuir *Scoil na Seandálaíochta Tuarascáil Fadbhreathnaitheachta* ar fáil dar teideal *Archaeology 2020: Repositioning Irish Archaeology in the Knowledge Society*. Thug an tuarascáil aghaidh ar an príomhcheist atá ag dó na geirbe faoi láthair i gcúrsaí seandálaíochta in Éirinn - is é sin easpa ceangail a bheith ann idir an méid mór eolais a ghintear agus príomhchuspóir na seandálaíochta - is é sin go gcuirfeadh an t-eolas sin níos mó tuisceana ar fáil faoin am atá thart. Bunaíodh roinnt mhaith den tuarascáil ar phlé a bhí ann i rith fóraim a reáchtáladh do chinnteoirí agus seo a leanas na daoine a d'ullmhaigh an tuarascáil féin: An tOllamh Gabriel Cooney, An Dr Muiris O'Sullivan agus an Dr Liam Downey, Comhalta Taighde Oinigh

D'fhostaigh Institiúid Mhichíl Uí Chléirigh an *Dr Malgorzata D'Aughton* in 2004 chun catalóg uileghabhálach a thiomsú de dhéantáin, go háirithe cailísí agus ábhair liotúirgeacha eile, a bhain leis na Proinsiasaigh in Éirinn. An misean a bhí aici ná grianghraif a thógáil d'ábhar ar marthain ó roimh 1829 agus na hábhair sin a chur i gcatalóg. Bunaithe ar shuirbhé an Dr D'Aughton chuir an Institiúid isteach ar mhaoiniú de €220,000 ón IRCHSS chun tógáil ar thorthaí saibhre a taighde. I mí na Nollag 2005 fuair an institiúid an maoiniú sin chun clár dhá bhliain a chur i bhfeidhm mar a ndéanfaí ábhar a aimsiú a bhain le hoird manach agus mná rialta déirce in Éirinn, grianghraf a ghlacadh den

ábhar sin agus é a chatalógú. Tá an Dr D'Aughton agus an Dr Colmán Ó Clabaigh OBS ag obair leis an Dr John McCafferty (UCD) agus le Raghnall Ó Floinn coimeádaí seaniarsmaí, Ard-Mhúsaem na hÉireann, ar an tionscadal reatha. Léiríonn réamhthorthaí go raibh miotalóireacht shofaisticiúil shonrach in úsáid i gceardlanna na bpátrún Caitliceach saibhir sa chéad leath den seachtú haois déag. Ar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo tá bunachar sonraí inchuardaithe, foilseacháin agus comhdhálacha a chuirfidh go mór leis an spéis atá á léiriú ag daoine i bhfíschultúr Éire na meánaoise agus na nua-aoise luaithe.

D'imigh an *tOllamh James Heckman*, Ollscoil Chicago agus buaiteoir Duais Nobel san Eacnamaíocht (2000) i mbun a phoist nua mar Ollamh le hEolaíocht agus an tSochaí i mí an Mheithimh 2006. Tá spéis ar leith ag an Ollamh Heckman i gcúrsaí a bhaineann leis na buntáistí eacnamaíochta a bhaineann le hinfheistiú i bhfolláine an linbh ag aois óg. Léiríonn a chuid taighde go bhfuil tionchar díreach ag timpeallacht an linbh ag aois óg ar an rath a bhíonn ar an leanbh sin go heacnamaíoch, níos déanaí sa saol mar dhuine fásta. Is fianaise an-láidir dhianthástáilte incháinníochtaithe í obair an Ollaimh Heckman a bheidh mar bhunús maith d'fhorbairt polasaí agus cuideoidh a cheapachán an taighde idir Institiúid Uí Ghadhra agus Institiúid Mhic Chon Mí a chomhcheangal le chéile. Is cúis mhór áthais an ceapachán seo do UCD mar go gcuidíonn sé taighde eolaíochta a shuí i gcomhthéacs shochaí na linne.


Tá an *Dr Gareth Dyke*, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD, i gceannas grúpa taighdeoirí idirnáisiúnta agus foireann idirnáisiúnta atá i mbun léasair a úsáid i gceantar iargúlta sa Chasacstáin ag lorg iontaisí dineasáir. Tá saineolaithe ón gCasacstáin agus ó Éirinn ag obair i dteannta a chéile ar an taighde agus tá úsáid á bhaint as teicneolaíocht a cheap Intune Technologies, cuideachta Éireannach a bhunaigh iarchéimithe innealtóireachta de chuid UCD. Táthar ag baint úsáide as teicneolaíocht léasair agus as anailís íomhá chun suirbhé a dhéanamh ar charraigeacha atá 90 milliún bliain d'aois - agus é seo go léir ag súil le teacht ar speiceas nua dineasáir. Tá an Dr Dyke i mbun obair allamuigh sa Chasacstáin le ceithre bliana anuas agus d'aimsigh sé speiceas nua dineasáir cheana féin a bhí caomhnaithe go maith.

D'éirigh leis an *Dr Kevin O'Connor* agus a fhoireann taighde ó Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD, i gcomhar leis an Ionad um Shintéis agus um Bhitheolaíocht Cheimiceach (CSCB) cúrphlaisteach polaistiréin atá díobhálach don chomhshaol a thiontú ina phlaisteach ath-inúsáidte in-bhith-dhíghrádaithe. Tá cur síos i bpáipéar a d'fhoilsigh an American Chemical Society Journal dar teideal Environmental Science and Technology ar an gcaoi a gcuidíonn meascán de cheimic agus de mhiocróib leis an tiontú seo titim amach. Baintear úsáid as teicníc ar a dtugtar pirealú mar a n-úsáidtear teas i bhfolús chun an plaisteach a bhriseadh suas chun amhola pirealaithe a chruthú. Tugtar an t-ola seo do bhaictéar - a itheann an t-ola agus a thiontaíonn é ina phlaisteach in-bhith-dhíghrádaithe teasdíonach. Is féidir úsáid a bhaint as an bplaisteach seo chun buidéil phlaisteacha agus comhpháirteanna máinliachta a dhéanamh. Ní hamháin go bhfuil an tiontú seo a dhéantar ar pholaistiréin ina phlaisteach in-bhith-dhíghrádaithe go maith don chomhshaol, ach is féidir é a chur ar an gcarn muirín, agus dá bhrí sin cuidiú leis an timthriall carbóin. Faoi láthair tá foireann an Dr O'Connor ag díriú ar iarracht an méid plaistigh PHA a ghintear sa phróiseas a mhéadú.



*An Dr Gareth Dyke agus Dmitry Malakahov, Institiúid Geolaíochta na Casacstáine agus iad ag tochailt na hiontaise a aimsíodh den speiceas nua dineasáir theropod. Tá staidéar sa bhreis á dhéanamh ar an iontaise i mBaile Átha Cliath sula seoltar ar ais é chun na Casacstáine.*

*D'fhoilsigh an Dr Hans-Benjamin páipéar in Nature Physics mar gheall ar luaineachtaí candaim as a n-eascraíon ciriúlacht in ábhar guairneach.*



D'fhoilsigh an *Dr Hans-Benjamin* Braun, Scoil na Fisice UCD, agus a fhoireann taighde alt in Nature Physics bunaithe ar thorthaí a léiríonn go bhfuil ciriúlacht le fáil i ndamhna candamach. Bhí an cheist seo - is é sin a chaoi a mbíonn ciriúlacht ar fáil i ndamhna, ag dó na geirbe i measc eolaithe chomh fada siar le Pasteur nuair a d'aimsigh seisean móilíní ciriúla. In eagarfhocal a bhí ag gabháil leis an alt cuireadh síos ar an tábhacht ar leith a bhain le torthaí an taighde. D'aimsigh an Dr Braun agus a fhoireann córas a léiríonn ciriúlacht i maighnéad candamach. Baineadh feidhm as idir theoiric is thurgnaimh scaipthe neodróin ag an bhfoinse neodróin is cumhachtaí ar domhan in Grenoble (An Fhrainc), tháinig na taighdeoirí ar shamhailchóras a chuir ar gcumas fianaise thurgnamach a fháil maidir leis an gcaoi a dtagann ciriúlacht chun cinn i maighnéad candamach. Beidh torthaí an taighde seo mar chuidiú tuiscint a fháil ar chórais dhúrúnda chasta a bhaineann le damhna candamacha - ar cheann de na córais sin tá sársheoltóirí teochta trasdula agus tá impleachtaí aige don fhorbairt a dhéanfar ar ríomhaireacht chandamach agus rothlaithreonaic nó 'spintronics'.

Bronnadh Gradam Feabhsúcháin Straitéisigh Wellcome Trust dar luach €400,000 ar an *Ollamh Mary Daly*, Ceann Choláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh, chun dul i mbun staidéir ar chúrsaí leighis in Éirinn. A bhuíochas leis an ngradam beifear ábalta tabhairt faoi stair an leighis a fhorbairt agus cur lena phróifíl mar ábhar taighde. Reáchtálfar an staidéar i gcomhar leis an Ollamh Greta Jones in Ollscoil Uladh chun gné trasteorann uile-Éireann a thabhairt don taighde. Díreoidh an buntaighde ar an naoú agus an fichiú haois, ag díriú ar chleachtóirí agus ar chleachtais leighis le tionscadail bhainteacha sna réimsí seo a leanas: sláinte leanaí, breithrialiú agus sláinte máithreachais. Díreoidh an taighde ar mionscrúdú a dhéanamh ar eagrú agus ar fhorbairt na ngairmeacha leighis, an todhchaí atá i ndán do chleachtais leighis mhalartaigh agus an chaoi ar cuireadh cúram sláinte ar fáil ón ochtú haois déag chuig an fichiú haois. Déanfar staidéar freisin ar na héagsúlachtaí idir cúrsaí ó Thuaidh agus ó Dheas agus an tionchar a bhí ag coinníollacha maireachtála in Éirinn ar fhorbairt an leighis.

Bhuaigh an *ANRG (Applied Neurotherapeutics Research Group)* - atá mar chuid d'Institiúid Mhic Chon Mí UCD, an chéad áit don Comhpháirtíocht Chomhaontais is Fearr le Wyeth Research ag na International Scrip Awards, toisc an obair a rinne siad i gcomhar lena chéile ar chóir leighis le haghaidh galair intinne. Is é atá sa chomhghrúpa ANRG ná foireann eolaithe ardoilte atá ag obair ar thaighde chun drugaí nua a chur ar fáil don chóireáil ar ghalar intinne. Déanann SFI agus Wyeth Research €10 milliún de mhaoiniú a sholáthar don ghrúpa taighdeoirí seo. Déanann an tOllamh Ciaran Regan comhordú ar an ngrúpa idirdhisciplíneach agus tacaíonn Wyeth Discovery leis an ngrúpa chomh maith. Seo sampla maith den chomhoibriú idir an lucht acadúil agus tionscail na hÉireann agus tá sé ag cur le dea-cháil na hÉireann mar shochaí atá eolaíocht-bhunaithe agus mar áit mhaith le hinfheistiú sa bhiteicneolaíocht.

# 4Ú LEIBHÉAL UCD - SCOILEANNA NA NIARCHÉIMITHE

**Is é UCD an ollscoil leis an líon is mó mac léinn iarchéime in Éirinn. In 2005/2006, b'ionann an daonra mac léinn iarchéime agus os cionn 20% den daonra mac léinn iomlán sa tír. Gan na cláir iarchéime múinte a bheith san áireamh, is ionann daonra na mac léinn atá i mbun PhD agus cláir thaighde mháistreachta agus sciar shuntasach den daonra agus é ag 32%.**

Ceann de na spriocanna atá luaite i bplean straitéiseach UCD ná go mbeadh sé chun tosaigh san Eoraip maidir le soláthar oideachais iarchéime. Ní mór do UCD an sprioc sé a bhaint amach má tá sé chun cur lena stádas mar ollscoil diantiaghde, má tá sé chun cur le fuinneamh a phobail acadúil agus le rath na hÉireann mar shochaí eolas-bhunaithe.


## DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

Chonacthas dul chun cinn maith in 2005/2006 in UCD maidir le cúrsaí oideachais ceathrú leibhéal (iarchéime). Rinneadh Oifig an Léinn Iarchéime a atheagrú faoi stiúir Dhéan an Léinn Dochtúireachta agus na hOiliúna Iardhochtúireachta - An tOllamh Michael P. Ryan. Bunaíodh cúig cinn de Scoileanna Iarchéimithe agus ceapadh Stiúrthóirí eatramhacha:

- Scoil Iarchéimithe na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD  - An tOllamh Gabriel Cooney
- Scoil Iarchéimithe Gnó agus Dlí UCD - An tOllamh John Geary (Stiúrthóir ar Staidéar Dochtúireachta)
- Scoil Iarchéimithe na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla UCD - An tOllamh Julie Berndsen
- Scoil Iarchéimithe na nEolaíochtaí Daonna UCD - An tOllamh Ben Tonra
- Scoil Iarchéimithe na nEolaíochtaí Beatha UCD - An tOllamh Alan Baird.

Chuathas i mbun pleanáil shonrach agus leagan amach i rith na bliana maidir le cúrsaí oideachais na gcéimithe in UCD. Ag eascairt as an obair sin, ceapadh struchtúir nua don rialachas agus rialacháin nua PhD agus cuireadh iad seo faoi bhráid na Comhairle Acadúla.

Is fianaise na cúig scoil nua Iarchéimithe a bunaíodh in UCD ar an bhfás agus ar an gcaighdeánú atá á dhéanamh ar oideachas ceathrú leibhéal in UCD. Tá dlúthbhaint acu le hInstitiúidí Taighde UCD agus rachaidh siad i mbun cláir agus socruithe comhoibritheacha le hollscoileanna tábhachtacha eile ar fud an domhain. An príomhchuspóir straitéiseach atá ag Scoileanna Iarchéimithe UCD ná máistreacht taighde a chur ar bun in UCD agus cur leis an dea-cháil atá ar na scoileanna céimithe agus ar an oiliúint a chuirtear ar thaighdeoirí atá idir lámha cheana féin in UCD.



*Thóg John Browne an íomhá seo de pheiricít reitineach. Tá John ina mhac léinn dochtúireachta i Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis, agus Institiúid Mhic Chon Mí UCD.*

Seo a leanas na treoirphrionsabail atá mar bhonn is mar thaca ag fís na Scoileanna Iarchéimithe.

### Éachtaí Suntasacha

Cuireadh Scoláireachtaí Taighde Ad Astra UCD ar bun chun cur leis an maoiniú atá ar fáil do chéimithe. Bhí caighdeán na n-iarratas a cuireadh isteach ar na Scoláireachtaí an-ard ar fad agus bronnadh os cionn 100 Ad Astra.


Tugann Ollscoil Pennsylvania (UPenn) tús áite do chéimithe PhD de chuid UCD agus do chomhaltaí iardhochtúireachta de chuid UCD anois mar go bhfuil clár píolótach ar bun acu chun comhaltaí iardhochtúireachta a earcú ó ollscoileanna tábhachtacha eile.

Faoi láthair tá os cionn 800 comhalta iardhochtúireachta in UPenn, agus as an méid sin is mic léinn idirnáisiúnta iad 500 díobh.  Is é UCD an t-aon ollscoil Éireannach ar chlár UPenn, agus é i measc institiúidí tábhachtacha eile dála Oxford University, Ollscoil Leiden agus Ollscoil Tokyo.

## CUSPÓIR AMACH ANSEO

Tá mórphlean á cheapadh i láthair na huaire chun idirnáisiúnú níos mó a dhéanamh ar oideachas na gcéimithe in UCD. Tá pleananna idir lámha chun feabhas a chur ar scoláireachtaí malartacha idir UCD agus an tSín. Chomh maith leis sin, tá sé beartaithe ag UCD cláir mhalartacha céime a bhunú i gcomhar le Universitas 21 agus le Groupe Maastricht.  Táthar i mbun socruithe freisin chun cláir céime mhalartacha a bhunú le roinnt ollscoileanna tábhachtacha sna Stáit Aontaithe.

## INSTITIÚIDÍ TAIGHDE UCD



*Drop of Life: Íomhá a chruthaigh Xiaoziao Chen, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis don chomórtas Images of Research*

**Tá seacht n-institiúid taighde ag UCD ina bhfuil áiseanna agus ardáin teicneolaíochta úrscothacha maille le mais chriticiúil de thaighdeoirí agus de lucht acadúil.**

Ina measc tá Institiúid Mhic Chon Mí UCD, an príomhionad taighde bithleighis in Éirinn. Cuireann an institiúid seo ardán don leigheas aistritheach ar fáil - is é sin ón tsaotharlann chuig an othar. D'éirigh le hInsitiúid Mhic Con Mí, UCD - an príomhionad um thaighde bithleighis in Éirinn - os cionn €30m a bhailiú in ioncam piara-athbhreithnithe i rith na bliana.

Is é atá san Ionad um Shintéis agus um Bhitheolaíocht Cheimiceach (CSCB) ná comhoibriú idir na dáimh eolaíochtaí ceimiceacha in UCD, TCD agus an RCSI. Cuireann Institiúid Uí Ghadhra UCD na heolaíochtaí sóisialta chun cinn trí úsáid a bhaint as modhanna taighde ceannródaíocha agus trí dhlúthchaidreamh a bheith acu le lucht déanta beartais; le bliain anuas tá os cionn €2.2m bailithe aige mar mhaoiniú taighde seachtrach ó mhórfhoinsí piara-athbhreithnithe agus ó dheontais phríobháideacha.

Is é atá in Ionad Leighis Mhóilínigh Bhaile Átha Cliath ná comhpháirtíocht chomhoibritheach sna heolaíochtaí bithleighis. Tá sraith clár taighde idirdhisciplíneach á chur i bhfeidhm ag Institiúid Dhaonnachtaí Bhaile Átha Cliath. Tá Institiúid Uirbeach Éireann ina mórinstitiúid Eorpach d'fhorbairt teicneolaíochtaí, polasaithe agus smaointe chun feabhas a chur ar an timpeallacht oibre agus mhaireachtála.

In Institiúid Mhichíl Uí Chléirigh táthar ag leanúint leis an stair Éireannach a chuir Proinsiasaigh na hÉireann ar bun.




*Cuid de chlár taighde Malgorzata D'Aughton - cailís Éireannach ón seachtú haois déag - de bhunús na Mumhan*

## INSITIÚID MHIC CHON MÍ UM THAIGHDE BITHMHÓILÍNIGH AGUS BITHLEIGHIS UCD

**Faoi láthair tá 138 taighdeoir ag obair le hInstitiúid Mhic Chon Mí um Thaighde Bithmhóilínigh agus Bithleighis. San iomlán tá 600 duine sa phobal taighde seo - meascán de 320 mac léinn iarchéime agus 150 comhalta iardhochtúireachta.**


San iomlán bronnadh €30.2 milliún ar thaighdeoirí Institiúid Mhic Chon Mí i rith na bliana - mar dheontas piara-athbhreithnithe. Maidir le haistriú teicneolaíochta, rinne taighdeoirí na hInstidiúide naoi bhfionnachtain a nochtadh, chuir siad isteach ar cheithre phaitinn agus thaisc siad comhaontas ceadúnaithe amháin. Ina theannta sin, amhail Lúnasa 2006, bhí 59 tráchtas PhD agus 23 tráchtas Máistreachta curtha isteach ag mic léinn iarchéime a bhfuil baint acu le taighdeoirí Mhic Chon Mí.

Seo a leanas na Cuspóirí Straitéiseacha:

- 'Ionad Feabhais' sna bitheolaíochtaí a bhunú ag UCD faoi cheann 10 mbliana atá ar an gcaighdeán is fearr ar domhan agus an rath ar obair an ionaid sin a mheas bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta i ndáil le torthaí;
- na nithe seo a leanas a sholáthar: rialachas éifeachtach, struchtúir bhainistíochta agus chomhairleacha chun feidhmiú mar bhonn is mar thaca ag an bhfeabhas eolaíochta, taighde comhoibritheach, na disciplíní a nascadh lena chéile, maoin intleachtúil a chosaint agus na fionnachtana a bhrostú isteach sa bhitionsal
- ceannaireacht a chur ar fáil chun cuspóirí straitéiseacha níos leithne na hollscoile a bhaint amach sna réimsí seo: taighde, teagasc, agus teicneolaíocht a aistriú sna heolaíochtaí beatha
- nuálaíocht a bhaint amach trí chomhoibriú agus tríd an gcomhpháirtíocht ag an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta le páirtithe acadúla, le páirtithe atá ag gabháil don chúram sláinte agus le páirtithe tráchtála.

### DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

Cuireadh saotharlanna Wyeth Research Ireland ar bun. Cheap Wyeth Laboratories an Dr Simon Hufton ag Institiúid Mhic Chon Mí UCD chun an tionscnamh ag an Institiúid a threorú. Faoi dheireadh, beidh beirt eolaithe déag fosaithe ann.



*'Imshruthú Súl' Chruthaigh Yolanda Alvarez, mac léinn dochtúireachta in Institiúid Mhic Chon Mí, an íomhá seo don chomórtas Images of Research*

I mí Feabhra 2006 d'oscail an Taoiseach, Bertie Ahern TD foirgneamh an Ionaid um Thaighde agus um Thraenáil Bithpróiseála (CSCB) go hoifigiúil.

I mí an Mhárta 2006, seoladh Institiúid Mhic Chon Mí um Sheirbhísí Biteicniúla mar shain-ionad saor ó phataiginí, mar ionad pórúcháin, coinneálach agus taighde. Beidh an áis seo thar a bheith tábhachtach má tá Institiúid Mhic Chon Mí UCD chun a acmhainn cruthaithe trasghiniúna féin a bheith aige.

I mí Aibreáin 2006, d'oscail an Tánaiste Mary Harney TD Aonad Acmhainne Géanóm UCD-Mater in Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae.

Ceapadh an tOllamh James Heckman, buaiteoir Duais Nobel san Eacnamaíocht (2000) chuig Ollúnacht le hEolaíocht agus an tSochaí mar chuid de chomhthioncadal idir Institiúidí Mhic Chon Mí agus Institiúid Uí Ghadhra UCD. A bhuíochas leis an gceapachán seo tá plé tosaithe idir an dá institiúid maidir le réimsí coiteann a bheadh ag an dá institiúid - mar shampla eacnamaíocht sláinte.

I measc na nithe suntasacha a baineadh amach bhí siad seo a leanas:

- Bhronn Acadamh Ríoga Leighis na hÉireann Bonn Mhic Con Mí ar an Ollamh Alan Keenan;
- Bronnadh an Gradam Idirnáisiúnta SCRIP ar an Ollamh Ciaran Regan, an Dr William O'Connor agus an Dr Keith Murphy agus ar a gcomhghleacaithe san ANRG (Applied Neurotherapeutics Research Group) don Chomhpháirtíocht Chomhaontais is Fearr i mí na




*Ag an imeacht tionscnaimh idir-ollscoile "Science Speak" - an Dr Austin Mescal, RDS, An tUachtarán, Stephen Nolan, Institiúid Mhic Chon Mí UCD, Buaiteoir 2006; Mary Upton TD agus óstach an imeachta, Pat Kenny.*

Nollag 2005, mar aitheantas ar an gcomhpháirtíocht taighde idir an earnáil acadúil agus Wyeth Laboratories sa tionscal cógaisíochta;

- Toghadh an tOllamh Therese Kinsella mar bhall d'Acadamh Ríoga na hÉireann;
- Bhain Stephen Nolan, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis agus Institiúid Mhic Chon Mí UCD an chéad áit in AccesScience '06 dá chur i láthair ar an ábhar seo a leanas: Kidney Disease: When Good Cops go Bad. Ba é Stephen ionadaí UCD ag an imeacht tionscnaimh idir-ollscoile sa chumarsáid eolaíochta - RDS Irish Times Science Speak - a bhí á reáchtáil ag Irish Universities Promoting Science - agus bhain sé an chéad áit sa chomórtas sin dá chur i láthair;
- Ba é Aidan Farren, dalta 5ú bliana as Scoil Mhuire, Bun Chrannacha, a bhain an chéad áit sa chomórtas póstaeir in AccesScience '06 dá iontráil, 'DNA Professor'. Cuireadh an póstaer seo in airde ar thraenacha agus i stáisiúin DART mar chuid den tsraith póstaeir a bhí á chomhreáchtáil ag UCD Mhic Chon Mí/Iarnród Éireann;
- Thug taighdeoirí Mhic Chon Mí sraith seimineár mar chuid den chlár for-rochtana ag Mhic Chon Mí UCD Science4Schools. I measc na léachtaí a tugadh bhí Cancer Uncovered leis an Dr Amanda MacCann; The Great Brain Drain - Science of Addiction leis an Dr Jana Haase - agus é mar aidhm ag na léachtaí cur leis an méid atá ar an gcuraclam bitheolaíochta agus ceimice ar shiollabais scoile;
- Reáchtáladh clár seachtaine struchtúrtha de shocrúcháin oibre don idirbhliain i mí Eanáir 2006 mar chuid de Science4Schools. Cuireadh os cionn 65 iarratas isteach agus roghnaíodh 15 dalta as 15 scoil;
- *ScienceWorks*: Ghlac 180 dalta idirbhliana as ocht n-iar-bhunscoil i mBaile Átha Cliath páirt i sraith ceardlann eolaíochta ceithre seachtaine.

## CUSPÓIRÍ AMACH ANSEO

### Oideachas Iarchéime

Tá modúlú agus creidiúnú á dhéanamh ar chlár iarchéime Mhic Chon Mí faoi láthair mar chuid den chlár PhD struchtúrtha nua.

### Córais Bhitheolaíochta

Tá Institiúid Mhic Chon Mí UCD ag glacadh tús áite in UCD chun bealaí a aimsiú na bitheolaíochtaí a chomhnascadh le matamaitic fheidhmeach, le ríomhaireacht agus an réimse nua, Córais Bitheolaíochta, a fhorbairt.

### Ceapacháin

Ceapadh an Dr Brendan Loftus, a bhíodh ag obair roimhe seo in TIGR, Maryland, SAM, arís le hInstitiúid Mhic Chon Mí i mí na Nollag 2006 agus bronnadh deontas ó Fhondúireacht Eolaíocht Éireann (SFI) air chun go bhféadfadh sé tabhairt faoi iniúchadh a dhéanamh ar idirghníomhú idir pataginí óstacha ag baint úsáide as cur chuige tras-ardáin, mar a mbeadh feidhm á úsáid as meascán d'fhaisnéisíocht, as géanómaíocht chomparáideach fheidhmiúil agus as próitéamaíocht.

Ceapadh an tOllamh Mike Keane (UCLA) mar Ollamh le Leigheas in Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann agus rachadh sé i mbun poist sa samhradh 2007. Tá a shainspéis taighde i bhfiobróis scámhógach ag teacht leis na forbairtí straitéiseacha ag Institiúid Mhic Chon Mí UCD sa leigheas trialach sa réimse seo a leanas: athlasadh agus an leigheas atá air.

Mar chuid de Scéim Comhpháirtíochta Fiontraíochta IRCSET, tá Hewlett Packard i nGaillimh ag cur maoiniú ar fáil le haghaidh 12 scoláireacht PhD chun tabhairt faoi thaighde ar na réimsí coiteanna idir eolaíocht ríomhaireachtúil, ríomhaireacht ardfheidhmíochta, cúram sláinte agus na heolaíochtaí beatha, ar fud na hÉireann sna blianta amach anseo. Beidh sé seo mar bhunchuid de chlár il-institiúideach ceathrú leibhéal i bhfaisnéisíocht bithleighis a cheap HP i gcomhar le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh.

### COMHOIBRIÚ CHUN FEABHAS A CHUR AR SHEACHADADH DRUGAÍ

*Cuireadh Fordheontas Tionscail SFI ar fáil i mí Dheireadh Fómhair 2005 don Ollamh Cormac Taylor chun go bhféadfadh sé tabhairt faoi thaighde i gcomhar Sigmoid Biotechnologies, chun córas níos fearr seachadta drugaí a chruthú. Tá Sigmoid Biotechnologies lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus tá sé i mbun teicneolaíocht seachadta drugaí nua a cheapadh, dar teideal LEDDS, a chuirfidh feabhas ar éifeacht, ar shábháilteacht agus ar chaoithiúlacht na ndrugaí atá ann cheana féin agus a chuirfidh leis an bhforbairt ar dhrugaí na todhchaí. A bhuíochas leis an obair chomhoibritheach seo beifear ábalta teacht ar shárchoincheapa nuálaíocha seachadta drugaí, rud a chuirfidh feabhas ar an gcúram a dhéantar d'othair agus a chothóidh an comhoibriú idir an earnáil acadúil agus tionscail.*

## AN TIONAD UM SHINTÉIS AGUS UM BHITHEOLAÍOCHT CHEIMICEACH

**Is é atá san Ionad um Shintéis agus um Bhitheolaíocht Cheimiceach (CSCB) ná comhoibriú idir na dáimh eolaíochtaí ceimiceacha in UCD, TCD agus an RCSI. Tá os cionn 45 Príomh-Imscrúdaitheoir ag an Ionad, agus má chuireann tú a gcuid foirne san áireamh tá os cionn 200 taighdeoir ann san iomlán. Is ó na scoileanna seo a leanas in UCD a thagann taighdeoirí UCD (31 Príomh-Imscrúdaitheoir) Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis, Scoil na Fisice, agus Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis.**

An misean atá ag an Ionad ná eolas, sláinte agus dul chun cinn eacnamaíochta a chur chun cinn trí bharr feabhais a bhaint amach sna heolaíochtaí ceimiceacha um shintéis agus um bhitheolaíocht cheimiceach, saibhriú a dhéanamh ar bhonn taighde agus oideachais na tíre agus éascú a dhéanamh ar fhorbairt na cógaisíochta in Éirinn.

Seo a leanas cuspóirí straitéiseacha an Ionaid:

- Dul chun cinn a dhéanamh sa réimse eolais a bhaineann le heolaíochtaí ceimiceacha um shintéis cheimiceach agus um bhitheolaíocht cheimiceach, mar chuid den chomhiarracht taidhge sa bhithleigheas;
- Ábhar a chur ar fáil don tionscal cógaisíochta in Éirinn, agus taighde agus forbairt sa chógaisíocht a mhealladh go hÉirinn;
- Próifíl taighde na hÉireann a ardú trí chomhoibriú a bheith ann ar bhonn idirnáisiúnta agus níos mó foilseachán ardtionchair a chur ar fáil;
- Fiontraíocht a chothú, tacú le haistriú teicneolaíochta agus comhpháirtíochtaí láidre a chur ar bun le tionscail;
- Cláir thaighde agus mhúinteoireachta nua ar ardchaighdeán a sholáthar do mhic léinn;
- Clár for-rochtana a cheapadh chun eolas a scaipeadh agus feasacht a spreagadh i measc an phobail agus tuiscint ina measc ar eolaíochtaí ceimiceacha.



*An Taoiseach Bertie Ahern agus an tOllamh Pat Guiry, Stiúrthóir CSCB ag oscailt oifigiúil an fhoirgnimh*


### DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

In 2005/06, fuair os cionn 50 mac léinn PhD faoi stiúir thaighdeoirí CSCB, d'fhoilsigh na taighdeoirí sin os cionn 100 alt piara-athbhreithnithe, thug siad os cionn 200 léacht agus cur i láthair póstaer mar aoichainteoirí agus bronnadh os cionn €6m orthu mar mhaoiniú seachtrach.

D'oibrigh taighdeoirí CSCB go dlúth le NovaUCD chun cuidiú leis an tráchtálú a dhéantar ar chláir thaighde. I mí na Samhna 2005 bronnadh deontas de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, dar luach beagnach €1 milliún faoin scéim Marie Curie ar Celtic Catalysts, cuideachta a chomhbhunaigh an tOllamh Declan Gilheany.

Sheol an CSCB suíomh gréasáin nua i mí Márta 2006, ar a bhfuil cur síos gairid ar gach duine de na Príomh-Imscrúdaitheoirí chomh maith le nuacht agus le heolas rialta ar thaighde agus ar imeachtaí CSCB (www.ucd.ie/cscb/).

Seoladh an clár for-rochtana Science@CSCB i mí Eanáir 2006 agus le linn na tréimhse ar a bhfuiltear ag tuairisciú ghlac os cionn 300 dalta iar-bhunscoile páirt i ngníomhaíochtaí for-rochtana. Ar na gníomhaíochtaí sin bhí ceardlanna leathlae, cainteanna faoi ghairmeacha, agus cuairteanna ar shaotharlanna úrscothacha CSCB ar champas UCD.



*Criostail Clofazimine (druga frith-lobhra) i gcealla. Íomhá cruthaithe ag taighdeoir CSCB Raphael Darcy don chomórtas Images of Research*

Thosaigh cúig Phríomh-Imscrúdaitheoir UCD nua le CSCB - An Dr Paul Evans, An Dr Cosima Stubenrauch, An Dr Francesca Paradisi, An Dr Hasim Ibrahim agus An Dr Xiangming Zhu. Bronnadh 12 staidéaracht PhD, dar luach €960,000 san iomlán, ar Phríomh-Imscrúdaitheoirí UCD i mí Bealtaine 2006.

## ÉACHTAÍ SUNTASACHA


D'oscail An Taoiseach foirgneamh nua CSCB UCD i mí Feabhra 2006. Is foirgneamh 2,300m$^2$ é le sé shaotharlann úrscothacha.

D'fhreastail os cionn 200 taighdeoir ar an 4ú siompóisiam Advances in Synthesis and Chemical Biology in UCD i mí na Nollag 2005. Thug na daoine seo a leanas léachtaí iomlánacha: An tOllamh Tadhg Begley (Cornell), An tOllamh JoAnne Stubbs (MIT), An tOllamh Linda Hsieh-Wilson (Caltech), An tOllamh Volker Dötsch (MPI, Frankfurt-am-Main), An tOllamh Amos B Smith (Ollscoil Pennsylvania) agus an tOllamh David MacMillan (Caltech).

## CUSPÓIRÍ AMACH ANSEO

Déanfaidh CSCB a dhícheall na cuspóirí straitéiseacha sa taighde agus sa mhúinteoireacht, a leagadh amach nuair a cuireadh é ar bun, a bhaint amach ach féachaint leis na nithe seo a leanas a chomhlíonadh:

- Na naisc idir UCD, TCD agus an RCSI a dhaingniú trí thaighde comhoibritheach a spreagadh i measc thaighdeoirí sna hinstitiúidí seo;
- Cur leis an líon mac léinn PhD agus feabhas a chur ar an taighde trí níos mó comhaltaí iardhochtúireachta a earcú agus iarraidh ar eolaithe cáiliúla idirnáisiúnta cuairt a thabhairt ar CSCB;
- Dul i mbun cistí a aimsiú chun tacú leis an taighde;
- Níos mó foilseachán piara-athbhreithnithe a chur ar fáil agus níos mó léachtaí á dtabhairt ag taighdeoirí CSCB mar aoichainteoirí, agus feabhas a chur ar a gcaighdeán;
- Nuashonrú a dhéanamh ar na modúil atá ann faoi láthair agus modúil nua a cheapadh don oiliúint fochéime agus iarchéime;
- Ceapadh na céime nua BSc sa Bhitheolaíocht Cheimiceach a chur i gcrích, ar cuireadh tús leis nuair a thosaigh na chéad mic léinn air i mí Mheán Fómhair 2006;
- Clár for-rochtana Science@CSCB a fhairsingiú.



## IONAD LEIGHIS MHÓILÍNIGH BHAILE ÁTHA CLIATH

**Is sampla maith é Ionad Leighis Mhóilínigh Bhaile Átha Cliath (DMMC) den méid atá UCD tiomanta don chomhpháirtíocht chomhoibritheach sna heolaíochtaí bithleighis. Seo comhfhiontar idir UCD, TCD agus RCSI atá ag cur le dea-cháil Bhaile Átha Cliath mar lárionad feabhais sa taighde agus san oideachas leighis mhóilínigh.**



*(Clé go deas) An Dr Peter Doran, Stiúrthóir GRU; An Tánaiste agus Aire Sláinte, Mary Harney TD; An Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD; An tOllamh Bill Powderly, Ceann Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis ag oscailt oifigiúil GRU*

Tá DMMC tar éis gníomhaíochtaí institiúidí taighde bithleighis Bhaile Átha Cliath agus na sé ospidéal oiliúna bhainteacha a thabhairt le chéile in aon chreat oibre amháin d'fhonn éascú a dhéanamh ar an gcomhoibriú tras-institiúideach agus feabhas a chur ar an gcumas taighde aistrithigh.

### DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

A bhuíochas leis an gclár €45 milliún atá ann faoi láthair sa Ghéanómaic Dhaonna bhíothas ábalta maoiniú a chur ar fáil chun tabhairt faoi thaighde sna réimsí seo a leanas: teicneolaíochtaí ardáin próitéamaíochta, géanómaíocht fheidhmiúil, eipidéimeolaíocht géiniteach, bithfhaisnéisíocht, ardanailís ar thréchur ceall agus íomhάú ar fud Bhaile Átha Cliath agus atá ar fáil do chách. Tá bonneagar tábhachtach ann anois, a bhí mar chuid den fhís i bplean DMCC don fhorbairt ar leigheas aistritheach. Seo a leanas cuid den bhonneagar sin: Aonaid sa Taighde Cliniciúil sna hospidéil oiliúna, nasctha leis na hinstitiúidí taighde, Institiúid Mhic Chon Mí UCD, An Institiúid Leighis Mhóilínigh TCD agus Institiúid Taighde RCSI.

Tá curtha go mór leis an gcumas acadúil ó earcaíodh baill foirne thábhachtacha taighde agus tá feabhas mór tagtha air a bhuíochas leis an rath ar Chlár Oideachais agus Oiliúna DMCC. Mhol Coiste Comhairle Eolaíochta an DMMC gur ghá do DMCC iarracht a dhéanamh stádas mar aonán náisiúnta a bhaint amach, má tá sé chun páirt cheart a ghlacadh i gcúrsaí go hidirnáisiúnta.

I measc na gclocha míle i rith na bliana osclaíodh an tAonad Taighde Géanóm in Ospidéal Oiliúna Naomh Uinseann agus in Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae. Ní hamháin go gcuirfidh na haonaid seo le bonneagar taighde UCD, ach beidh said mar chrainn taca ag an Wellcome Trust /Bord um Thaighde Sláinte a fhaigheann maoiniú ón DCCR (Dublin Centre for Clinical Research). Bainfear feidhm as an maoiniú nua seo, a gnóthaíodh trí chomhiarratas a cuireadh isteach agus dianiomaíocht ann dó in Éirinn agus sa Bhreatain, chun Ionad Taighde Chliniciúil (CRC) nua a thógáil in Ospidéal San Séamas, chomh maith le bonneagar tras-institiúideach le sonraí a shampláil agus a bhainistiú. Beifear in ann an CRC nua in Ospidéal San Séamas, an CRC in Ospidéal Beaumont agus an Dá Aonad Géanóm ag UCD a nascadh lena chéile toisc an líonra seo. Táthar i mbun bithbhailiúcháin i ngach ceann de na háiseanna seo: i síocóis (maoinithe ag an Wellcome Trust), titimeas, uathachas, galar athlastach na bputóg, airtríteas réamatóideach, galair chardashoithíocha, agus ailsí éagsúla - ina measc ailse próstatach (maoinithe ag an Cumann Ailse na hÉireann), ailse chíche, ailse éasafagach agus ailse haemaiteolaíoch. Tá na bithbhailiúcháin seo mar bhunchloch ag na cláir thaighde aistritheacha, agus cuireann siad rochtain dea-bhainistithe ar fáil d'eolaithe agus cuireann siad an dea-chleachtas chun cinn i mbailiú agus i stóráil samplaí, maille le saineolas faisnéisíochta agus foireann le sainscileanna.


Chun cur leis an mbonneagar fisiceach nua seo, cuireadh ar bun ICRIN (Irish Clinical Research Infrastructure Network), mar chéad chéim sa ghluaiseacht i dtreo bonneagar taighde cliniciúil comhordaithe aontaithe a chur ar fáil in Éirinn. Nascann ICRIN Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus na hospidéil oiliúna atá cleamhnaithe leis na hollscoileanna sin le DMMC chun líonra a chruthú a bhfuil ar a chumas staidéir chliniciúla a

reáchtáil ar fud na tíre i ngach réimse galar. Síníodh meamram tuisceana chun ICRIN a chur bhunú i mí Iúil 2006.

## CUSPÓIRÍ AMACH ANSEO

Ar na forbairtí a rinneadh le déanaí ar an mbonneagar, an rud is nádúrtha a thiocfadh chun cinn ná timpeallacht den chéad scoth a chruthú don taighde bithleighis aistrithigh ag croílár chóras cúraim shláinte na hÉireann:

- Eolas nua a thiontú ina bhuntáistí coincréiteacha cliniciúla chun feabhas a chur ar chaighdeáin an chúraim shláinte;
- Caighdeáin a ardú don duine aonair trí chúram sláinte speisialaithe agus dírithe a sholáthar trí mheán na cóireála i ndiantimpeallacht taighde chliniciúil;
- Na heolaithe is fearr atá ina gcliniceoirí a mhealladh agus, cláir mheantóireachta agus oiliúna a úsáid chun cur leis na scileanna sa leigheas aistritheach;
- Tionscail (Pharma, Biotech, Diagnostic, Medical Devices and Clinical Research Organisations) a mhealladh le comhpháirtíocht a chur ar bun le grúpaí acadúla a bhíonn i mbun taighde aistritheach chun teacht ar bhith-tháscairí prognóiseacha agus straitéisí nua idirghabhála teiripeacha.



*Cealla duán. Chruthaigh mac léinn dochtúireachta, Madeline Murphy, an íomhá seo le linn a taighde ar ghalar duán diaibéiteach. Cuireadh an íomhá seo isteach ar an gcomórtas in UCD Images of Research*

### OIDEACHAS AGUS OILIÚINT DMMC

*Cuireann Oideachas agus Oiliúint DMMC le láidreachtaí taighde agus teagaisc UCD, TCD agus RCSI agus leis an saineolas cliniciúil in ospidéil oiliúna Bhaile Átha Cliath chun go mbeadh fáil éasca ag taighdeoirí ar an iliomad institiúidí chun a gcuid scileanna a fhorbairt agus chun a gcuid oiliúna a leathnú amach sna bitheolaíochtaí, le béim ar leith ar thaighde aistritheach. Cuireann teagascóirí ón iliomad institiúidí ábhar chúrsaí DMMC i láthair, idir léachtaí agus oiliúint phraiticiúil. I mbliana ghlac 677 duine ó gach leibhéal páirt i 10 gcúrsa de chuid DMMC idir chúrsaí ginearálta is shainchúrsaí, idir chúrsaí teicneolaíocht-dhírithe is chúrsaí ghalar-dhírithe.*

*Ar na gnéithe nua ar tugadh fúthu i mbliana osclaíodh na cúrsaí do lucht éisteachta idirnáisiúnta, labhair léachtóirí ó lasmuigh d'Éirinn mar aoichainteoirí agus baineadh úsáid as an urraíocht a chuir comhlachtaí ábhartha ar fáil. Ar na chéad chúrsaí a chuir na nithe seo san áireamh bhí 'Unravelling Chromatin and the Role of Epigenetics in Disease' a reáchtáladh i mí Aibreáin 2006 agus ghlac daoine as Éire, ón Eoraip agus ó na Stáit Aontaithe páirt sa chúrsa sin. Reáchtáil DMMC/Wyeth Pharmaceuticals, 'Molecules to Medicines: How Biopharma Delivers', i gcomhar lena céile. Seimineár lae a bhí ann a thug léargas ar aistear na heolaíochta ó fhionnadh drugaí bithchógaisíochta go dtí go ndéantar tráchtálú orthu. Ina dhiaidh sin reáchtáladh ceardlann lae do mhic léinn iarchéime chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a thagann chun cinn le linn taighde, forbairt agus déantúsaíocht bithchógaisíochta. Ar chúrsa eile de chuid an DMMC, tugadh léargas do thaighdeoirí ar na príomhnithe straitéiseacha ar ghá aghaidh a thabhairt orthu nuair atáthar ag dearadh agus ag déanamh staidéir géinmhapála ag baint úsáide as táscairí SNP. Cuireadh taithí phraiticiúil ar fáil san anailís sonraí i gceardlann a reáchtáladh.*

# INSTITIÚID UÍ GHADHRA UCD

**Is é an misean atá ag Institiúid Uí Ghadhra UCD ná a bheith ina phríomhionad don taighde anailíseach agus chainníochtúil agus fianaise a chur ar fáil dóibh siúd a bhíonn ag ceapadh beartais maidir le réitigh éifeachtacha ar shaincheisteanna eacnamaíochta, polaitiúla agus sóisialta.**



An fhís atá ag an Institiúid ná:

- Tacú le modhanna iniúchta teorann, as a n-eascróidh na foilseacháin thaighde is fearr ar fad
- Feabhas a chur ar phróifíl agus ar rangú idirnáisiúnta a cuid taighdeoirí
- Ról lárnach a bheith ag an institiúid in oiliúint a chur ar an gcéad ghlúin eile de thaighdeoirí ach deiseanna a thapú le go mbeadh mic léinn iarchéime ag obair le taighdeoirí sinsearacha ar thionscadail reatha
- Anailís oibiachtúil agus réitigh éifeachtacha a chur ar fáil chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhíonn roimh na daoine a cheapann polasaí.

## DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

Bailíodh os cionn €2.2 m sa tréimhse 2005/06, mar mhaoiniú taighde seachtach ó mhórfhoinsí piara-athbhreithnithe agus ó dheontóirí príobháideacha.

Tá comhoibriú tras-disciplíneach nua ag teacht chun cinn in UCD in a lán réimsí, agus ar cheann de na réimsí sin tá an comhoibriú idir Scoil na Sláinte Poiblí agus Eolaíocht an Daonra agus Institiúid Mhic Chon Mí. I measc na dtéamaí nua ar a bhfuil taighde á dhéanamh tá siad seo a leanas: cumarsáid maidir le riosca bia, eacnamaíocht iompraíocht agus modheolaíocht measúnachta, maille le hobair leanúnach ar rannpháirtíocht pholaitiúil agus margaí fostaíochta.

In 2005/06 ceapadh an tOllamh James Heckman, buaiteoir duais Nobel san Eacnamaíocht ar an Ollamh le hEolaíocht agus an tSochaí ag Institiúid Mhic Chon Mí/Uí Ghadhra UCD, mar chuid den mhórinfheistíocht atá á dhéanamh i 'bhForbairt Daonna agus Polasaí Poiblí' ag an PRTLI agus Atlantic Philanthropies.

*Institiúid Uí Ghadhra UCD*

D'imigh an tOllamh James Bergin i mbun oibre ina cheapachán nua le Scoil na hEacnamaíochta agus tá clár taighde idir lámha aige ar shamhaltacha teoiriciúla nuálaíocha agus an ngaol atá acu le dlí tráchtála agus le heacnamaíocht sláinte.

## CUSPÓIRÍ AMACH ANSEO

Cuirfidh Institiúid Uí Ghadhra UCD leis an méid atá bainte amach aige ó thaobh ceapacháin thábhachtacha agus an rath a bhí ar obair na hinstitiúide go dtí seo ach tabhairt faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Ní mó teagmhála a bheith ag an institiúid leo siúd a cheapann polasaí, fianaise taighde a chur ar fáil mar bhonn ar an gceapfar polasaí agus an próifíl phoiblí a threisiú;
- Comhoibriú breise ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta agus daingniú a dhéanamh ar na naisc atá ann cheana féin leis na heagraíochtaí seo a leanas: RAND Corporation, Kennedy School of Government in Ollscoil Harvard agus an Harris School of Public Policy in Ollscoil Chicago, agus eagraíochtaí eile nach iad;
- Dul sa tóir ar dheiseanna nua chun maoiniú a fháil lena n-áirítear Fondúireacht Eolaíochta Éireann, agus an Chomhairle Taighde Eorpach, agus comhpháirtíochtaí taighde nua a chothú leis an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach;
- Cuirfear feabhas ar an bpáirt a ghlacann céimithe i mbraislí taighde trí fheabhas a chur ar sheimineáir agus ar an tsraith ranganna ó shaineolaithe a cuireadh i bhfeidhm in 2004. A bhuíochas leis an nasc leis an Harris School of Public Policy in Ollscoil Chicago cuirfear saineolas breise ar fáil don chlár agus tá sé beartaithe cláir forbartha gairme a chur ar bun chun oiliúint a chur ar ghairmithe i gcúrsaí a bhaineann le polasaí poiblí.



*Foireann agus cuairteoirí Institiúid Uí Ghadhra UCD leis an Ollamh James Heckman agus Colm Harmon, Stiúrthóir na hInstitiúide*

## TÁ IONAD A FHEIDHMÍONN LAISTIGH D'INSTITIÚID UÍ GHADHRA

The Centre for Adult Decision Making - faoi stiúir an Ollaimh Colm Harmon agus an Ollaimh Patrick Wall, agus bíonn sé i mbun oibre sna réimsí seo a leanas:

- Rioscaí a Bhraith, Bia agus Cothú;
- Iompraíocht a chuireann an tSláinte i mbaol mar shampla ólachán agus tobac a chaitheamh;
- Sláinte agus Leasa na Mac Léinn;
- Aosú (Suirbhé ar Aosú Sláinte gus Dul ar Scor san áireamh);
- Ardmhodheolaíocht agus ardtomhas ar Shuirbhéanna;
- Dearadh Trialach, Eolaíocht an Néarchórais agus Roghanna.

Bíonn dlúth-chomhoibriú idir an tIonad seo agus an RAND Corporation i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus le hinstitiúidí eile. D'éirigh leis an bhfoireann taighde, atá faoi stiúir an Taighdeora Shinsearaigh an Dr Liam Delaney, maoiniú suntasach leanúnach a fháil, dar luach os cionn €3m, ó fhoinsí éagsúla - i measc na bhfoinsí sin tá Diageo Ireland PLC, an Strategic Innovation Fund, an tionscnamh FIRM de chuid na Roinne Talmhaíochta agus Bia, an tÚdarás um Ard-Oideachas agus IRCHSS. Seolfaidh sé roinnt mórstaidéar nua i rith na bliana.

## INSTITIÚID DHAONNACHTAÍ ÉIREANN UCD

**Tá clár taighde HII UCD mar bhunchuid de mhisean straitéiseach UCD a bheith ina príomhollscoil diantaighde idirnáisiúnta. Ag croílár chuspóirí straitéiseacha an HII tá tacú leis an nuálaíocht agus le barr feabhais i dtaighde a dhéantar sna daonnachtaí agus ardán a cur ar fáil le gur féidir le mic léinn dochtúireachta agus iardhochtúireachta tabhairt faoi thaighde den scoth.**

Cuirtear maoiniú ar fáil don chlár taighde atá idir lámha ag an HII faoi láthair trí PRTLI 3 de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas. Identity, Memory and Meaning in the 21st Century is teideal don chlár. Oibríonn an HII chun timpeallacht fhuinniúil tras-disciplíneach imeascthach a chruthú le haghaidh taighdeoirí atá ag feidhmiú i réimse na ndaonnachtaí in UCD.

Maidir le teagasc agus le foghlaim, tá an HII ar a dhícheall oiliúint iarchéime a chlaochlú trí chláir a cheapadh a chothaíonn an fhoghlaim idirdhisciplíneach agus scileanna inaistritheacha. Tá HII ag baint fónaimh as an IVRLA (Irish Virtual Research Library and Archive) chun an t-uaséifeacht a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach chun gur féidir le mic léinn agus le scoláirí teacht ar acmhainní cartlainne agus leabharlainne UCD, mic léinn ní hamháin in Éirinn ach ar fud an domhain chomh maith.

### DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

Le linn na tréimhse atá clúdaithe sa tuarascáil seo, bhí 20 mac léinn dochtúireachta, cúig mhac léinn iardhochtúireachta agus sé thaighdeoir tionscadail bainteach le HII UCD. Chomh maith le Stiúrthóir na hInstitiúide agus le Bainisteoir na hInstitiúide tá sé phríomhthaighdeoir ó Choláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh i mbun príomhshnáitheanna taighde ar chlár reatha an HII: 'Identity, Memory and Meaning in the 21st Century'.

Ba é an HII a tháinig ar an gcoincheap gur chóir go mbeadh sainspás ann don taighde idirghníomhach sna daonnachtaí ag leibhéal náisiúnta. Leagann an HII béim ar leith ar thimpeallacht thacúil a sholáthar do thaighdeoirí atá ag cur tús lena gcuid taighde. Tá sé anois ar cheann de na spásanna acadúla agus sóisialta is fearr do thaighdeoirí iarchéime atá i mbun taighde sna healaíona agus sna daonnachtaí. Déanann an HII a dícheall cur leis an gcumas náisiúnta sna daonnachtaí trí naisc a bheith ann le hinstitiúidí eile - i measc na nasc sin tá na naisc thaighde PRTLI-mhaoinithe le Coláiste Phádraig, Droim Conrach. Maidir le comhoibriú idirnáisiúnta, tá HII ian bhall den Consortium for Research Institutes in the Humanities.

Agus fónamh á bhaint ag HII as IVRLA, tá HII ag iniúchadh na dteorainneacha a bhaineann leis an taighde is déanaí agus é sin tacaithe ag ríomhaireacht sna daonnachtaí. Níl ach tús curtha leis an bhforbairt ar acmhainní taighde leictreonacha go fóill, ach tá HII chun tosaigh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta i ndáil le forbairtí sa réimse seo toisc IVRLA.

Ceapadh an Dr Marc Caball ina Stiúrthóir nua ar HII i mí na Nollag 2005.

D'fhoilsigh taighdeoirí HII raon ilghnéitheach ábhar, ag leibhéal acadúil agus dochtúireachta araon, foilseacháin a ndearna a bpiaraí athbhreithniú orthu ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Chun a ghealltanas a chomhlíonadh feabhas a chur ar oiliúint na gcéimithe in UCD,  bhí an HII fós ag tairiscint a chláir oiliúna dochtúireachta do mhic léinn atá i mbun taighde - seo clár idirdhisciplíneach a bhfuil an-tóir air.

Bhí an tsraith seimineár idirdhisciplíneach ag HII níos fearr ná riamh agus é mar phointe fócais don phlé acadúil agus intleachtach i measc scoláirí sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí daonna in UCD, agus níos faide ó bhaile. I measc na scoláirí a chuir páipéir i láthair bhí An Dr Ann Rigney, atá ina hOllamh le Litríocht Chomparáideach in Ollscoil Utrecht agus an tOllamh Andrew Fleming, Roinn na Seandálaíochta in Ollscoil na Breataine Bige in Lampeter.

Thug an tOllamh Wolfgang Iser (Ollscoil Konstanz), teoiriceoir litríochta a bhfuil cáil dhomhanda air, léacht don HII mar Aoichainteoir i mí an Mhárta 2006 agus thug an tOllamh le hEolaíochtaí Cognaíocha, Merlin W. Donald, Ollscoil Case Western Reserve, léacht don HII mar Aoichainteoir i mí Bealtaine 2006.

Chuir an HII i gcrích comhaontú le haghaidh clár malairte do mhic léinn, i gcomhar leis an Institiúid um Thaighde Staire agus Cultúir (OGC) in Ollscoil Utrecht, laistigh de fhrámaíocht scéim Socrates an AE.

### CUSPÓIRÍ AMACH ANSEO

Díreoidh taighde an HII amach anseo go háirithe ar na bealaí a bhfuil an dearcadh atá ag daoine ar Éirinn ag athrú. Cuirfidh a leithéid seo de chlár leis na láidreachtaí atá ag UCD i réimsí an Léinn Éireannaigh ar fud na ndisciplíní agus beidh sé mar chrann taca ag líonraí taighde atá curtha ar bun cheana féin in Éirinn agus ar fud an domhain. Chomh maith leis sin, cuirfidh sé leis na ceapacháin straitéiseacha a rinneadh le déanaí in UCD - mar shampla Ollúnacht i Léinn James Joyce agus léachtóireachtaí i seandálaíocht comhshaoil, i stair na meán, agus i stair an leighis.

# INSTITIÚID UIRBEACH ÉIREANN UCD

**Tá Institiúid Uirbeach Éireann UCD ina ionad náisiúnta agus ina mhórinstitiúid Eorpach áit a dtagtar ar theicneolaíochtaí, ar pholasaithe agus ar smaointe nua chun feabhas a chur ar an gcaighdeán maireachtála agus ar an timpeallacht oibre.**

*An tOllamh Frank Conway, Stiúrthóir Tionscadail, Institiúid Uirbeach Éireann UCD, Sheila Convery, Bainisteoir Tionscadail le Larry Stapleton, Stiúrthóir EPA*

Is é a bhí i gceist nuair a cuireadh Institiúid Uirbeach Éireann UCD ar bun ná go bhfeidhmeodh sé mar lárionad taighde ar chúrsaí forbartha uirbeacha inbhunaithe agus tá fás tagtha ar an gcoincheap seo le ceithre bliana anuas. Anois déantar taighde san Institiúid ar raon ábhar níos leithne le taighde á dhéanamh ar fhorbairt tuaithe chomh maith le forbairt uirbeach.

Tá meascán ar leith de thaighdeoirí ag obair leis an Institiúid - taighdeoirí le saineolas eolaíochta, teicneolaíochta, gairmiúil agus saineolas i ndisciplíní a bhaineann le polasaí poiblí. Ar na disciplíní a chuimsítear tá tíreolaíocht, ailtireacht, eacnamaíocht, socheolaíocht, fisic, forbairt tuaithe, polasaí iompair, bitheolaíocht, agus clíomeolaíocht. Le sineirgíocht dá leithéid is féidir aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ilghnéitheacha a bhaineann le forbairt inbhunaithe a bhaint amach i mbealaí nua agus nuálaíocha. Níl áit ar bith eile in Éirinn ina n-imeasctar ailtireacht, pleanáil, innealtóireacht shibhialta agus raon leathan disciplíní eile mar a n-imeasctar iad in UCD.

## DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

Tá caighdeán agus líon thorthaí an taighde atá á gcur ar fáil in Institiúid Uirbeach Éireann ag dul i méid. Faoi láthair tá ocht dtaighdeoir iardhochtúireachta agus 90 mac léinn PhD agus Máistreachta Taighde ag feidhmiú ann. D'imigh líon na mac léinn sin i méid, go háirithe le bliain anuas, agus tá an chuma air go leanfar leis an bhfás seo. Seasann ioncam Taighde agus ioncam eile na hInstitiúide ag €3 milliún anois in aghaidh na bliana, agus cuirtear tuairim is 100 foilseachán ar an meán ar fáil gach bliain.

I measc na ndlúthnasc atá ag Institiúid Uirbeach Éireann, in Éirinn agus thar lear, tá an Environmental Institute in UI Chicago, an Forum of European National Highway Research Laboratories, An tAonad um Eacnamaíocht Chomhshaoil, Ollscoil Göteborg, The Centre for Energy and Environmental Research, MIT agus eagraíochtaí eile nach iad. Faoi láthair tá an Institiúid i mbun comhaontú comhoibrithe a shíniú leis an Ionad Chomhthaighde de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, in Ispra, san Iodáil.

Is é atá san Urban Environment Project ná tionscnamh dar luach 1.2 milliún atá maoinithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Tá trí Scoil i dtrí Choláiste in UCD ag obair, i gcomhar le JRC, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad agus Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, ar thuiscint a fháil ar an gcaoi a dtéann athrú san eacnamaíocht, sa bhonneagar agus sa talamh i bhfeidhm ar fheidhmíocht an chomhshaoil - athrú aeráide, bithéagsúlacht agus caighdeán an aeir ina measc. An aidhm atá leis an tionscadal ná uirlis a chur ar fáil dóibh siúd a bhíonn páirteach sa phróiseas



polasaí náisiúnta agus áitiúil le gur féidir leo cinntí a dhéanamh agus foinse eolais a sholáthar don phobal i gcoitinne maidir le roghanna agus impleachtaí polasaí.

## CUSPÓIRÍ AMACH ANSEO

Sa bhliain atá romhainn, tá an UII chun a fhócas a leathnú amach chun go mbeidh sé ag díriú ní hamháin ar shaincheisteanna uirbeacha ach ar thaighde eile a bhaineann le forbairt inbhuanaithe. I measc na n-ábhar a chlúdófar tá forbairt tuaithe, fuinneamh inbhuanaithe agus téamh domhanda.

Meastar go dtiocfaidh fás suntasach ar an taighde san eolaíocht faisnéise tíreolaíochta, atá mar bhonn is mar thaca ag an gCóras Faisnéise Geografaí (GIS). Tá sé beartaithe úsáid a bhaint as raon áiseanna chun an ghníomhaíocht taighde GIS atá á dhéanamh faoi láthair a úsáid i réimsí mar seo a leanas: pleanáil, talmhaíocht, síceolaíocht agus oideachas. Chomh maith leis sin, díreofar níos mó ar chúrsaí a bhaineann le caighdeán maireachtála agus le cúrsaí sástachta. Déantar tosca comhshaoil a ionchur ar an mbunachar sonraí GIS thar thréimhse deich mbliana - ar tosca iad a théann i bhfeidhm ar shástacht saoil, agus déanfar monatóireacht orthu.

Ghlac baill ó Institiúid Uirbeach Éireann páirt sa cheathrú, sa chúigiú agus sa séú Tionscadal Creatlaí Eorpaigh. Déanfar é seo a leathnú amach nuair a sheolfaidh an Coimisiún Eorpach a sheachtú Creatlach agus tá sé i gceist ag an Institiúid tús áite a ghlacadh i mórthionscadal Eorpach ar iompar lastais, dúshlán nach beag a mbeidh ar an ilchríoch aghaidh a thabhairt uirthi má táthar chun forbairt inbhunaithe a bhaint amach.

## AN CEATHRÚ LEIBHÉAL

Tá sé chlár céime Máistreachta ann anois, agus tús áite ag UCD i soláthar clár Máistreachta i réimse na Pleanála. Tá roinnt mhaith dul chun cinn déanta ar an gcomhtháthú pleanáilte a dhéanfar ar na cláir Mháistreachta seo agus táthar ag súil tabhairt faoi chláir PhD. Tá UII ag súil le trí chlár struchtúrtha PhD a bheith i bhfeidhm aige faoi mhí Mheán Fómhair 2007, faoi scáth théama uileghabhálaigh na forbartha inbhuanaithe.

# INSTITIÚID MHICHÍL UÍ CHLÉIRIGH UCD

**An misean atá ag an Institiúid ná leanúint leis an traidisiún foghlama i stair agus sibhialtacht na hÉireann a chuir na Proinsiasaigh ar bun sa seachtú haois déag; na lámhscríbhinní agus na leabhair a chuir na Proinsiasaigh Éireannacha ar iontaoibh UCD a chaomhnú; an bailiúchán a chur ar fáil mar uirlis taighde do mhic léinn atá ag gabháil don léann Éireannach; feidhmiú mar acmhainn oideachais do scoláirí in Éirinn agus thar lear; tuiscint a spreagadh maidir le saibhreas oidhreachta na tíre ón stair go dtí Éire na nua-aoise.**

## DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

Cuireadh i gcrích caomhnú na Lámhscríbhinne A2, an Liber Hymnorum in 2005. Seo lámhscríbhinn atá thar a bheith coimpléasc agus é déanta de thrí cinn de cheathrúna páipéir ar leith. Seachas an obair fhairsing ar an veilleam féin, bhí gá ceangal cuí a fháil agus teach caomhnaithe a thógáil chun an craiceann a hiodráitiú agus ansin dul i ngleic leis an damáiste a bhí déanta do struchtúr na lámhscríbhinne. Thóg sé dhá bhliain an lámhscríbhinn a chaomhnú, rud a léiríonn fairsinge agus castacht na hoibre. Is féidir teacht ar A2, maille leis an gcuid is mó de na lámhscríbhinní eile, ar líne mar íomhá dhigiteach ar ardchaighdeán a bhfuil rochtain ag an bpobal uirthi.

Fuair an Institiúid bronntanas €500,000 ó dheontóir ar mhian leis/léi nach luafaí a (h)ainm.

Reáchtáladh trí chomhdháil idirnáisiúnta i rith na bliana. Chomh maith leis sin, reáchtáil an Institiúid 30 seimineár agus chuir 10 mac léinn iardhochtúireachta agus taighdeoirí PhD na hInstitiúide 40 foilseachán scolártha ar fáil - idir mhonagraif is ailt in irisí.

I mí Iúil 2006 aistríodh go UCD an bailiúchán atá catalógaithe mar lámhscríbhinní B agus D de chuid Leabharlann Phroinsiasaigh Chill Iníon Léinín. Is bailiúcháin mhóra iad seo le breis is 300 imleabhar agus os cionn 10,000 leathanach agus tugann siad léargas dúinn ar na gníomhaíochtaí tábhachtacha a bhí ar bun ag na Proinsiasaigh in Éirinn sa 16ú, 17ú agus 18ú haois.

Tá lámhscríbhinní B scríofa i dteangacha éagsúla agus iad scríofa chomh fada siar leis an 12ú haois.

Is é atá i lámhscríbhinní D, d'fhormhór, ná bailiúchán litreacha agus páipéar atá an-tábhachtach a bhaineann le Proinsiasaigh na hÉireann sa 17ú haois, go háirithe le Luke Wadding. I measc mhórphearsa na hÉireann ón 17ú haois a bhfuil a gcomhfhreagras sa chartlann thábhachtach náisiúnta seo tá Aodh Ó Néill, Iarla Thír Eoghain, Oilibhéar Pluincéad, Ard-Easpag Ard Mhacha agus Flaithrí Ó Maoil Chonaire, a bhunaigh Coláiste Proinsiasach N. Antaine na hÉireann i Lováin na Beilge.

## CUSPÓIRÍ AMACH ANSEO

Beidh an Institiúid ar an gcomhordaitheoir náisiúnta ar shraith imeachtaí poiblí, ar chomhdhálacha acadúla, ar thaispeántais agus ar fhoilseacháin le linn 2007 don chomóradh 400 bliain ó bunaíodh Coláiste Naomh Antaine i Lováin. Beidh sé seo mar dheis iontach don Institiúid a sainchúram i leith an oideachais phoiblí a chomhlíonadh. Is é téama chlár na bliana ná The writing of Irish history.

Chomh maith le fógraíocht a dhéanamh ar chomhaltachtaí iardhochtúireachta agus dochtúireachta mar chuid den chomóradh 400 bliain rinneadh coimisiúnú ar shraith cheoil agus seinnfear í don chéad uair san Ospidéal Ríoga, Cill Mhaighneann i mí an Mhárta 2007. Reáchtálfar an chéad scoil samhraidh UCD-Institiúid na hÉireann, Lováin, i mí Bealtaine 2007 agus glacfaidh scoláirí mór le rá páirt ann - scoláirí le staidéir Éire na nua-aoise agus le litríocht Ghaeilge. Beidh taispeántais in Ard-Mhúsaem na hÉireann, i Músaem Cathrach Phort Láirge agus in Iarsmalann Hunt, Luimneach. Mar chuid de chomhtionscadal idir Institiúid Uí Chléirigh, Acadamh Ríoga na hÉireann agus Leabharlann Choláiste na Tríonóide, cuirfear lámhscríbhinní tábhachtacha bainteacha ar taispeáint lena chéile, Annála na gCeithre Máistrí ina measc, don chéad uair le beagnach ceithre chéad bliain.

Cuirfear foilseacháin ghinearálta agus foilseacháin acadúla ar fáil le linn bhliain an chomóraidh maille le sraith comhdhálacha in UCD agus ar fud na hearnála tríú leibhéal in Éirinn.



*Caomhnóir ag deisiú lámhscríbhinn Phroinsiasach*

## NOVAUCD - AN T-IONAD UM AISTRIÚ NUÁLAÍOCHTA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA



**Is Ionad um Aistriú Nuálaíochta agus Teicneolaíochta é NovaUCD is agus é lonnaithe i bpáirc nuálaíochta Belfield. Seo ionad saintógtha a chuireann timpeallacht thacúil, cothaithe fiontar, ar fáil ionas gur féidir le nuálaithe agus le fiontraithe a smaointe a aistriú ó phrionsabal na fianaise go rath tráchtála.**




*An tOllamh Conor Heneghan, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla, buaiteoir Gradam Nuálaíochta NovaUCD in 2006*

Ceann de na mórstraitéisí ag UCD ná páirt a ghlacadh i mbaint amach cuspóirí sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha shochaí an eolais. Chuig seo, ainmníodh roinnt beart i bPlean Straitéiseach UCD don tréimhse 2005-2008 le haghaidh NovaUCD:

- Tús a chur le clár bainistíochta eolais;
- Maoin intleachtúil UCD a ainmniú agus a chosaint;
- Tráchtálú a dhéanamh ar mhaoin intleachtúil UCD trí mheán an cheadúnaithe agus trí sheach-chuideachtaí;
- Oiliúint a chur ar fhoireann UCD san aistriú eolais agus sa fhiontraíocht tríd NITM (National Institute of Technology Management) agus NovaUCD;
- Comhpháirtíochtaí corparáideacha a chur ar bun le gnóthaí agus le tionscail chun tacú le gníomhaíochtaí taighde agus chun feabhas a chur orthu.

Is é Bord NovaUCD a dhéanann maoirseacht ar ghníomhaíochtaí NovaUCD agus is é Paul McCambridge, Leas-Uachtarán agus Stiúrthóir Bainistíochta Xilinx, atá ina chathaoirleach ar an mBord. Chomh maith leis sin, tá ionadaithe sinsearacha ó UCD ar an mBord, maille le hurraitheoirí NovaUCD, ionadaithe ó thionscail agus ionadaithe ó ghníomhaireachtaí maoinithe taighde.

### DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

Nocht taighdeoirí UCD 29 fionnachtain an bhliain seo caite, i gcomparáid le 22 an bhliain roimhe sin. Is fianaise é seo go bhfuil méadú ar an méid maoine intleachtúla atá á gcruthú ar fud na hollscoile ó na cláir thaighde. Le bliain anuas thaisc UCD 19 iarratas ar phaitinn sna réimsí seo a leanas: na heolaíochtaí beatha, innealtóireacht agus teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide. Lena chois sin, taisceadh cúig iarratas ar phaitinn PCT agus ceithre iarratas ar phaitinn náisiúnta/réigiúnach. Le linn 2005/06, síníodh sé chomhaontú ceadúnais le raon cuideachtaí dúchasacha agus idirnáisiúnta.

Tá fiche sé cuideachta dian-eolais, a ghlacann os cionn 95% de spás cothaithe fiontar NovaUCD, agus a bhfuil os cionn 150 duine fostaithe leo, lonnaithe anois in NovaUCD. Ag teacht leis an straitéis ag NovaUCD a phobal fiontraithe a athnuachan ar bhonn leanúnach, bainfidh ceithre sinn de chliant-chuideachtaí NovaUCD 'a gcéim amach' agus beidh spás ann d'fhiontair nua.

Tá NovaUCD freagrach as polasaí um mhaoin intleachtúil UCD a chur i bhfeidhm agus as tacú le forbairt ar fhoinse leanúnach maoine intleachtúla. Baineadh amach na spriocanna uile le haghaidh 2005-2006 a bhain le maoin intleachtúil a aimsiú, a chosaint agus a thráchtálú, go príomha trí cheadúnais a chur ar fáil do chuideachtaí nua agus do chuideachtaí seanbhunaithe. Ina theannta sin, rinne Údarás Rialaithe UCD faomhadh foirmiúil ar pholasaí nua maidir le maoin intleachtúil a ceapadh de réir na gcleachtas idirnáisiúnta is fearr agus a chuimsíonn na príomhfhorálacha a bhí sa pholasaí ar glacadh leis i 1992.

Cuireann an polasaí nua seo san áireamh athruithe sa reachtaíocht agus forálann sé do mhéadú suntasach i leibhéal an ioncaim thráchtála a dháiltear ar thaighdeoirí agus ar dhaoine eile is údar le maoin intleachtúil.

Tá beagnach 340 $m^2$ de spás saotharlainne 'fliuch' ann anois in NovaUCD, le spás i gcomhair sé chuideachta biteicneolaíochta, agus faoi láthar tá dhá fhiontar nua lonnaithe ann.

Seo an t-aonú bliain déag de Chlár Forbartha Cuideachta Campais de chuid NovaUCD - clár a tacaíonn le tionscnóirí 12 cuideachta nua-bhunaithe a gcoincheapa a fhíorú ina bhfiontair ghnó a bhfuil bun maith tráchtála fúthu. Bronnadh gradam 2005 an Chláir Forbartha Cuideachta Campais ar Vocal Health Screen, a chuir Rosalyn Moran ar bun, mac léinn PhD de chuid Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla.

Leathnaigh ChangingWorlds amach a Ionad Ard-Taighde i rith na bliana atá lonnaithe in NovaUCD. Bhain ChangingWorlds gradam DHL in 2005 don Easpórtálaí is Fearr. Chomhbhunaigh an tOllamh Barry Smyth, Ceann Scoil na Ríomhaireachta agus na Faisnéisíochta ChangingWorlds. In NovaUCD, tá 17 innealtóir ardcháilithe ag obair leis an gcuideachta i gcomhar le taighdeoirí UCD agus iad ag forbairt ardteicneolaíochtaí pearsantaithe don tionscal fón póca. Bhí an tOllamh Smyth ina iomaitheoir sa chomórtas ceannais Ernst and Young Entrepreneur of the Year 2006.



*Saotharlann fhliuch in NovaUCD*

## CUSPÓIRÍ AMACH ANSEO

An fhís atá ag NovaUCD' ná bheith chun tosaigh ar bhonn idirnáisiúnta sa tráchtálú a dhéantar ar thaighde agus ar ghníomhaíochtaí eile dian-eolais a rachadh chun shocair an gheilleagair agus na sochaí. Tá NovaUCD tar éis plean uaillmhianach cúig bliana a cheapadh chun go gcuirfí leis an aimsiú nua ar mhaoin intleachtuil agus iad a chosaint chun an t-uaséifeacht a bhaint as a thráchtálú. Ar na príomhtosaíochtaí do NovaUCD tá siad seo a leanas:

- Aistriú Teicneolaíochta agus Tráchtálú - An Fhoireann Aistrithe Teicneolaíochta agus Tráchtálaithe a fhorbairt chun díriú ar réimsí tosaíochta san ollscoil ;
- Forbairt Gnó - Aonad Forbartha Gnó a bhunú chun deiseanna trácthálaithe agus comoibrithe a aimsiú agus a fhorbairt atá margadh-threoraithe;
- Comhpháirtíochtaí Tionscal - Páirc Nuálaíochta Belfield a fhorbairt chun páirtithe ó thionscail a mhealladh chuig an gcampas agus daingniú a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí bainistíochta agus tionscail;
- Cuideachtaí Campais - Cur leis an gClár Cuideachtaí Campais atá ag NovaUCD chun oiliúint, comhairle agus áiseanna a chur ar fáil do chuideachtaí campais agus béim níos mó a leagan ar sheach-chuideachtaí UCD;
- Feasacht agus Oiliúint - Cur leis an bhfáil atá ag taighdeoirí, ag mic léinn PhD agus ag gairmithe san aistriú teicneolaíochta ar fheasacht agus ar oiliúint, agus cultúr nuálaíochta agus fiontraíochta a fhorbairt.

### BIANCAMED

*Tá BiancaMed lonnaithe faoi láthair in NovaUCD, agus an fhís atá aige ná teicneolaíocht a sholáthar chun monatóireacht a dhéanamh ar shláinte agus ar fholláine a bhféadfaí úsáid éasca a bhaint as sa ghnáthshaol laethúil. Faoi láthair tá cúigear fosaithe le BiancaMed, agus tá $400,000 bailithe aige mar mhaoiniú agus tá conarthaí daingnithe aige leis na cuideachtaí tábhachtacha, Del Mar Reynolds Medical agus ResMed sna Stáit Aontaithe. In 2005 fuarthas cead ón Food and Drug Administration (FDA) margaíocht a dhéanamh ar theicneolaíocht scagthástála ag BiancaMed sna Stáit Aontaithe - feiste leighis a bhí ar cheadúnas ag Del Mar Reynolds Medical chun táirge LifeScreen ApneaTM a chruthú. Is féidir le cairdeolaithe úsáid a bhaint as LifeScreen ApneaTM chun tástáil le haghaidh bac análaithe codlata, mar a gcuirtear isteach ar análú an duine nuair atá sé/sí ina c(h)odladh. Faoi láthair tá táirge á chruthú ag BiancaMed a bheidh mar áis ar féidir í a úsáid go héasca chun monatóireacht a dhéanamh sa bhaile ar an gcroí agus ar riospráid mar chuid d'fhearas bainistíochta sláinte.*

4

# Ardchaighdeán Ollscolaíochta do Mhic Léinn

Creidtear in UCD gur chóir go mbeadh an ollscolaíocht ar an gcaigheán is fearr ar domhan ar fáil do gach mac léin agus go mbeadh a leithéid d'eispéaras ollscoile ann is a chuideodh leo barr a gcumais a bhaint amach.

Tá sé mar sprioc ag UCD bonneagar den chéad scoth a sholáthar - is é sin foirgnimh agus áiseanna nua-aimseartha le trealamh maith. Lena leithéid sin de thimpeallacht fhisiciúil, beidh ar chumas na mac léinn tabhairt faoina gcuid staidéar acadúil agus taitneamh a bhaint as an saol sóisialta, spóirt, agus cultúrtha chomh maith - is é sin gach gné de shaol an mhic léinn a shásamh.

Tá sé mar aidhm ag UCD a bheith ina institiúid chuimsitheach. Agus UCD i mbun mic léinn nua a mhealladh chun na hollscoile, is maith a thuigtear go bhfuil gá teacht ar mhic léinn a mbeadh cúnamh, treoir nó ullmhúchán ar leith de dhíth orthu chun áit a fháil ag an tríú leibhéal - daoine a d'fhéadfadh an-sochar a bhaint as an bpobal foghlama.

Tá seirbhísí tacaíochta sofaisticiúla i bhfeidhm san ollscoil chun a chinntiú go mbíonn seirbhísí comhairleacha ar fáil do mhic léinn i gcónaí nuair atá gá acu leo.

Tá UCD níos mó san iomaíocht ar bhonn domhanda ná mar a bhí riamh na mic léinn is cumasaí agus is fearr a mhealladh. Bíonn daltaí uaillmhianach anois ar fhágáil na scoile dóibh agus tá an iliomad roghanna ann dóibh ag an tríú agus ag an gceathrú' leibhéal. Chun dul i ngleic leis an dúshlán seo, tá UCD de shíor ag feabhsú a raon seirbhísí atá ar fáil do mhic léinn ionas gur féidir leo an leas is fearr a bhaint as a gcumas agus barr feabhais a bhaint amach mar dhaoine agus sna gairmréimeanna a roghnaíonn siad.



Seirbhísí do Mhic Léinn

An Leabharlann

Seirbhísí Ríomhaireachta

Slite Beatha agus Fostaíocht

Leathnú ar an Rannpháirteachas

Cúnamh Airgid do Mhic Léinn

Tacaíocht do Mhic Léinn, Séiplínigh agus Comhairleoirí Mac Léinn

Saol an Mhic Léinn

Spórt

Ceol

Cumainn na Mac Léinn

## FORBAIRT ÁISEANNA: TIONSCADAIL CHAIPITIÚLA

**Má táthar chun spriocanna uaillmhianacha na hollscoile a bhaint amach ní mór bonneagar nua-aimseartha den chéad scoth a bheith ann. Tá gá le sár-áiseanna do dhíorma mac léinn in ollscoil diantaighde áit a bhfuil mac léinn ag foghlaim i dtimpeallacht na hardscoláireachta. An aidhm atá ag UCD ná an campas is fearr ó thaobh caighdeáin agus toise de a sholáthar in Éirinn - campas a bheadh inchurtha leis na hollscoileanna is fearr ar fud an domhain.**

Tá campas Belfield ar cheann de na hacmhainní is luachmhaire ag UCD. Chun a fhorbairt inbhuanaithe a chinntiú, d'ullmhaigh UCD Plean Forbartha Campais ina bhfuil cur síos ar na foirgnimh agus na conláistí don ollscoil don chéad deich mbliana eile. Leagtar amach sa phlean an fhorbairt a dhéanfar ar champas inbhuanaithe bhríomhar, agus áiseanna tráchtála, oideachais agus cultúrtha á soláthar i suímh a oirfidh don phobal i gcoitinne.

### AN PLEAN FORBARTHA CAMPAIS


Tá ceithre théama lárnacha ann a thiomáineann an plean:

- Tionscadail Tógála Acadúla;
- Saol agus pobal na mac léinn;
- Eacnamaíocht an eolais agus páirc nuálaíochta;
- Caidreamh leis an bpobal i gcoitinne trí Thogra an Gheata.

Tá UCD ar a dhícheall campas a bheith ann atá caoithiúil do choisithe, áit ar féidir le mic léinn, leis an bhfoireann, le comharsana, le cairde agus le cuairteoirí a bheith ar a suaimhneas agus iad ar an gcampas nua-aimseartha taitneamhach ardchaighdeáin seo i gcathair agus i dtír atá faoi bhláth. Mar léiriú ar an díograis seo tá fís ann ailtireacht a bheith ann ar an gcaighdeán is airde ar domhan agus an teorainn choillearnaí agus na raoin siúlóide do choisithe a mhéadú faoi deich.

Ní thagann fís UCD salach ar a thiomantas don champas atá ann faoi láthair ná do chomharsana áitiúla UCD. Tuigeann UCD an tábhacht a bhaineann le roinnt de na foirgnimh atá cheana féin ar an gcampas, roinnt a bhuaigh duaiseanna don ailtireacht. Mar iarracht feabhas a chur ar na foirgnimh sin tá scéim athchóirithe idir lámha.

Cuirfear san áireamh i ngach forbairt nua an áit ina bhfuil úsáideoirí lonnaithe agus tabharfar faoin dearadh chun an éifeacht agus an inbhuaineacht is fearr a bhaint amach. Tá an-chuid féidearthachtaí ann "campas glas" a chruthú. Tá sé ar cheann de chuspóirí an phlean seo cur leis an rochtain a bheidh ann ón N11 trí mheán an Gheata Campais nua atá beartaithe.




*Bróisiúr faoin bPlean Forbartha Campais*

Cuirfear cárchlóis ilstóir ar fáil in aice leis na bealaí isteach ar an gcampas, agus dá bhrí sin is do choisithe amháin a bheidh an spás i lár an champais. Tá plean bainistíochta á ullmhú ag UCD faoi láthair maidir le páirceáil ar an gcampas agus mar chuid den phlean sin tá sé beartaithe daoine a spreagadh níos mó úsáide a bhaint as córais iompair phoiblí.

Cuireadh dréacht-Phlean Forbartha Campais UCD 2005 - 2010 - 2015 faoi bhráid an phobail i mí an Mheithimh 2006 agus chuir áitritheoirí áitiúla, úinéirí gnó agus baill de phobal na hollscoile a ndearcadh in iúl i leith an phlean. Cuirfear na tuairimí seo san áireamh nuair atá an plean á chur i bhfeidhm.

Is féidir amharc ar chur i láthair closamhairc den phlean ag:
www.ucd.ie/news/jun06/062006_campus_dev.htm

## TIONSCADAIL ATÁ CURTHA I GCRÍCH AGUS TIONSCADAIL IDIR LÁMHA

### *An tIonad Eolaíocht Sláinte*

Tá Céim 2 den Ionad Eolaíocht Sláinte faoi lán seoil anois agus táthar ag súil go mbeifear socruithe isteach san ionad faoin Nollaig 2006. Beifear ansin in ann gníomhaíochtaí uile Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis a athlonnú ón áit ina bhfuil siad lonnaithe faoi láthair - Ardán Phort an Iarla - chuig campas Belfield. Tá buiséad €41m ann don chéim seo. Beidh Leabharlann na hEolaíochta Sláinte mar ionad lárnach do na mic léinn uile atá ag gabháil don Eolaíocht Sláinte.

Cheadaigh an Roinn Iompair maoiniú chun go dtógfaí áis 2200 m_ don Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, a bhogfar ón áit ina bhfuil sé anois ar Ardán Phort an Iarla chuig UCD go déanach in 2007. Beidh oifigí, saotharlanna diangnóiseacha agus taighde, seomraí seimineáir agus cóiríocht eile mar chuid den fhoirgneamh ceithre stór seo.

### *Taighde UCD*

Beidh an síneadh atá á chur le hÁras Uí Thiarnaigh i gcrích go déanach in 2006, rud a chuirfidh oifigí agus seomra cruinnithe ar fáil don riarachán a bhaineann le taighde. Beidh an foirgneamh seo mar bhaile d'ionad ardphróifíl de chuid na hollscoile a chuirfidh UCD chun tosaigh mar ollscoil ina mbaintear amach barr feabhais.

### *An Institiúid Éireannach Domhanda*

Cuireadh i gcrích an chéad chéim d'Insitiúid Éireannach Domhanda UCD in 2006 mar ar athchóiríodh Ionad Tionscail na hOllscoile. San áis nua beidh Halla Éisteachta William Jefferson do Staidéir Mheiriceánacha. Lonnófar an chuid eile d'áiseanna acadúla agus fáiltithe Ionad William Jefferson Clinton in Áras Belfield, agus tá athchóiriú á dhéanamh air sin faoi láthair. Tá an tógáil ag dul ar aghaidh mar a bhí beartaithe agus táthar ag súil é a bheith i gcrích go déanach in 2006.

### *Richview*

Tá obair thógála idir lámha faoi láthair chun áiseanna saotharlainne, oifige agus teagaisc a thógáil áit a lonnófar gníomhaíochtaí Innealtóireachta Sibhialta ó Ardán Phort an Iarla chuig campas Belfield agus cosnóidh sé seo €10m.

Ar na forbairtí eile ag an suíomh seo tá:

- Ailtireacht Tírdhreacha (á athlonnú ón Ionad Talmhaíochta agus Eolaíochta an Chothaithe);
- Institiúid d'Oifigí Spóirt;
- Aonaid Spóirt Ardfheidhmíochta;
- Stóras Leabharlainne.

### *Leabharlann na Carraige Duibhe*

Cuireadh deontas mór príobháideach ar fáil agus a bhuíochas leis sin bhíothas ábalta athchóiriú a dhéanamh



*An tIonad nua um Shintéis agus Bitheolaíocht Cheimiceach (CSCB) buailte leis an séipéal Victeoiriach atá á athchóiriú go mbeadh sé ina leabharlann nua ag Scoil Ghnó Michael Smurfit UCD*


ar fhoirgneamh a bhí ina shéipéal (séipéal Victeoiriach) chun tuairim is 800m_ de spás nua leabharlainne a chur ar fáil do Scoil Ghnó Smurfit UCD.

### *Céim 3 - Áitreabh Glenomena*

Cuireadh i gcrích Céim 3 den tógáil in Áitreabh Glenomena go déanach sa samhradh in 2006, a chosain €12.9m, rud a chuir cóiríocht ar fáil le haghaidh 168 mac léinn sa bhreis. Anois tá spás in Áitreabh Glenomena le haghaidh beagnach 760 mac léinn agus tá dhá árasán speisialta san áis sin le gnéithe speisialta rochtana.

### *Céim 1 - Áitreabh an Ruabhoic*

Mar thoradh ar an gcéad chéim den tógáil ar Áitreabh an Ruabhoic cuireadh 50 árasán nua ar fáil (300 spás



*Cóiríocht nua do Mhic Léinn ar an gcampas*

lóistín) i mí Mheán Fómhair 2006, rud a chosain €24.5m. Anois tá 2,800 spás lóistín do mhic léinn ag an ollscoil.

### *Bialann an Ionaid Eolaíochta UCD*

Cuireadh i gcrích an athfhorbairt ar Bhialann Ionad Eolaíochta UCD go déanach in 2006 ar bhuiséad €1.6m. Cuirtear bia ar fáil go déanach san oíche san áis seo. Is é Kylemore Foods Group atá i bhfeighil na háise seo, a bheidh mar chuid den ollphlean atá ann campas 24/7 a chruthú.

### *Bialann Belfield*

Cuireadh i gcrích athchóiriú ar phríomh-Bhialann UCD go déanach i samhradh 2006 ag costas iomlán €0.6m mar chuid den obair leanúnach uasghrádú a dhéanamh ar an bhfoirgneamh. Tá aonaid mhiondíola san ionad seo áit a bhfuil oifig an phoist, aonad d'oiriúntí ríomhaire agus d'athchúrsáil ríomhairí agus ionad taistil do mhic léinn.

### *AIonad Clár Ealaíon*

A bhuíochas leis an athchóiriú a rinneadh ar Áras Newman bhíothas ábalta Oifig Clár Ealaíon agus Eolaíocht Sláinte a chur ar bun.

### *Belfield Bowl*

Fuarthas cead pleanála le go ndéanfaí athfhorbairt ar Belfield Bowl. Ar na hoibreacha feabhsúcháin tá suíochánra sa bhreis, tuilsoilsiú agus áiseanna eile a bhfuil gá leo chun ceanglais ceadúnaithe agus sábháilteachta a chomhlíonadh. Ansin beifear in ann Sacar UCD a athlonnú go dtí an Belfield Bowl.

### *UCD Complex Adaptive Systems Laboratory (CASL)*

Tá an ollscoil tar éis cóiríocht oifige a chur ar fáil ag Páirc Oifigí Belfield chun áiseanna a chur ar fáil do thaighde a bhaineann le faisnéisíocht, matamaitic, innealtóireacht, córais bhitheolaíochta agus grúpaí taighde a chuirfear ar bun amach anseo. Ar na hoibreacha cumasúcháin tá naisc chumarsáide agus rochtain do choisithe chuig Campas Belfield agus tá athchóiriú á dhéanamh ar spás nua a bheidh i gcrích go déanach i mí Dheireadh Fómhair 2006.

## TIONSCADAIL A BHFUIL DEARADH NÓ COINCHEAPADH Á DHÉANAMH ORTHU

### *Togra an Gheata*

Féachtar le dhá aidhm bhunúsacha a thabhairt i gcrích le togra an Gheata UCD - bealach isteach suaitheantais ón N11 go dtí UCD a chur ar fáil agus bealach caidrimh nó teagmhála leis an bpobal máguaird agus lenár gcuid iarscoláirí a chruthú. Arna ghlacadh i gcomhthéacs an Phlean Forbartha Campais, tá de chuspóir leis an nGeata chomh maith cuidiú leis an gcampas 24/7 a thabhairt chun cinn. Beidh áiseanna an Gheata ar fáil do mhic léinn, do lucht foirne agus don phobal araon.

Tá ionad taispeántais, pictiúrlann ealaíne le háiseanna do Scoil na Scannánaíochta, bealach isteach a bheidh áisiúil do choisithe agus do chórais iompair phoiblí, ionaid mhiondíolacháin agus itheacháin, ionad leighis, óstán a bheidh ceangailte le Halla Uí Raghallaigh i dtaca le comhdhálacha UCD agus meala ag ceangal an bhealaigh isteach le príomhbhealach an champais ag Áras Newman á mbeartú leis na pleananna atá ann don Gheata faoi láthair. Beidh foirgnimh oifigí, dírithe ar thionscail a mbíonn tromghá le heolas iontu agus ar mhian leo caidreamh a bheith acu leis an ollscoil san áireamh chomh maith.

Cuireadh comórtas idirnáisiúnta ailtireachta ar siúl ag deireadh mhí Deireadh Fómhair 2006 maidir le dearadh foriomlán ar an nGeata a thabhairt chun cinn agus tá súil an buaiteoir a fhógairt i mí Aibreán 2007.

### *Ceantar na hEolaíochta*

Fágfaidh Ceantar na hEolaíochta a thabhairt chun cinn acmhainn bhreisitheach ag an eolaíocht in Éirinn. Beidh sé ina lóchrann feiceálach, ina eiseamláir ardchaighdeáin agus ina acmhainn spreagtha san ollscoil, ar fud na tíre agus thar lear. Beidh áiseanna ar fáil san ionad a



*Cóiríocht den scoth do Mhic Léinn*



*Íomhá ríomhghinte den ionad taighde nua in UCD*

mheallfaidh na mic léinn, na hiarchéimithe agus an fhoireann is airde cumas i réimsí na heolaíochta agus na hinnealtóireachta.

Feictear sa Straitéis Náisiúnta Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta go ndéanfar infheistíocht mhór san infrastruchtúr agus sna hacmhainní daonna maidir leis an eolaíocht d'fhonn cinntiú go leanann an borradh eacnamaíochta in Éirinn. Beidh rannpháirteachas níos mó sna heolaíochtaí, ardú ar líon na ndaoine a ghnóthaíonn ardcháilíochtaí, páirt níos mó ag an taighde san fhorbairt eacnamaíochta agus shóisialta, athrú ó bhonn ó thaobh cáilíochta agus cainníochta ar chúrsaí taighde agus breis obair thaighde trasna teorainneacha mar chomharthaí ar an dea-thoradh ar an straitéis sin. Tarraingeoidh sé clú ar Éirinn ar fud an domhain agus tiocfaidh breis dlúis dá bharr chomh maith le buntáiste níos fearr as sineirgíochtaí in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Ligfidh an fhorbairt ar Cheantar Eolaíochta UCD don mheitheal eolaíochta is fairsinge agus is ilghnéithí in Éirinn cur go mór leis an straitéis sin.

Tá treoir á hullmhú maidir leis an bhfoirgneamh faoi láthair i gcomhairle leo siúd uilig a bhfuil geall acu san obair. Is é an tOllamh Michael Monaghan Stiúrthóir an Togra agus tá foireann tionscadail agus coiste stiúrtha acadúil mar chúnamh. Meastar go mbeidh fairsingiú mór agus athchóiriú forleathan ar an 32,000 m$^2$ atá san ionad eolaíochta faoi láthair i gceist leis an bhforbairt.

### *Lárionad na Mac Léinn 2 agus Linn Snámha*

Tar éis reifrinn i measc na mac léinn agus aontú le táille a ghearradh chun ciste a chur ar fáil le síneadh a chur le Lárionad na Mac Léinn, táthar ag ullmhú treorach maidir leis an bhfoirgneamh. Cuirfear áiseanna breise fóillíochta, caitheamh aimsire agus tacaíochta ar fáil san ionad, seomra díospóireachta, amharclann, ionad meánchumarsáide, linn snámha agus ionad aclaíochta san áireamh.

### *Ionad na gCéimithe*

Tá tús curtha le treoir foirgníochta a thabhairt chun cinn maidir le hIonad nua do chéimithe. Cuirfear áiseanna ar fáil san fhoirgneamh seo d'fhíorscoth na linne d'fhonn freastal ar riachtanais ar leith phobal na gcéimithe agus ar an meitheal iardhochtúireachta i UCD.

### *Páirc Nuálaíochta Belfield*

Leagtar amach i bPlean Forbartha an Champais an fhorbairt atá beartaithe ar limistéar Pháirc Nuálaíochta Belfield. Bainfear tairbhe breise as an ionad nuálaíochta nuabhunaithe NovaUCD de bharr an limistéir seo ag Áras Merville agus beidh sé ina spreagadh maidir le forbairt san am atá ag teacht ar an gceangal idir lucht tionscail agus an ollscoil.

Beidh an Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Thraenáil sa Bhithphróiseáil ar an gcéad chéim eile den fhorbairt sa réimse seo. Is í an phríomhaidhm atá leis an



*Scoil Uí Chuinn UCD*

NIBRT, arna chur ar bun trí chuibhreannas idir forais ardoideachais ar a n-áirítear UCD, buntáiste iomaíochais a thabhairt d'Éirinn in earnáil na bithchógaisíochta agus fónamh chun breis infheistíochta sa tír a mhealladh. Lonnófar NIBRT i bPáirc Nuálaíochta Belfield agus beidh cláir oiliúna agus cláir thaighde de scoth an domhain ar fáil ann i bhfoirgneamh a thógfar chun na sainchríche sin. Tá beartaithe an foirgneamh a bheith in úsáid faoin mbliain 2008.

### *Naíolann & Cóiríocht don Fhoireann*

Tá cead pleanála iarrtha do shaoráidí breise naíolainne a bhfuil géarghá leo agus do chóiríocht don fhoireann a bheadh suite in aice le University Lodge.

# LEABHARLANN UCD

Seirbhísí do Mhic Léinn

**Tá de straitéis ag Leabharlann UCD feidhmiú chun stádas UCD mar ollscoil diantaighde den scoth a chur chun cinn trí sheirbhísí agus áiseanana a chur ar fáil trína dtugtar i gcrích tréimhse ollscolaíochta ardchaighdeáin don mhac léinn. Chuige sin, cuirfidh an Leabharlann go mór leis na bailiúcháin chlóite agus ar líne, cuirfear feabhas ar an timpeallacht foghlama féin, cuirfear réimse leathnaithe de scáilseirbhísí leabharlainne ar fáil ar bhonn 24/7 agus déanfar slánchóiriú ar sheirbhísí na leabharlainne agus ar bhearta ríomhfhoghlama san ollscoil.**

## DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

D'fhág an córas deise uathoibreach go rabhthas ábalta síneadh a chur leis na huaireanta oscailte i rith am téarma go dtí 96.5 uair a chloig in aghaidh na seachtaine, an tráth oscailte is faide ag aon leabharlann ollscoile in Éirinn.

Cuireadh 2,000 iris léinn agus bunachar sonraí ar líne breise le bailiúchán na Leabharlainne trí thionscnamh IreL chun treisiú leis an taighde san eolaíocht. Cuireadh tús leis an dara céim den tionscnamh sin chun feabhas a chur ar acmhainní leabharlainne ar líne i réimsí na ndaonnachtaí agus na n-eolaíochtaí sóisialta.

Cuireadh feabhas ar an timpeallacht staidéir agus foghlama i Leabharlann James Joyce le hathchóiriú ar an ionad fáilte, bord tagartha nua agus roinnt seomraí do staidéar grúpa ar leibhéal 2, cruth nua ar an ionad tagartha ginearálta, agus ceangal gan sreang a chur ag obair do lucht úsáide ríomhairí glúine. Mar gheall ar a oiread agus a úsáidtear ríomhairí glúine agus deiseanna leictreonacha eile, sonraíodh roinnt limistéir chiúnais dóibh siúd ar mian leo staidéar a dhéanamh saor ó chur isteach ríomhairí glúine agus dheiseanna leictreonacha eile.

Tá dul chun cinn á dhéanamh chomh maith maidir le feabhas ar an gcóiríocht fhisiciúil. Táthar ag teannadh le deireadh na hoibre ar an leabharlann nua in Ionad na nEolaíochtaí Sláinte agus tá tús curtha chomh maith leis an gcóiriú ar sheanséipéal mar leabharlann nua ar champas na Carraige Duibhe. Tá súil go n-osclófar an dá leabharlann i rith na bliana 2007.

Rinneadh feabhsúchán nuálach ar an tseirbhís leabharlannaíochta ar líne chomh maith leis an bhfeabhsúchán fisiciúil ar an leabharlann féin. Ina measc sin, tugadh isteach seirbhís tagartha agus fiosrúcháin phíolótach ar líne bunaithe ar áiseanna comhrá Windows/MSN; cuireadh fotha RSS ar fáil a ligeann don lucht úsáide fanacht bord ar bhord lena dtarlaíonn ar shuíomhanna gréasáin tobathraitheacha; agus socraíodh seirbhís seachadta cáipéise díreach ar bhonn píolótach trína seoltar ábhar a iarrtar ar iasacht idirleabharlainne go díreach chuig deasc an iarrthóra in ionad gá a bheith lena mbailiú i bhfoirm chlóite ón leabharlann.

Ligeann slánchóiriú leanúnach sheirbhísí na leabharlainne le tairseach an champais, UCD Connect, do na mic léinn teacht ar a gcuid cuntas leabharlainne chomh maith le ríomhphost agus eolas faoi chúrsaí.

Tugadh faoi thionscnamh nua chun seirbhísí ar líne na leabharlainne a chur chun cinn trí "chuairt" na leabharlainne i láthair go dtí Lárionad na Mac Léinn a eagrú i mí Márta agus foireann na leabharlainne ag taispeáint na seirbhísí agus na háiseanna ar líne agus ag freagairt ceisteanna.

Cuireadh deis nua liosta léitheoireachta ar líne ar fáil; cruthaíonn seo, arna reáchtáil i gcomhar leis an bhfoireann acadúil, ceangal díreach idir an liosta léitheoireachta ar líne agus réimse acmhainní foghlama éagsúla.

D'fhág cóiriú na gclár acadúil ina modúil ar chumas na leabharlainne páirt níos dlúithe a chothú i bpróiseas na foghlama trí roinnt modúl maidir le scileanna faisnéise a chur ar fáil thar ceann na Scoileanna.

## CUSPÓIRÍ AMACH ANSEO

Cuirfear arís leis na hacmhainní taighde trí chur go mór le líon na n-irisí ar líne i réimsí na ndaonnachtaí agus na n-eolaíochtaí sóisialta.

Tá córas nua comharthaí beartaithe ionas gur furasta úsáid a bhaint as an leabharlann.

Leanfar den bheartaíocht maidir leis an leabharlann ar líne. Tá treoir nua podchraolta maidir leis an leabharlann á bheartú; cuirfear réimse cainéal maidir le hábhair ar leith ar fáil in UCD Connect lena dtabharfar eolas agus naisc le hacmhainní ar líne; agus bunófar stór ar líne do thorthaí taighde na hollscoile.

I measc na dtionscnamh nua maidir le hoiliúint i scileanna na faisnéise, beidh leathanaigh nua ar an ngréasán, ceacht teagaisc ar líne, ullmhúchán agus tabhairt mhodúil chuimsithigh maidir le scileanna faisnéise mar chuid de chlár an PhD struchtúrtha.

# SEIRBHÍSÍ TF

Seirbhísí do Mhic Léinn

**Tá de phríomhaidhm ag Seirbhísí TF UCD campas digiteach a chruthú a mbeidh teacht 24/7 ag an bhfoireann agus ag na mic léinn air. Cuireadh Seirbhís TF lárnach le chéile i mí Lúnasa 2006 a chuirfidh Córais Acadúla & Riaracháin, TF don Taighde, Teicneolaíochtaí Teagaisc & Foghlama agus seirbhísí gréasáin UCD ar fáil. Tá an bhéim ag athrú agus úsáid ríomhairí glúine ag teacht chun cinn rud a fhágann TF ina chuid lárnach den fhoghlaim ag an mac léinn. Cuirtear áiseanna ceangail gan sreang agus deiseanna ceangail solúbtha eile ar fáil ar fud an champais d'fhonn TF a bheith éasca a úsáid. Tugtar deis ar sheirbhísí TF agus ar ábhar acadúil as áit ar bith ar domhan leis an Tairseach UCD Connect agus leis an timpeallacht ríomhfhoghlama Blackboard.**




## DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

Tugtar diosca fháinne eochrach 256 MB agus treoir mionsonraithe maidir leis na seirbhísí TF a úsáid do gach fochéimí nua ar theacht isteach go UCD dóibh chomh maith le bunchúrsa tosaigh sa TF a chur ar fáil in aisce dóibh. Is é Áras Daedalus an lárionad tacaíochta ag mic léinn agus ag an bhfoireann araon. Seo a leanas an gnáthleibhéal úsáide ag tús téarma:

- 3,000 ríomhaire glúine á n-úsáid gan sreang ar an gcampas gach lá
- 3,700 mac léinn nua ag freastal ar chúrsaí tosaigh TF
- 6,000 duine ag baint úsáide as seirbhísí ríomhfhoghlama gach lá
- 100,000+ teachtaireacht ríomhphoist á seachadadh in aghaidh an lae
- 20,000 duine ag úsáid seirbhís thairseach UCD Connect.

Cuirtear áiseanna sainiúla ceangail le haghaidh seirbhís tapa Idirlín agus ríomhphoist ar fáil in ionaid shóisialta ionas gur féidir le mic léinn TE a úsáid gan stró le linn an chúrsa.

### *Ionad Sonraí TF don Taighde*

Chun treisiú leis an misean taighde ag an Ollscoil, rinneadh forbairt ar Ionad Sonraí Taighde sa bhliain 2006 lenar féidir soláthar don trealamh ríomhaireachta ardfheidhme a mbíonn gá ag na grúpaí móra taighde leis. Is de thoradh na dúthrachta ag an bhfoireann Acadúil agus ag foireann Sheirbhísí TF an fhorbairt ar an tSeirbhís TF don Taighde agus tháinig ciste suntasach lena aghaidh ó UCD, an HES agus SFI. Ligeann an t-ionad suntasach sonraí seo dúinn seirbhísí sainiúla a chur ar fáil do lucht na taighde agus an timpeallacht teicneolaíochta a chruthú a threiseoidh le tograí atá trom ar acmhainn ríomhaireachta ar fud na réimsí léinn ar fad.

### *Ceangal gan Sreang*

Tá 400 pointe ar Champas Belfield anois don cheangal gan sreang ionas gur féidir ceangal gan siúnta a dhéanamh leis an Idirlín sna príomhlimistéir shóisialta ar fad - caiféanna an champais, Lárionad na Mac Léinn, Ionad na nDán agus na hEolaíochta. Is féidir leis an bhfoireann agus leis na mic léinn oibriú mar is mian leo i bhfoirgnimh inar féidir ceangal gan srian a dhéanamh ar a bhfud, Scoil Ghnó Uí Chuinn, An tIonad Eolaíocht Sláinte agus Institiúid Mhic Chon Mí. Tá feistiú déanta ar na hárais chónaithe nua ar fad ionas gur féidir ceangal gan sreang a dhéanamh agus tá athfheistiú á dhéanamh ar na hárais is sine ná sin ionas go mbeidh an deis chéanna iontu.

### *TF don Teagasc agus don Fhoghlaim*

Chun úsáid ríomhairí glúine sa teagasc a chur chun cinn, tugadh isteach córas chairríní ríomhairí glúine i mí Meán Fómhair 2005 agus bhí an-ghlaoch ag lucht foirne agus ag mic léinn orthu. Osclaíodh IonaidTF nua in Áras Newman agus san Ionad Eolaíocht Sláinte atá áisiúil chun bualadh isteach iontu agus "cúnamh agus comhairle" a fháil. Is féidir ríomhairí glúine a cheangal sna hionaid agus tá foireann iontu d'fhonn cúnamh a thabhairt le cúrsaí TF amháin. Leanadh den tionscnamh sin trí scéim ríomhaire glúine ar iasacht a thabhairt isteach do na mic léinn. Is as na hIonaidTF a oibrítear an scéim.

Is trí dheiseanna ceangail áisiúla a thabhairt chun cinn a dhéantar cuid shlán de shaol an champais de Theicneolaíocht an Eolais. Nuair a cuireadh 40 pointe ceangail ar fáil sa spás oscailte in Áras Newman, baineadh go leor úsáide astu agus tarraingíodh breis airde ar Sheirbhísí TF.

## CUSPÓIRÍ AMACH ANSEO

Tá Seirbhísí TF UCD dúthrachtach maidir le TF a fhorbairt mar chuid slánchóirithe den timpeallacht oideachais ag an bhfoireann agus ag na mic léinn. Leagfar an bhéim ar na bearta seo a leanas i rith na bliana 2007:

- Áiseanna ceangail so-úsáidte agus so-lúbtha a thabhairt chun cinn maidir le ceangal gan sreang agus láithreacha sóisialta go háirithe
- Teicneolaíocht teagaisc agus foghlama a thabhairt chun cinn ag cur leis an acmhainn ríomhfhoghlama atá ann cheana féin
- Cur leis na seirbhísí TF don taighde d'fhonn freastal ar an méadú san éileamh orthu ó chustaiméirí
- Feabhas a chur ar an teacht atá ar eolas agus ar sheirbhísí trí fheidhmchláir bunaithe ar ghréasáin.

# SLITE BEATHA AGUS FOSTAÍOCHT


**Seirbhísí do Mhic Léinn**

In UCD, cuirtear oideachas ar na mic léinn, spreagtar iad agus tugtar cúnamh dóibh bealach a aimsiú sa saol atá rompu chun cur chomh héifeachtach agus is féidir leis an saol sóisialta, cultúir agus eacnamaíochta in Éirinn agus ar fud an domhain.

## DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

D'éirigh go maith le céimithe UCD arís sa bhliain 2005 mar is léir ón tábla thíos.

**Gach disciplín (Bunchéimeanna)**




**An chéad chéim eile ag céimithe 2005**

| | % Bunchéim | % Ardchéim | % Dioplóma iarchéime |
|---|---|---|---|
| Fostaithe in Éirinn | 44.5 | 70.3 | 66.2 |
| Fostaithe thar lear | 4.3 | 12.2 | 5.6 |
| Staidéar nó oiliúint sa bhreis - Éire | 41.0 | 7.9 | 23.7 |
| Staidéar nó oiliúint sa bhreis - Thar Lear | 3.5 | 1.3 | 0.8 |
| Ag lorg fostaíochta | 1.7 | 3.8 | 2.5 |
| Gan a bheith ar fáil le haghaidh fostaíochta nó staidéar | 5.1 | 4.5 | 1.3 |

Bhain ráta íseal 1.7% arís leis an sciar de na céimithe bunchéime a bhí 'ag lorg fostaíochta' (2.7% in 2004) agus líon suntasach fostaithe nó ag tabhairt faoi oideachas nó faoi oiliúint iarchéime. De réir mar atá athrú ag teacht ar an margadh fostaíochta, táthar ag moladh do na mic léinn cumarsáid ullmhaithe, saindírithe a dhéanamh tráth is luaithe sa bhliain acadúil nuair a bhíonn earcaíocht ar bun. Tá iomaíocht ghéar ag baint leis na poist is fearr do chéimithe in Éirinn agus thar lear.

Le blianta anuas, tá ardú tagtha ar líon na gcéimithe bunchéime a thugann faoin léann nó faoin oiliúint iarchéime. D'ardaigh an figiúr sin go dtí 44.5% sa bhliain 2005, beagnach chomh hard anois leis an bhfigiúr 48.8% dóibh siúd a thosaíonn ar fhostaíocht.

Spreagadh an t-ardú sin de bharr an réimse leathan cúrsaí iarchéime atá ar fáil san ollscoil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Ba soiléir go raibh jabanna ar chaighdeán níos airde á bhfáil ag céimithe ardchéime i gcomparáid le céimithe bunchéime. Tá cruthaithe go maith acu siúd a thugann faoi chúrsaí dioplóma iarchéime sa mhargadh fostaíochta chomh maith. Bíonn rogha dáiríre le déanamh ag an mac léinn anois ar chéim a bhaint amach idir glacadh le fostaíocht nó leanacht den léann.



*Aonach Slite Beatha UCD*




D'fhonn cuidiú le mic léinn bearta cumarsáide a dhéanamh níos luaithe sa bhliain, d'eagraigh Gairmthreoir agus Ceapacháin UCD Aonach Slite Beatha in Belfield dírithe ar fhostóirí Éireannacha. Thug eagraíochtaí móra idirnáisiúnta cuairt ar an ollscoil chun críche earcaíochta.

Oibríonn Gairmthreoir agus Ceapacháin UCD leis na mic léinn trí chomhairleoireacht phearsanta agus trí 'chóras dualgais' trínar féidir freastal ar mhic léinn gan choinne. Bíonn freastal maith freisin ar chruinnithe comhairle, ar obair ghrúpa, ar chláir oideachais, ar chainteanna agus ar sheimineáir maidir le slite beatha. Tá an tSeirbhís Gairmthreorach lonnaithe in oifigí agus leabharlanna a tógadh go speisialta do chúrsaí gairmthreorach in Áras na Leabharlainne in Belfield agus ag Scoil Smurfit UCD ar champas na Carraige Duibhe.

## CUSPÓIRÍ AMACH ANSEO

Beidh páirt i gcónaí ag foireann Ghairmthreoir agus Cheapacháin UCD san ullmhúchán ar cháipéisí faoi shlite beatha do chéimithe agus i mbeartaíocht eile i gcomhar ag an gCumann Seirbhísí Gairmthreorach do Chéimithe in Éirinn (AGCSI) agus ag an Association of Graduate Careers Advisory Services (AGCAS) sa Bhreatain agus in Éirinn. Rinneadh suíomh gréasáin, gradireland (www.gradireland.com), a nuashonraítear gach lá agus ar a luaitear na folúntais do chéimithe a cuirtear le chéile do na Seirbhísí Gairmthreorach in Éirinn, agus eolaire slite beatha - Gradireland - le hobair i gcomhar tríd an AGCSI agus GTI, na foilsitheoirí maidir le cúrsaí slite beatha. Tá siad ar fáil ag mic léinn agus ag céimithe.

## LEATHNÚ AR AN RANNPHÁIRTEACHAS

Seirbhísí do Mhic Léinn

**Féachann UCD le bheith ina ollscoil ilchuimsitheach ón taobh sóisialta de ina mbíonn ar chumas mic léinn nach ionann taithí saoil dóibh páirt iomlán a ghlacadh i ngach gné de shaol na hollscoile ar bhealach cothrom. Díríonn an ollscoil go háirithe ar ghrúpaí nach bhfuil páirt chomh mór san ardoideachas acu agus atá ag grúpaí eile. Áirítear mic léinn faoi mhíchumas, mic léinn lánfhásta agus mic léinn ó na grúpaí ísle socheacnamaíochta ar na grúpaí sin.**

Bíonn meithil shainiúla taobh istigh d'Oifig Stiúrthóir na Rochtana agus d'Ionad Aosoideachais UCD ag obair chun an cuspóir sin a thabhairt i gcrích i gcomhar lena gcuid comhghleacaithe i réimsí acadúla agus riaracháin ar fud na hollscoile. Chomh maith leis an ról ag leathnú an rannpháirteachais, soirbhíonn an tIonad Aoisoideachais don fhoghlaim feadh saoil tríd an iliomad deiseanna foghlama acadúla a chur ar fáil do gach duine fásta. Tá os cionn 1,000 mac léinn a lean cúrsaí le hIonad Aoisoideachais UCD le pointí creidmheasa a ghnóthú agus 3,000 mac léinn sa bhreis a lean cúrsaí mar gheall ar a gcuid suime san ábhar. Is iomaí mac léinn orthu sin arbh é sin an chéad uair acu an t-ardoideachas a thaithú



### DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

Treisítear le clár oibre UCD maidir le leathnú an rannpháirteachais trí thionscnaimh mar seo a leanas:

- ceangal le scoileanna, grúpaí pobail agus eagraíochtaí deonacha trína gcuirtear eolas agus comhairle ar fáil maidir le roghanna san ardoideachas, chomh maith le bearta chun blas an ardoideachais a thabhairt do dhaoine, scoileanna samhraidh, agus deiseanna oideachais in ionaid imeallacha.
- cúrsaí Rochtana (dá ngairtí Filleadh ar an bhFoghlaim) sna Dána agus in Eolaíocht an Duine, san Eolaíocht agus san Innealtóireacht agus sa Tráchtáil a chur ar fáil do dhaoine fásta ar mian leo teacht ar ardoideachas
- modhanna solúbtha chun teacht ag staidéar in UCD, bealaí speisialta isteach mar gheall ar aois lánfhásta, míchumas, grúpáil shocheacnamaíochta agus cáilíocht de chuid Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna san áireamh
- an cúnamh cuí a chur ar fáil ionas go bhféadann gach mac léinn páirt iomlán a ghlacadh i saol na hollscoile. Tá cláir treorach, ceardlanna maidir le scileanna acadúla, acadamh maidir le scríbhneoireacht acadúil, cóiríocht bunaithe ar na riachtanais do mhic léinn faoi mhíchumas, áisiúlacht i gcás ábhair agus teicneolaíochta, meantóireacht, comhairle, treoir agus sparántachtaí airgid san áireamh ansin.

### BEARTA SUNTASACHA A CUIREADH I GCRÍCH:

- tá athrú tagtha ar an tSeirbhís Tacaíochta do Lucht Míchumais (STLM) le roinnt blianta anuas faoi anáil an éilimh níos mó ag daoine faoi mhíchumas ar an deis chothrom maidir le páirt san ardoideachas. Tacaíonn UCD, de réir shamhail ilchuimsitheach shóisialta den mhíchumas, le mic léinn faoi mhíchumas amhairc, éisteachta, fisiciúil nó gluaisteachta; Saindeachracht Foghlama (SLD); deacrachtaí meabhairshláinte; Siondróim Asperger; tinneas ainsealach agus riocht míshláinte fadtéarmach. Cóirítear an clár do gach mac léinn faoi leith arna mbunú ar phróiseas mionmheasúnaithe riachtanas. Bronnadh céimeanna ar 86 mac léinn a bhí cláraithe leis an STLM in UCD i rith samhradh na bliana 2006
- bhain an Clár ERA Nua maidir le scoileanna agus pobail faoi mhíbhuntáiste san áit nár fhulaing faobhar cheana i rith na bliana 2005/06 nuair a bunaíodh an 'Togra Céim i ndiaidh Céime' trína dtugtar a gcéad chleachadh ar an ollscoil do dhaltaí Ranganna a Ceathair agus a Cúig sa bhunscoil trí cheardlanna nuálaíochta agus gníomhartha spraoi a eagrú ar an gcampas. D'oibrigh ERA Nua i gcomhar le Scoil Eolaíochtaí Matamaitice UCD chomh maith ar an togra 'Léiriú na Matamaitice'. Rinne daltaí na Bliana Eadramhaí i scoileanna ceangail fiosrúchán maidir le roinnt de na fadhbanna matamaitice atá gan scaoileadh agus rinne siad cur i láthair mar gheall orthu in UCD. Ghlac suas le 3,000 dalta i mbunscoileanna agus i scoileanna dara leibhéal páirt i mbearta For-rochtana ERA Nua
- ba chúis áthais do ERA Nua UCD ciste scoláireachtaí do mhic léinn a fháil sa bhliain 2005/06 ó dheontóirí nua, eadhon, Boylan Brothers Ltd agus Phyllis Purcell (arna bhronnadh i ndilchuimhne a tuismitheoirí James agus Maria Purcell). Murach cúnamh fial na ndeontóirí



*St. Johns, Baile Formaid agus Caritas, Baile Formaid, a cónascadh le déanaí, ag freastal ar thionscadal eolaíochta de chuid CSCB*

ar fad (ón earnáil phríobháideach agus phoiblí), ní bheadh ar chumas ERA Nua beart a dhéanamh de réir aidhm na deise comhionann is briathar dó. Ghnóthaigh 82 céimí de chuid ERA Nua céim i samhradh na bliana 2006

- bhí dhá thrian díobh siúd a lean na Cúrsaí Rochtana (d'fhoghlaimeoirí fásta) go ceann cúrsa ar tairgíodh áit i bhforais ardoideachais ina dhiaidh sin dóibh, tréith a fhágann gur clár deise ollscoile é a bhfuil an-rath air
- tá ardú seasta in aghaidh na bliana ag teacht ar líon na mac léinn lánfhásta atá ag teacht isteach go UCD. Ba mhór i gceist an cúnamh a thugann Seirbhís Tacaíochta na Mac Léinn Lánfhásta agus an tIonad Aoisoideachais maidir le (i) ábhar foghlaimeoirí a mhealladh agus eolas a thabhairt dóibh faoi na roghanna éagsúla san ardoideachas (ii) cuidiú le mic léinn iarratas a chur isteach chuig an ollscoil (iii) ullmhú agus feabhsú scileanna a dhéanamh maidir le foghlaimeoirí nach raibh páirteach sa chóras oideachais foirmeálta le tréimhse maith ionas go mbíonn siad in ann don éileamh a chuireann staidéar ag an tríú leibhéal ar a gcumas acadúil
- tháinig os cionn 150 mac léinn ar chlár Treorach na Mac Léinn Lánfhásta i dtús mí Mheán Fómhair. Tá a dhá oiread éilimh ag mic léinn lánfhásta ar cheardlanna sna scileanna acadúlachta, chomh maith le comhairle aonair, agus a bhí bliain ó shin.

## CUSPÓIRÍ AMACH ANSEO

- Tá ar cheann de na haidhmeanna lárnacha leis an tionscnamh UCD Horizons leas a bhaint as an tsolúbthacht a bhaineann le curaclam modúlach d'fhonn príomhchláir oideachais na hollscoile a bheith ar fáil do ghrúpa foghlaimeoirí níos ilghnéithí. Tá de sprioc ag UCD sa bhliain atá ag teacht na bealaí ar aghaidh ó mhodhanna foghlama creidiúnaithe sa bhreisoideachas agus san ardoideachas a fhorbairt d'fhonn an bealach a réiteach ionas go mbíonn deis ag mic léinn pháirtaimseartha agus ag mic léinn eile nach den ghnáthnós iad ar UCD Horizons
- Measúnacht dhian a dhéanamh trí thogra taighde i gcomhar le hInstitiúid Uí Ghadhra UCD ar an tionchar atá ag na tionscnaimh rannpháirteachais reatha agus ag tionscnaimh nua d'fhonn leathnú a dhéanamh ar an rannpháirteachas
- Cur leis an acmhainn taighde sa réimse seo a bhfuil an-ghanntanas taighde air in Éirinn
- Tosú ag dul i ngleic le riachtanais na bpobal nua in Éirinn chomh maith le riachtanais na ngrúpaí eitneacha dúchais ar nós dhaoine den lucht siúil maidir le deis ar ardoideachas, cothromas agus tacaíocht.

### *Léargas ó Staitisticí 2005/06*

| | Mic léinn nua | Iomlán |
|---|---|---|
| Mic Léinn faoi Mhíchumas | 111 | 376 |
| Mic Léinn ERA Nua | 111 | 375 |
| Mic Léinn Lánfhásta | 329 | |
| Rannpháirtithe ar Chúrsaí Deise | 130 | 130 |

Sa bhliain 2005/06, b'ionann líon na mac léinn ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht agus 14% de na mic léinn nua a tháinig isteach ar chúrsaí fochéime

## CLÁR SCOLÁIREACHTA UCD 150

*D'fhonn comóradh a dhéanamh ar 150 bliain na hollscoile, bunaíodh Clár Scoláireachtaí 150 UCD do mhic léinn chumasacha ardaidhmeacha a bhféadfadh sé go séanfaí a gcúrsa staidéir in UCD orthu de bharr chúiseanna eacnamaíochta dá n-uireasa. Tar éis feachtas fógraíochta agus faisnéise forleathan dírithe ar ábhar mac léinn in UCD, roghnaíodh seacht nduine dhéag ó réimsí éagsúla nach ionann taithí saoil dóibh agus ar den scoth iad. Bhí an díocas ag baint leo uilig agus rún daingean acu constaicí suntasacha a bhí rompu a shárú d'fhonn tabhairt faoin oideachas tríú leibhéal ba mhian leo. Ghlac na scoláirí le háiteanna ar réimse leathan cláir fochéime i mí Mheán Fómhair 2006. Luach €9,000, arna íoc i rith tréimhse trí bliana atá le Scoláireacht 150 UCD. Is comhartha eile an scoláireacht ar dhúthracht na hOllscoile maidir le leathnú a dhéanamh ar rannpháirteachas na ngrúpaí faoi ghannionadaíocht san ardoideachas.*

# CÚNAMH AIRGID DO MHIC LÉINN

Seirbhísí do Mhic Léinn

Tá trí scéim ag UCD chun cuidiú le mic léinn a bhíonn i gcruachás airgid: an Ciste um Leas Mac Léinn trína dtugtar cúnamh airgid do mhic léinn a tharlaíonn i gcruachás airgid gan choinne le linn a dtréimhse staidéir in UCD, Scéim Cúnaimh Mac Léinn a leagadh amach chun cuidiú leis na mic léinn faoi mhíbhuntáiste is mó a bheadh ina ghá, agus Scéim Fóirdheontais um Chúram Linbh chun cuidiú leis na mic léinn a bhfuil clann orthu is mó a bhfuil gá acu le cúnamh airgid. Is ó Chistí Sóisialta na hEorpa tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta is mó a thagann an ciste do na scéimeanna seo agus cuirtear leis ó fhíneálacha a ghearrtar ar mhic léinn agus ó shíntiúis.



*Is mac léinn ríomhaireachta tríú bliana í Olga Murdoch, as Baile an tSaoir i gContae Átha Cliath. A bhuíochas le Scéim Fóirdheontais Cúraim Leanaí tá mac Olga, Jack, atá ceithre bliana d'aois, ag freastal ar crèche UCD. Faoin scéim seo tá airgead á fháil ag Olga i dtreo na gcostas cúraim leanaí agus mar sin is féidir léi tabhairt faoina cuid staidéir ag UCD*

## CRÈCHE UCD

*Bunaíodh cuideachta nua gan beann ar bhrabús, Oakmount Crèche Ltd, i mí Feabhra 2006 chun naíolann Chnocán na Rós agus an naíolann nua atá beartaithe a rith. Tá baill foirne agus mic léinn a bhfuil clann orthu agus baill foirne eile de chuid UCD ina gcomhaltaí sa chuideachta. Tá athchóiriú agus athfheistiú déanta ar Naíolann Chnocán na Rós.*

## TACAÍOCHT DO MHIC LÉINN, SÉIPLÍNEACHT AGUS COMHAIRLEOIRÍ MAC LÉINN

Seirbhísí do Mhic Léinn

**Bíonn gá ag mic léinn le córas láidir cúl taca ar féidir leas a bhaint as go furasta chun cuidiú leo a gcuid spriocanna acadúla agus pearsanta a bhaint amach. Tá UCD dúthrachtach maidir le creat cúl taca dá leithéid a chur ar fáil trí réimse forleathan seirbhísí taca foirmeálta agus trí mheithil taca sainiúla maidir le cláir ar leith. Bíonn Comhairleoirí Mac Léinn agus séiplínigh mar a bheidís ina n-abhcóidí thar ceann an mhic léinn agus cuireann siad comhairle agus eolas ar fáil don mhac léinn maidir le ceisteanna sóisialta, pearsanta agus praiticiúla. Déanann siad fónamh freisin do na mic léinn agus don fhoireann maidir le seirbhísí taca do mhic léinn agus cuireann siad bearta atá dírithe ar na mic léinn chun cinn ar fud an choláiste.**

### DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

#### *Treoir Meán Fómhair 2005*

Lean Treoir 2005 ar aghaidh ónar baineadh amach le tionscnamh na bliana 2003 chun clár imeachtaí iléagsúla, idir acadúil agus sóisialta, a chur ar fáil do mhic léinn nua ar champas UCD. Is gné thábhachtach den Chlár Treorach go n-earcaítear mic léinn níos sinsearaí mar Threoraithe. Comhairleoirí Mac Léinn a earcaíonn agus a chuireann oiliúint ar na Treoraithe seo a chuidíonn le mic léinn nua dul i gcleachtadh shaol an champais.

I rith na bliana 2005, bhí Comhairleoirí Mac Léinn forbheartach maidir le Laethanta Cláir (Laethanta Dáimhe mar a bhíodh ann), Seachtain na hIléagsúlachta Cultúir, Saorálaithe UCD thar Lear agus siúlóidí urraíochta. Bhí ról gníomhach acu ar choistí tábhachtacha de chuid UCD ar nós Coiste na Céad Bhliana, Feidhmeannas Leasa na Mac Léinn agus Coiste an Fhóirdheontais maidir le Cúram Linbh.



*Oibrithe Deonacha ó UCD le leanaí áitiúla in Háití*

#### *Tograí de chuid Shaorálaithe UCD Thar Lear*

Sa bhliain 2003 a sheol séiplíneacht UCD togra 'Shaorálaithe UCD thar Lear" (UCDVO). Féachtar le cuidiú leo siúd atá ag fulaingt agus ag maireachtáil go bocht dearóil. Is mór atá sé tagtha chun cinn ó bunaíodh ar dtús é.

D'oibrigh meitheal naoi mac léinn is fiche as UCD in Delhi i mbliana, ag múineadh leanaí a chodlaíonn amuigh, ag obair i dteach dílleachtaí, ag cur píosa le scoil a thóg meitheal eile de chuid UCDVO cheana agus ag cur fisiteiripe ar fáil do leanaí faoi mhíchumas i dTeach Dílleachtaí Mother Theresa. D'oibrigh scór go leith mac léinn ag tógáil ballaí chun maolú ar an dochar a dhéanann maidhmeanna talún in Gros Morne, ceantar iargúlta in Háití, chomh maith le Club Spóirt a rith d'os cionn 200 leanbh faoi mhíbhuntáiste, ag cur na n-acmhainní agus an bhia ar fad ar fáil do na leanaí. Rinne



*Oibrithe Deonacha ó UCD ar thionscadal ALONE do dhaoine scothaosta*

deichniúr mac léinn an turas go dtí an Nígir, ceann de na tíortha is boichte ar domhan, mar a ndearna siad múinteoireacht ar leanaí na háite chomh maith le hoibriú i gclinic de chuid Concern do leanaí míchothaithe in Tahoua.

Bronnadh seic €25,000 ar an togra i mbliana ó Tour de Force, grúpa Gardaí a rinne rothaíocht ar feadh 900km sa Fhrainc ar mhaithe leis an gcarthanacht. Cuideoidh an t-airgead le droichead a thógáil in Gros Morne, Háití, rud a bhfuil géarghá leis ag dream daoine atá ar an iargúil.

#### *Tionscadal Alone*

Is beart nua an tionscadal i gcomhar le Alone - eagraíocht shaorálach a chuidíonn le daoine aosacha atá i ngátar. D'oibrigh mic léinn de chuid UCD ar dhá thionscadal in mBaile Átha Cliath ag obair go deonach agus ag cur acmhainní ar fáil.

#### *Léachtaí & Seimineáir*

Chuir duine den fhoireann séiplíneachta ag Scoil Ghnó Iarchéime Smurfit seimineáir faoin Eitic sa Ghnó ar fáil. Ba i réimse an Rialachais Chorparáide agus maidir leis an Eitic sna Seirbhísí Airgeadais na seimineáir. Tugadh cuireadh do dhuine den mheitheal páipéar acadúil a thabhairt in Boston College chomh maith agus tháinig cuirí ó ollscoileanna eile thar lear chomh maith. Tugadh cúrsaí eile ar chlár Máistreachta sa tSiceolaíocht Chliniciúil.

### CUSPÓIRÍ AMACH ANSEO

Tá i gceist cur lenar baineadh amach le Treoir agus breis Treoraithe a bheith ann. Tá togra píolótach maidir le meantóireacht mac léinn dá chéile le cur i bhfeidhm i rith bhliain acadúil 2006.

Tá beartaithe níos mó Comhairleoirí Mac Léinn a earcú i rith na bliana 2006 de bharr a fheabhas agus a d'éirigh le beart an Mheithil Comhairle do na Mic Léinn.

## SPÓRT

Saol an Mhic Léinn

**Oibríonn an spórt in éineacht le príomhbheartaíocht na hollscoile chun cinntiú gur slán, iomlánaithe an t-oideachas a chuirtear ar fáil do na mic léinn ar fad. Tugann sé deis chomh maith do na hiarscoláirí an ceangal leis an ollscoil a chaomhnú. Tá de straitéis ghinearálta ag Spórt UCD cur le cáil na hollscoile maidir leis na háiseanna spóirt is fearr sa tír a bheith ann agus an deis a thabhairt dá bhfuil i UCD nósanna folláine a chothú don saol ar fad.**

Cuirfear sin i gcrích trí chláir shainiúla ardaidhmeacha, lena mbaineann:

- áiseanna nua den chéadscoth a chur ar fáil, linn snámha ina measc
- Institiúid Spóirt agus Sláinte UCD a fhorbairt agus a thabhairt i gcrích
- leathnú a dhéanamh ar an Ionad Ardfheidhmíochta
- cláir in oideachas an spóirt a chur i bhfeidhm agus a leathnú
- Bunláthair an Spóirt a fhorbairt d'fhonn cloigín áiseanna spóirt a chruthú ar champas Belfield.

### DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

- Bhí toradh fónta ar an togra píolótach "Get in Gear" dírithe ar mhic léinn neamhghníomhacha go luath sa bhliain 2006. Tionscnamh i gcomhar idir Spórt UCD agus Scoil na Fisiteiripe agus na Gníomheolaíochta é "Get in Gear" a bhfuil de sprioc leis an tsláinte a chothú agus mic léinn a spreagadh chun aclaíochta trí thráthchlár gníomhartha éagsúla spraoi a leanacht a thiteann isteach lena dtráthchlár acadúil. Féachtar le cuidiú leo siúd a ghlacann páirt sa chlár nós maireachtála cothrom a chothú dóibh féin agus leas a bheith acu as an aclaíocht le linn a dtréimhse staidéir in UCD
- Fuair Spórt UCD deontas €1.25 milliún chun feabhas a chur ar Stáid Spóirt Belfield (Belfield Bowl) faoi Chlár Caipitil Spóirt 2006 an Rialtais. De bharr an togra, ar cuid é de Phlean Forbartha Caipitil na hOllscoile, aistreoidh Club Sacair UCD ó Pháirc Belfield go dtí Stáid Spóirt Belfield (Belfield Bowl) mar a n-imríonn Club Rugbaí UCD cheana féin
- Bunaíodh Lárionad Foirfeachta sa Ghalfadóireacht a bhuíochas le cúnamh ó Scéim Sparántachtaí Fhondúireacht an R&A. Is é UCD an t-aon institiúid tríú leibhéal i bPoblacht na hÉireann atá páirteach sa scéim. Tagann dul chun cinn gach duine atá ar scoláireacht galfadóireachta faoi mhonatóireacht leanúnach Spórt UCD maidir lena gcuid galfadóireachta agus a gcuid oibre acadúla. Leagtar amach clár nirt agus aclaithe sainchóirithe do gach mac léinn faoi leith agus déanann Lisa Regan, Stiúrthóir Ardfheidhmíochta UCD, maoirseacht mar gheall air. Cóitse an mhic léinn féin chomh maith le John McHenry san K Club agus Neil Manchip in Carton House, a dhéanann maoirseacht ar theacht chun cinn gach galfadóra atá ar scoláireacht ag UCD, a chuireann an chóitseáil ar fáil. Bíonn teacht ag na galfadóirí freisin ar an siceolaí spóirt iomráiteach, an Dr Aidan Moran. Chomh maith le cead isteach a bheith ag na mic léinn scoláireachta ag an bhfearann cleachtaidh agus chuig an gcúrsa in Elm Park, bíonn ballraíocht acu i gClubanna Gailf an Royal Dublin agus Phort Mearnóige
- Ceapadh an tOllamh Colin Boreham i mí Aibreáin 2006 i bpost an Stiúrthóra ar Institiúid Spóirt agus Sláinte UCD. Déanfar taighde san Institiúid ar thionchar an spóirt ar an tsláinte, ar an bhfeidhmíocht agus ar an modh maireachtála. Beidh sé ina acmhainn ag eagraíochtaí náisiúnta spóirt ina gcuid iarrachtaí cur leis an rannpháirteachas, cur le leibhéal na beartaíochta agus an spórt agus an aclaíocht a chur chun cinn i measc an phobail i gcoitinne
- d'aistrigh Aontas Rugbaí na hÉireann an tAonad Ardfheidhmíochta go Campas Belfield. Tá an t-aonad lonnaithe faoi láthair ar sheansuíomh Philips in aice leis an Institiúid Spóirt agus Sláinte
- osclaíodh an Café Sport nua, cuireadh stiúideo aeróbaice ar fáil chomh maith leis an seomra cruinnithe "Colours".



*Roisin Flinn a fuair dhá chúl i gcluiche ceannais Chorn Laighean*

## BUAICBHEARTA SPÓIRT

- bhí bliain iontach ag Club Haca na mBan a bhuaigh an Chilean Cup arís chomh maith le Corn Sinsir Laighean Jacqui Porter den chéad uair le os cionn leathchéad bliain. Fuair Lisa Jacob, duine de na himreoirí, caipín idirnáisiúnta ar fhoireann sinsir na hÉireann chomh maith
- bhí bua ag Club Sacair na bhFear sa Harding Cup, i Sraithchomórtas Faoi-21 an Dra Tony O'Neill agus i Sraithchomórtas Sinsir Laighean
- bhuaigh iománaithe UCD Craobh Sinsir Iománaíochta Bhaile Átha Cliath den dara bliain as a chéile agus lean ar aghaidh go raibh i gcluiche ceannais Chraobh Club Laighean in aghaidh James Stephens a fuair an ceann is fearr orthu
- D'éirigh go maith le galfadóirí scoláireachta UCD i gcomórtais in Éirinn agus thar lear. Bhuaigh Dara Lernihan Craobh Oscailte Amaitéarach Ógánach Laighean. Bhuaigh Niall O'Connor Comórtas Gailf Idirnáisiúnta Mac Léinn Boyd Quaich ag Cumann Gailf an Royal and Ancient, St. Andrews (R & A). Is é Niall an chéad bhuaiteoir as Éirinn ó bhuaigh an galfadóir cáiliúil agus céimí de chuid UCD an Dr David Sheehan.
- ba mhaith an séasúr lúthchleasaíochta 2005/2006 ag mic léinn scoláireachta reatha agus ag mic léinn scoláireachta ón am a caitheadh. Chruthaigh Joanne Cuddihy, Derval O'Rourke agus Deirdre Ryan níos fearr ná a chruthaigh riamh cheana ag Craobhchomórtas Lúthchleasaíochta na hEorpa in Gothenburg i mí Lúnasa. Tháinig Joanne, mac léinn leighis sa cheathrú bliain san 8ú háit i rás ceannais an 400m tar éis curiarracht phearsanta de 51.09 soicind a bhaint amach sa rás leathcheannais. Ba é seo an chéad mhórchomórtas sinsir ag Joanne agus an chéad uair ón mbliain 1962 ar bhain lúthchleasaí mná as Éirinn an rás ceannais 400m amach ag Craobhchomórtas na hEorpa. Chruthaigh na hiarmhic léinn scoláireachta agus céimithe de chuid Scoil Smurfit Derval O'Rourke agus Deirdre Ryan thar na bearta chomh maith. Dheimhnigh Derval arís go bhfuil sí ar dhuine de na rábálaithe cliathráis is fearr ar domhan nuair a bhuaigh sí an bonn airgid sa rás 100m. Ba churiarracht nua ag Éireannach an t-am 12.72 soicind a bhí sí leis. Cháiligh Deirdre don bhabhta ceannais sa léim ard le léim ar chomhairde leis an gcuriarracht roimhe sin ag Éireannach (arb í féin a chaith í) de 1.92 m. Tháinig sí sa 13ú áit sa bhabhta ceannais nuair a chaith sí airde 1.84 méadar de léim

*Joanne Cuddihy a bhí i rás ceannais 400m an Chomórtais Eorpaigh Luthchleasaíochta*


## CUSPÓIRÍ AMACH ANSEO

Tá dhá ghné ag baint leis straitéis chun breis forbartha a dhéanamh maidir leis an spórt in UCD. Ar an gcéad dul síos, áiseanna den scoth a fhorbairt ar an gcampas a chuirfidh leis na háiseanna atá ann cheana féin. Ar an dara rud, an coincheap maidir le 'campas folláin' a thabhairt i gcrích trí nósanna saoil folláine agus scileanna dá réir a chothú i measc na mac léinn agus na foirne mar mheon a bhaineann go dlúth leis an misean a leagtar ar Spórt UCD.

I rith na bliana 2005/2006, chuir na mic léinn acmhainní i leith chiste don síneadh as Lárionad na Mac Léinn ina mbeidh linn snámha 25m agus giomnáisiam. Táthar i mbun na pleanála do thógáil an fhoirgnimh sin cheana féin in aice le Lárionad na Mac Léinn agus leis an Lárionad Spóirt.

Tá tús curtha le roinnt tionscnamh san Institiúid Spóirt agus Sláinte i gcomhar le hAonad Ardfheidhmíochta Aontas Pheil Rugbaí na hÉireann agus le Scoil na Fisiteiripe agus na Gníomheolaíochta.

Tar éis a fheabhas agus a d'éirigh le togra píolótach "Get in Gear", ullmhaíodh clár níos cuimsithí. Tá súil sin a chur ar siúl trí huaire in aghaidh na bliana acadúla do na mic léinn agus don lucht foirne.



# CEOL



**Tá réimse leathan cuallachtaí oirfidíochta ag UCD trína dtugtar deis don mhac léinn ceol ó aoiseanna éagsúla agus ar stíleanna éagsúla a thaithí. Tá fáilte roimh aon duine a bhfuil suim aige sa cheol sna córacha agus sna ceolfhoirne más mian leis roinnt ama a chaitheamh leis.**

Bíonn Sionfóin UCD, Scoláirí Córach UCD, Cór an Choláiste, Cór Aireagail UCD agus an Cheolfhoireann Bharócach mar a bheadh ambasadóirí cultúir iontu thar ceann UCD ar an gcampas agus thar campas amach, arna chur in iúl nach amháin go bhfuil dintiúirí acadúla den scoth ag na mic léinn ach go bhfuil inniúlacht freisin iontu.

## DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

I rith na bliana 2005-6, chuir Sionfóin UCD dhá cheolchoirm den scoth ar siúl, an chéad cheann acu sa Halla Astra ar an gcampas agus - mar bheart caidrimh leis an bpobal taobh amuigh - an dara ceann acu sa Cheoláras Náisiúnta. Lean an Cheolfhoireann den nós atá cothaithe acu trí sheod eile nach mbíonn mórán airde air a chur i láthair le Coinséartó Coirn Uimhir a 1 Richard Strauss (Ceoltóir Aonair: Fergus O'Carroll). Ba é Redmond O'Toole an ceoltóir aonair ag an gceolchoirm i mí Feabhra nuair a sheinn sé an Concierto de Aranjuez le Rodrigo ar a ghiotár Brahms. I measc bhuaicphointí eile an chláir ceoil bhí Siansa Uimhir a 5 le Beethoven, an tsraith balllet La création du monde le Milhaud agus an réamhcheol a d'ainmnigh Mendelssohn as Inse Gall.

I rith cheolchoirm na Sionfóine i mí Feabhra, bhronn Uachtarán UCD, an Dr Hugh Brady, na chéad Scoláireachtaí Bhanc na hÉireann ar chomhaltaí den cheolfhoireann. Tá geallta ag an mBanc treisiú leis an tSionfóin trí chiste a chur ar fáil do shé cinn de Scoláireachtaí go ceann trí bliana. Is bunaithe ar an tseinm ag éisteachtaí go luath sa bhliain acadúil a bhronnfar na Scoláireachtaí.

Ba ghnóthach an bhliain ag Scoláirí Córach UCD í. Bhí Liebeslieder Walzer Brahms ar chlár chéad cheolchoirm



*Sionfóin UCD ag cleachtadh*

na bliana acu sa Halla Astra agus bhí an-mholadh ar chanadh a thug siad ar an Requiem le Fauré taobh amuigh den champas in Eaglais Anna. Chan na Scoláirí ag imeachtaí mac léinn ar fud an champais, ag seirbhísí do phobal UCD i rith na bliana acadúla agus ag imeachtaí mórchlú ar nós Dinnéar Lá an Bhunaithe. Ó tá luaite ag cuid mhaith iar-Scoláirí gur mhaith leo leanacht den bhaint atá acu leis an gcuallacht, tá i gceist, sna pleananna don am atá ag teacht, modh caidrimh le hAlumni a chur ar bun ionas go mbeadh bealach ann le coinneáil i dteagmháil le hiarchomhaltaí.

Chuir Cór Choláiste UCD dhá cheolchoirm den scoth ar siúl. Tugadh an chéad cheolchoirm ag am lóin i Lárionad na Mac Léinn faoi dhó ag deireadh an chéad seimeastair agus Joanna Campbell-Griffin ag stiúrú clár roimh Nollaig dar teideal "Hamba Lulu" le ceol tráthúil as tíortha agus ilchríocha éagsúla. Tugadh ceolchoirm eile i Séipéal an Champais i mí Márta mar chuid de cheiliúradh UCD ar 250 bliain ó bhreith Wolfgang Amadeus Mozart sa bhliain 1756. Bhí ceol orgáin agus cheathairéad téada sa cheolchoirm sin chomh maith le Cór an Choláiste (agus go leor de na comhaltaí ag déanamh canadh aonair).

## CUSPÓIRÍ AMACH ANSEO

Sa bhliain 2006-7, ceadófar den chéad uair do mhic léinn canadh nó seinm i gcóranna agus i gceolfhoirne UCD d'fhonn pointí creidmheasa. Tairgeofar mar mhodúil roghnacha taobh istigh de chlár Horizons UCD Sionfóin UCD, Scoláirí Córach UCD, Cór Aireagail UCD agus an Cheolfhoireann Bharócach. Sa chás go n-éiríonn leis sa chéad éisteacht, beidh ar chumas an mhic léinn an caitheamh aimsire atá aige a bheith mar chuid den chúrsa staidéir agus foghlaim ó na ceoltóirí oilte a mbítear ag obair leo. Tabharfar grád bunaithe ar fheabhas an mhic léinn i mbun an cheoil nó an chanta agus ar an tinreamh. Tá súil go mbeidh an deis nua seo ina spreagadh breise ag daoine chun páirt a ghlacadh i gcuallachtaí oirfidíochta UCD agus iad faoi bhláth agus ag nascadh ceangail idir saol cultúir an champais agus an saol mór taobh amuigh.



*Scoláirí Córach UCD*

# CUMAINN NA MAC LÉINN

**Saol an Mhic Léinn**

**Luaitear go sonrach i bPlean Straitéise UCD an tábhacht atá le cumainn na mac léinn agus lena gcuid beartaíochta san fhorbairt ar imeachtaí oideachasúla, cultúir agus sóisialta do mhic léinn atá taobh amuigh den churaclam ach bunaithe ar an dea-chaighdeán. Tugtar deis shuntasach don fhorbairt phearsanta sna cumainn, go háirithe maidir le scileanna eagraíochta, tuisceana, idirchaidrimh agus bhainistiú ama.**

*Bhí Mary Dobbs ar dhuine d'eagraithe an Word Universities Debating Championships, agus an-chuid bainte amach aici chomh maith ina díograis i leith na Scoile Dlí. Bhí sí ina ball stalwart de Dhlí-Chumann na hÉireann agus ina ball gníomhach den Ionad Saorchúnaimh Dlí. Bhain Mary céim amach sa Dlí agus sa Fhraincis in 2006 agus tá sí anois i mbun PhD.*

## DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

Tá os cionn 100 cumann mac léinn cláraithe in UCD anois agus líon carnach baill de 35,000 iontu. Tá ardú ag teacht i gcónaí ar líon na ndaoine a bhíonn páirteach sna cumainn agus tá níos mó ná 4,000 ball sna cumainn is mó sa Choláiste (an Commerce and Economics Society agus an Law Society).

Tá ardú ag teacht freisin ar líon na n-imeachtaí iomráiteacha agus ardfhreastail ag na cumainn ar an gcampas. Bunaíodh an Cumann Erasmus, a bhfuil ceangal aige le Gréasán Mhic Léinn Erasmus go hidirnáisiúnta, agus Cumann na Mac Léinn Síneach i mbliana. Tá na chéad bhearta á ndéanamh i rith na bliana 2006 chomh maith maidir le "Gréasán Teilifíse Campais" a bunaíodh mar chumann.

Tá beartaithe ag cumainn na mac léinn freisin ról níos tábhachtaí a bheith acu i mbearta eile de chuid na hOllscoile agus bíonn páirt ghníomhach acu anois i Laethanta Oscailte UCD d'fhonn réimse agus iléagsúlacht na n-imeachtaí a chur ar a súile d'ábhar mac léinn.

Tugann cumainn na mac léinn i gcónaí deis ar leith do mhic léinn bualadh le pearsain mór le rá go hidirnáisiúnta agus cluas a thabhairt dóibh. I measc na gcuairteoirí ar an gcampas, bhí an taidhleoir Hans Blix, an fear léinn Noam Chomsky, na haisteoirí Nancy Cartwright, Dirk Benedict agus John C. McGinley agus i measc lucht spóirt, David O'Leary agus Eddie O'Sullivan.






*Ionad na Mac Léinn UCD*

### *Buaicphointí*

I mí na Nollag 2005/Eanáir 2006 d'eagraigh an Literary and Historical Society an ócáid bhliantúil neamhspóirt is mó ar domhan do mhic léinn, an World Universities Debating Championships. Rinne níos mó ná 300 foireann, as 40 tír agus 70 institiúid díospóireacht ar ábhair a bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta leo. Dúirt Cathaoirleach an World Debating Council go raibh sé ar an ócáid ab fhearr eagair agus ab éifeachtaí a reáchtáladh riamh.

Rinne na Cumainn an cheannródaíocht chomh maith maidir leis an bhfeachtas i bhfabhar tobhach a ghearradh ar mhic léinn d'fhonn íoc as Lárionad nua do na mic léinn. Beidh an foirgneamh nua ina lárphointe i saol an mhic léinn agus beidh áiseanna nua-aimseartha den scoth ann maidir le díospóireacht, amharclannaíocht, scannánaíocht, damhsa agus spórt.

## CUSPÓIRÍ AMACH ANSEO

Seoladh suíomh gréasáin nua, www.ucdevents.com, i rith na bliana 2006. Leis an méadú as cuimse atá tagtha ar bheartaíocht na mac léinn ar an gcampas, is deacra ná riamh anois dóthain cur in iúl a dhéanamh mar gheall ar imeachtaí le lucht an champais. Beidh an suíomh gréasáin nua ina acmhainn chuige sin agus féilire imeachtaí beo air chomh maith le leathanaigh mac léinn agus rannóg do reachtairí arna chosaint le pasfhocail.

Cuirfear rialacháin nua i bhfeidhm maidir le póstaeir agus bolscaireacht ar an gcampas ionas gur fearr is féidir fógraíocht a dhéanamh ar a imeachtaí.

5

# Treorú maidir le Cláir Oibre

Cuireann UCD go mór le hÉirinn agus lena hionad i measc thíortha an domhain trí shárbheartaíocht acadúil, trí oideachas a chur ar chéimithe óga den scoth agus trí obair thaighde cheannródaíochta.

Treisítear lena fheabhas a thugtar príomhchuspóir acadúil UCD, an teagasc agus an taighde, i gcrích tríd an mbeartaíocht i réimsí na cumarsáide, go hinmheánach agus go seachtrach, tiomsú cistí agus caidreamh le hiarscoláirí.

Is é an ról atá ag Cumarsáid UCD cinntiú go gcothaítear caidreamh den rath idir an ollscoil agus a cuid geallsealbhóirí ar bhealaí cumarsáide éagsúla. Bíonn cumarsáid á dhéanamh le grúpaí inmheánacha agus le grúpaí seachtracha. Ní mór teachtaireachtaí soiléire agus eolas cuimsitheach a chur in iúl go mbeidh tuiscint in Éirinn agus thar lear ar bhearta iomadúla UCD agus ar an ról lárnach atá ag an ollscoil in Éirinn agus i measc mhuintir na hÉireann ar fud an domhain.

Bíonn Forbairt agus Caidreamh le hIarmhic Léinn UCD ina nasc lárnach idir UCD agus meitheal na n-iarmhac léinn ar fud an domhain. Cothaítear dílseacht, páirteachas agus dúthracht feadh saoil maidir leis an ollscoil le Clár na nIarmhac Léinn. Tá de chúram ar Forbairt agus Caidreamh le hIarmhic Léinn UCD chomh maith cistí breise a aimsiú a ligfidh don ollscoil feabhsú arís ar na hardchaighdeáin oideachais agus seirbhíse a chuirtear ar fáil.

Is den riachtanas é go ndéantar infheistíocht san oideachas agus sa taighde ionas go ndaingnítear agus go bhfeabhsaítear cumas UCD eolas nua a ghlacadh isteach, a chruthú agus leas breise a bhaint as. Is féidir infheistíocht dá leithéid a mhealladh trí leanacht ag treorú maidir le cláir oibre agus ag cothú an chaidrimh le hiarmhic léinn agus daoine nach iad a chuidíonn le hobair na hollscoile.



Cumarsáid

Forbairt agus Caidreamh le hIarmhic Léinn

Aitheantas Speisialta

## CUMARSÁID

**Is é an príomhchuspóir atá le Cumarsáid UCD cur leis an tuiscint ar stádas UCD in Éirinn agus thar lear trí chumarsáid den scoth ar fud na modhanna caidrimh ar fad.**

Tá d'aidhm leis sin mic léinn ardchumais a mhealladh chun freastal ar UCD, saothar taighde an aos léinn a chur chun cinn i measc phobal níos leithne nach mbaineann leis an acadúlacht agus seirbhís cumarsáide den scoth a chur ar fáil do na meáin chumarsáide agus do gheallsealbhóirí eile.

Is tábhachtach an aidhm ag an ollscoil chomh maith an fhoireann inmheánach agus na geallsealbhóirí mic léinn a choinneáil ar an eolas agus tugtha do chúrsaí na hollscoile.

Le bliain anuas, thug Cumarsáid UCD faoi roinnt tograí claochlaithe d'fhonn treisiú le haidhmeanna straitéis na hOllscoile. Tugadh tús áite don athdhearadh ar an suíomh gréasáin, do straitéis margaíochta maidir le hearcú mac léinn fochéime a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, don úsáid leanúnach sheasta as an mbranda amháin a thabhairt i gcrích agus don bhéim a leagan ar thorthaí an taighde a chur i láthair sna meáin chumarsáide is leithne aird.


Cuireann Cumarsáid UCD seirbhís taca ar fáil do réimsí tábhachtacha eile san ollscoil; tugtar cúnamh praiticiúil agus straitéiseach le gnóthaí a mbaineann margaíocht áitiúil, bainistíocht ar imeachtaí, dearadh agus foilsiú agus caidreamh poiblí leo.

### WWW.UCD.IE



*Is stóras abhalmhór d'eolas riachtanach, praiticiúil agus suimiúil í suíomh gréasáin UCD (www.ucd.ie). An dearadh agus nascleanúint ar furasta bainistíocht agus cothabháil a dhéanamh maidir leis ag leibhéal an aonaid agus a ligeann don lucht úsáide teacht ar eolas go héifeachtach is cúis lena fheabhas atá ag éirí leis. D'oibrigh Cumarsáid UCD leis na Scoileanna i rith na bliana d'fhonn athstruchtúrú a dhéanamh ar an ábhar don ghréasán agus é a fhoilsiú sa leagan amach nua. Is féidir teimpléad Scoil Eolaíocht Bhithmhóilínigh agus Bhithleighis UCD (www.ucd.ie/sbbs/index.html) a úsáid d'fhonn an tionchar is mó is féidir a bheith ag eolas faoin bhfoireann, faoin teagasc agus faoin taighde.*

*Fógra preas maidir le UCD Horizons*




### DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

Bhí ardú 10.4% ar na hiarratais céad rogha i gcomparáid leis an mbliain roimhe de bharr an fheachtais margaíochta d'fhonn cur le líon na n-iarratas tríd an mbranda UCD Horizons.

Cuireadh cló so-aitheanta amháin in iúl le togra an bhranda trínar cuireadh de leataobh réimse lógónna éagsúla agus cruthaíodh dá réir sin tuiscint ar UCD mar chomhartha aitheantais ag an bhfoireann, ag na mic léinn agus i measc cuairteoirí.

Bhí tionchar ag an mbéim ar chaighdeán, feabhas agus tráthúlacht ar an athdhearadh a tugadh ar fhoilseacháin na hollscoile ó thaobh lón ábhair agus stíle de. Feictear a thoradh sin mar shampla ar iris na n-iarmhac léinn UCD Connections agus ar an réamheolaire maidir le UCD Horizons.

*Eiseamal de fhrog iontaisithe atá in Museu de Geologia del Seminari, Barcelona, An Spáinn*

Leantar ag cur saothar is ábhar spéise do léitheoirí taobh istigh agus taobh amuigh chun cinn in UCD Today agus ar an tseirbhís nuachta ar líne. Cuireadh béim speisialta ar thorthaí taighde agus ar imeachtaí a bhí ar siúl a chur chun cinn sna meáin chumarsáide in Éirinn agus thar lear.

Ag eascairt as cinntí an Tascfhórsa maidir leis an gCumarsáid Inmheánach, bunaíodh post Bhainisteoir na Cumarsáide Inmheánaí. Chomh maith le cuidiú leis an lucht bainistíochta sinsearach modhanna cumarsáide anonn agus anall a bhunú le lucht foirne agus leis na mic léinn, baineann sé leis an bpost an réimse leathan beartaíochta taobh istigh den ollscoil a léiriú agus a chur chun cinn, ag cuidiú le meitheal bríomhar atá tugtha don obair a chothú.

Tugadh an leagan nua den suíomh gréasáin i bhfeidhm i ngach cuid den ollscoil agus cuireadh oiliúint agus cúnamh suntasach ar fáil d'fhonn na Scoileanna agus na haonaid a spreagadh chun ábhar nua a chur suas go rialta agus bainistíocht a dhéanamh maidir le foilsiú a gcuid ábhair féin.




*Brandáil UCD á húsáid go tréan nuair a tháinig Noam Chomsky, teangeolaí a bhfuil cáil dhomhanda air, ar cuairt chuig UCD*

Cuireadh Cumarsáid UCD ar ghearrliosta do ghradaim de chuid an tionscail maidir le brandaí, fógraíocht agus cumarsáid ar an idirlíon.

## CUSPÓIRÍ AMACH ANSEO

Beidh dúshláin eile ag baint leis an am atá ag teacht agus breis iomaíochta in earnáil na bhfochéimithe. Leanfaidh Cumarsáid UCD ag cur pleananna le chéile agus dá gcur i bhfeidhm d'fhonn UCD a chur chun cinn maidir le hobair oifig earcaíochta na mac léinn.

Beidh gá le straitéisí cumarsáide ar leith faoi scáth chúrsaí staidéir iarchéime agus oiliúint iardhochtúireachta de bharr straitéis na hollscoile don oideachas agus don taighde ceathrú leibhéal a thabhairt chun cinn agus cúig cinn de Scoileanna Iarchéime nua a bhunú.

## CLÚDACH IDIRNÁISIÚNTA Ó NA MEÁIN



*Chuir Cumarsáid UCD toradh na hoibre a rinne Maria McNamara chun cinn. D'éirigh leis an meitheal taighde sin an chéad sampla riamh de smior iontaisithe a bhaint as froganna agus salamandair a fuair bás os cionn 10 milliún bliain ó shin i loch fotheochriosach in oirthuaisceart na Spáinne (féach leathanach 24). Tar éis toradh na taighde a fhoilsiú san iris léinn Geology, scríobhadh an scéal do UCD Today agus do na meáin chumarsáide in Éirinn agus thar lear. Foilsíodh sna meáin chumarsáide chraolta, chlóite agus leictreonach é ar fud an domhain.*

Leanfaidh Cumarsáid UCD ag cur creata agus polasaithe cumarsáide éifeachtacha le chéile agus á gcur chun cinn d'fhonn caidreamh fiúntach agus aiseolas a chothú maidir le ceisteanna a bhfuil tábhacht leo do phobal UCD.

Beidh béim ar thorthaí taighde a chur in iúl do dhaoine nach den phobal acadúil iad agus é sin mar phríomhaidhm san am atá romhainn.

Beidh gá le cumarsáid den scoth leis na geallsealbhóirí in Éirinn agus thar lear maidir le seoladh an chomórtais ailtireachta do Thogra an Gheata.

# FORBAIRT AGUS CAIDREAMH LE HIARMHIC LÉINN



*Scoláirí Newman anseo leis an Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD: Aurora Trif, AIB & Aughinish Alumina - Caidreamh Fostaíochta nua; Aoife O'Donovan, Craig Dobbin - Meabhairshláinte; Brenda Murphy, Ann Westby - Sábháilteacht Bia; Annetta Zintl, Cuisine de France- Sábháilteacht Bia; Declan Healy Punchestown Kidney Research Fund – Taighde Duán; Aisling O'Riordan, Baxter Healthcare Ltd – Neifreolaíocht; Denise Drudy, Diageo – Sábháilteacht Bia; Joanna Griffin, Pfizer Animal Health UK – sláinte ainmhithe; Carmen Negredo, C & C – Sábháilteacht Bia; Rebecca O'Mahony, Dunnes Stores – Sábháilteacht Bia; Ciara Walsh, Dawn Farm Foods – Sábháilteacht Bia*

**Treisíonn Forbairt agsu Caidreamh le hIarmhic Léinn UCD le plean straitéise UCD trí struchtúr buan bhailiú airgid a chur ar bun trína ndéanfar cumarsáid, caidreamh agus nascadh ceangail le hearnálacha tábhachtacha.**

Is é an aidhm atá leis an gclár oibre sin, an aisling amháin a chur chun cinn le comhar UCD agus suim iardheontóirí, dheontóirí reatha agus dheontóirí ionchais a mhealladh san aisling chéanna. Beidh iarmhic léinn na hollscoile ina measc sin agus aimseofar deontóirí ionchais nua trí lucht aitheantais chomhaltaí an bhoird, na ndeontóirí agus chairde eile i gcúrsaí gnó agus sóisialta.




*Príomh-Aire na hAstráile, John Howard, le linn a chuairte ar UCD*

Tá clár ar bun in Éirinn agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá chun deontóirí a aimsiú, cairdeas a chothú leo agus tabhartais luachmhara a iarraidh orthu a ligfidh do UCD aidhmeanna na straitéise a thabhairt i gcrích.

Tá clár cumarsáide níos fearr curtha ar bun chun cumarsáid rialta a dhéanamh leis na hiarmhic léinn trí mhodhanna cumarsáide clóite agus leictreonach. Cinntítear leis an gclár seo go bhfaigheann gach iarmhac léinn ar a laghad teachtaireacht oifigiúil amháin in aghaidh na bliana ó UCD. Craobhscaoiltear nuachtlitir leictreonach uair sa mhí i measc na n-iarmhac léinn ar fad a roghnaíonn teachtaireachtaí ríomhphoist a fháil ó UCD.

## DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

### *Cláir Scoláireachtaí*

Bhí an bhéim maidir le hobair fhorbartha ar chistí do chláir Scoláireachtaí UCD d'fhonn sárfheabhas acadúlachta a chur chun cinn agus na buntáistí a bhaineann le hoideachas ollscoile a bheith ar fáil ag daoine atá faoi mhíbhuntáiste sa ghnáthshaol.

Thug Banc AIB €1m mar chabhair le scoláireachtaí a chur ar fáil faoin gclár deise New ERA agus tháinig €1m eile ó dheontóir gan ainm a lua chun cuidiú le clár na Scoláireachtaí Ad Astra a sheoladh.

### *Cathaoir Keith Cameron i Léann na hAstráile*

Tá AU$1.5m geallta ag Rialtas na hAstráile mar Mhaoineas do Chathaoir Keith Cameron i Léann na hAstráile. Tugadh an gealltanas le linn chuairt Phríomh-Aire na hAstráile, John Howard, ar UCD i mí Bealtaine 2006.

### *Institiúid Michíl Uí Chléirigh*

Tháinig tabhartas €500,000 ag Institiúid Mhíchíl Uí Chléirigh maidir leis an obair ar chaomhnú chartlann na bProinsiasach

### *Comhaltachtaí Newman*

Ba bhliain mhaith eile an bhliain 2006 ag clár Chomhaltachtaí Newman agus airgead á chur i leith seacht gcinn eile de Chomhaltachtaí Newman i rith na bliana. Cuireadh an dinnéar bliantúil do Chomhaltaí Newman ar siúl arís mar cheiliúradh ar an gclár taca taighde acadúile is mó le rá ag UCD.

Tugann an ócáid deis don ollscoil buíochas a ghabháil leis na deontóirí agus a áiteamh orthu leanacht dá gcuid cabhrach maidir le clár Chomhaltachtaí Newman. Agus a thábhachtaí agus atá an clár don obair thaighde in UCD á léiriú, bíonn seans ag na deontóirí bualadh leis na scoláirí a bhfuil siad ag déanamh urraíochta orthu. Féadann na Scoláirí freisin a gcuid taighde a chur i láthair agus an tábhacht atá le Scoláireacht Newman dá gcuid oibre a chur in iúl

### CUSPÓIRÍ AMACH ANSEO

Leanfaidh UCD ag cur leis na seirbhísí atá ar fáil do na hiarmhic léinn go mbíonn borradh agus biseach breise ar an gcaidreamh leo. Cuirfear clár le chéile de shocruithe fabhair a bheidh ar fáil ag gach iarmhac léinn, eagrófar imeachtaí maidir le hiarmhic léinn a bheidh dírithe ar scoileanna agus ar choláisti agus déanfar soláthar maidir le riachtanais agus sainspéiseanna áirithe.

Leanfar de thabhairt chun cinn shuíomh idirlín na n-iarmhac léinn d'fhonn soláthar do chaidreamh ag iarmhic léinn lena n-iarchéilí ranga, le grúpaí comhchaidrimh agus leis an ollscoil. Beidh an suíomh idirlín ar an bpríomh-mhodh caidrimh maidir leis an gcumarsáid sin agus déanfar bearta chun iarmhic léinn a spreagadh agus a ghríosú le caidreamh a dhéanamh le pobal UCD ar bhealaí nua.

Beidh deis ag iarmhic léinn, lucht foirne agus mic léinn cuidiú leis an ollscoil a cuid cuspóirí straitéiseacha a thabhairt i gcrích trí cheangal le clár chárta creidmheasa comhchaidrimh UCD a déanfar a athsheoladh i rith na bliana faoi chló nua agus le réimse sochair nua d'iarmhic léinn.

Beidh an bhéim san obair fhorbartha ar oibriú i gcomhar le coláistí agus le scoileanna ar fud na hollscoile d'fhonn tograí oiriúnacha a shonrú, deontóirí ionchais a spreagadh chun cuidiú leis na tograí sin agus na cistí is gá a bhailiú chun na pleananna a thabhairt i gcrích.

### PRÓIFÍL SCOLÁIRE AD ASTRA

*Bronnadh an chéad scoláireacht Ad Astra i Léann an Fhéinmharaithe ar an ealaíontóir teicstíle, Séamus McGuinness, atá lonnaithe i Scoil Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD. Léachtóir as Dún na nGall sa dearadh teicstíle atá ann agus é ag saothrú i réimse an fhéinmharaithe leis na blianta.*

*Go mall sa bhliain 2003, thosaigh sé ag bailiú léinte bána nach raibh á gcaitheamh feasta nó léinte seanfhear agus mhúnlaigh sé a raibh fanta de na léinte bána go ndearna dealbha i gcruth óigfhir agus*



*Sa ghrianghraf: Seamus McGuinness (ar chlé), an chéad scoláire Ad Astra ag UCD, leis an Ollamh Kevin Malone agus é ag seasamh le fearas 21 gram McGuinness*

*gur chuir le chéile iad sa saothar ealaíne. Cé nárbh ionann cruth ná méid de na saothair fhuílleach léine seo, bhí 21 gram meáchain iontu uilig, an meáchan a luaitear i miotais a bheith in anam an duine. Ba samhail na léinte ar an saol ar giorraíodh leis agus ar an gconablach óigfhir a fágadh agus an scrios a tháinig dá bharr.*

*I mí na Samhna 2005, thug Séamus an saothar ealaíne seo chuig comhdháil maidir leis an ealaín teicstíle sa Liotuáin mar a raibh os cionn 260 saothar ealaíne le healaíontóirí as 92 tír éagsúil. Thug Séamus leis an príomhghradam idirnáisiúnta don “ealaín i gcomhthéacs sóisialta” leis an saothar “21 Grams”.*

*Tá Séamus anois ag obair ar an gcéad saothar ealaíne eile uaidh dar teideal “The Presence of Absence” - scrúdú eile ar an bhféinmharú in Éirinn na linne seo tríd an ealaín teicstíle. In UCD, beidh sé ag saothrú faoi stiúir Ollamh UCD le Siciatracht, Kevin Malone, agus tá sé de rún acu athrú ó chothú na tuisceana go haimsiú eolais nua maidir le féinmharú.*

*Ligeann an Scoláireacht Ad Astra do UCD an chruthaitheacht atá i Séamus a chothú agus fágtar gur féidir ardán institiúideach a chur ar fáil chun an trioblóid agus an tubaiste a bhaineann le féinmharú in Éirinn na linne a chur in iúl don tsúil.*

# AITHEANTAS SPEISIALTA

## CÉIMEANNA ONÓRACHA

Bronnadh Céimeanna Onóracha orthu seo a leanas i mí Meitheamh 2006:

### *Eileen Collins*

Bronnadh Dochtúireacht Onórach san Eolaíocht ar Eileen Collins mar gheall ar ar bhain sí amach agus í ar an gcéad phíolóta mná i gceannas ar spástointeálaí de chuid NASA agus 872 uair a chloig a chaitheamh sa spás le linn ceithre mhisean. Tugadh aitheantas di chomh maith mar gheall ar an obair a dhéanann sí ag spreagadh dhaoine óga chun slite beatha a roghnú a mbaineann matamaitic, eolaíocht agus innealtóireacht leo agus chun na hábhair sin a roghnú ar scoil dóibh.

### *Anthony Cronin*

Bronnadh Dochtúireacht Onórach sa Litríocht ar Anthony Cronin mar aitheantas ar a chuid saothair mar fhile agus údar clúiteach. Bhí sé ina chomhairleoir maidir le cúrsaí cultúir agus ealaíne ag an iar-Thaoiseach, Searlas Ó hEochaidh agus ina bhall bunaithe in Aosdána a ndearnadh Saoi air de sa bhliain 2003.

### *Peter Gleeson*

Bronnadh Dochtúireacht Onórach sa Dlí ar Peter Gleeson mar gheall ar a bhfuil déanta aige i gcúrsaí gnó in Éirinn. Chuir sé le gnóthachan tráchtála Castle Knitwear le linn tréimhse géariomaíochta agus é ina Chathaoirleach agus ina Phríomhfheidhmeannach ar an gcuideachta. Rinne sé fónamh ar bhord stiúrtha an Smurfit Group ar feadh fiche bliain agus is dúthrachtach é i gcúrsaí daonnachtúlachta maidir le réimsí an leighis agus an oideachais.

### *Michael Kelly SJ*

Bronnadh Dochtúireacht Onórach sa Dlí ar Michael Kelly mar gheall ar a chuid oibre le Cúnamh Éireann i dtabhairt chun cinn an bheartais faoi VEID/SEIF in earnáil an oideachais sa tSaimbia agus i dtíortha eile san Afraic. Tá cumasc idir scoláireacht ar an gcaighdeán is airde agus cur chuige calma truachroíoch de thréithe lena chuid saothair i réimse chomh casta le VEID/SEIF.

### *Paul Rusesabagina*

Bronnadh Dochtúireacht Onórach sa Dlí ar Paul Rusesbagina mar gheall ar a chuid bearta daoncharadais i rith an chinedhíothaithe i Rúanda sa bhliain 1994 nuair a thug sé tearmann, ina bhainisteoir ar an Hotel des Mille Collines dó, d'os cionn 1,268 de chine na Tutsi agus de dhream measartha Hutu ionas nach ndearna an míliste Interahamwe slad orthu. Ar an gcás sin a bunaítear scéal an scannáin 'Hotel Rwanda'

### *José Saramago*

Bronnadh Dochtúireacht Onórach sa Litríocht ar José Saramago mar gheall ar a chuid saothair mar údar. Bronnadh Duais Nobel na Litríochta air sa bhliain 1998 agus tá filíocht, aistí, drámaí agus cín lae curtha de aige. Rugadh sa Phortaingéil é agus tar éis dul faoi oideachas mar theicneoir agus roinnt postanna obair láimhe a bheith aige, thug sé go hiomlán faoin scríbhneoireacht sa bhliain 1979 agus tháinig cáil idirnáisiúnta air agus é blianta beaga ós cionn an leathchéid.

## BONN LÁ AN BHUNAITHE

### *Paddy Hillery*

Iarmhac léinn den ardsuntas de chuid UCD é an Dr Pádraig Ó hIrighle ar bronnadh Bonn Lá an Bhunaithe air i mí na Samhna 2005 as ucht an saothar mór atá déanta aige maidir leis an saol poiblí in Éirinn. Ina Aire Rialtais dó ar feadh scór go leith bliain, rinne sé fónamh i Ranna Rialtais, an Roinn Oideachais ina measc mar ar chuir sé an Coimisiún Ardoideachais ar bun a raibh an tuarascáil uaidh sa bhliain 1965 ina réalt eolais maidir leis an oideachas in Éirinn an chuid eile den fichiú céad. Bhí moladh go forleathan air mar Uachtarán na hÉireann idir 1976 agus 1990 as a chuid ionracais, macántachta agus dúthrachta.



*(Clé go Deas) An Dr Peter Gleeson, An Dr José Saramago, An Dr Hugh Brady (Uachtarán UCD), An Dr Anthony Cronin agus an Dr Michael Kelly SJ ag an mbronnadh oinigh i mí an Mheithimh 2006*

## BONN ULYSSES

### *James Heckman*

*An tOllamh Klaus Schwab (ar chlé) le Kieran McGowan, Cathaoirleach Údarás Rialaithe UCD*

Bronnadh bonn Ulysses ar an Ollamh Heckman mar gheall ar an gcion oibre atá déanta aige sa taighde ar chúrsaí eacnamaíochta agus iompar an duine. Tá spéis mhór curtha aige sa bhuntáiste eacnamaíochta as infheistíocht i ndea-bhail an linbh le linn a luathóige. Léirítear ina chuid saothair go n-imríonn an timpeallacht le linn na luathóige tionchar díreach ar dhul chun cinn eacnamaíochta an linbh in aois duine fásta dó ina dhiaidh sin. Bronnadh duais Nobel mar gheall ar chúrsaí eacnamaíochta ar an Ollamh Heckman sa bhliain 2000 agus tá glactha aige le ceapachán mar Ollamh le hEolaíocht agus an Pobal in UCD i mbliana.



*Enda O'Brien leis an Ollamh Andrew Carpenter, Ceann Scoil an Bhéarla agus na Drámaíochta*

### *Edna O'Brien*

*Aoibhinn Ní Shúilleabháin (BSc) agus Brian Dooher (MVB) agus gradaim Lá an Bhunaithe á mbronnadh orthu in 2005 de bharr a gcuid sároibre*

Bronnadh Bonn Ulysses ar Edna O'Brien mar gheall ar a cuid saothair le leathchéad bliain maidir le litríocht na hÉireann. Tá drámaí, leabhair do leanaí, aistí, scipteanna scannán agus saothair neamhfhicsin faoi Éirinn scríofa aici. Bronnadh gradaim liteartha uirthi, ina measc Gradam Kingsley Amis maidir le ficsean sa bhliain 1962, Gradam Úrscéil an Yorkshire Post sa bhliain 1971, agus Duais Leabhair an Los Angeles Times sa bhliain 1990. Tá a cuid páipéir liteartha curtha le Bailiúcháin Speisialta UCD i Leabharlann James Joyce UCD agus ceapadh í ina hOllamh Cúnta le Scríbhneoireacht Chruthaitheach san ollscoil

### *Klaus Schwab*

Bronnadh Bonn Ulysses UCD ar an Ollamh Schwab mar gheall ar a chuid oibre maidir le fiontraíocht ar mhaithe leis an leas poiblí ar fud an domhain le 35 bliain anuas. Bhí sé ina Ollamh le Polasaí Gnó in Ollscoil na Geinéive idir 1972 agus 2002. Bhunaigh sé an World Economic Forum sa bhliain 1971 mar fhondúireacht gan bheann ar bhrabús agus faoina stiúirsean cuirtear an pháirtíocht dhomhanda chun cinn mar mhodh chun tabhairt faoi cheisteanna ar nós fiachas an tríú domhan, trádáil idirnáisiúnta, forleathadh na heitinne ar fud an domhain agus próiseas síochána an Mheán-Oirthir.



## GRADAIM LÁ AN BHUNAITHE

Bronnadh Gradam Lá an Bhunaithe ar bheirt chéimithe óga i mí na Samhna 2005.

Aoibhínn Ní Shúilleabháin Chuir Aoibhínn tús lena réim i UCD mar scoláire iontrála sa bhliain 2001. Ghnóthaigh sí céim céad onóracha BSc san Fhisic Theoiriciúil a bronnadh uirthi mí na Nollag seo caite de bharr a cuid oibre mar fhochéimí. Tarraingíodh aird na tíre ar Aoibhínn nuair a bhuaigh sí gradam an Rose of Tralee samhradh na bliana 2005. Léirigh sí díocas neamhbhalbh agus dúthracht maidir leis an eolaíocht chomh maith le tréitheachas agus daingne inti féin. Ag an gcéad ócáid phoiblí aici mar Rose of Tralee, ag Féile Eolaíochta BA, mhol sí do mhic léinn slí bheatha a bhaint amach san eolaíocht.



Brian Dooher Bhí Brian ina Chaptaen ar fhoireann Thír Eoghain, curaí uile-Éireann sa pheil Ghaelach sa bhliain 2005. Tá sé ar dhuine de chéimithe mórsuntais UCD agus d'éirigh leis an acadúlacht a shaothrú chun céim sa tréidliacht (MBV 1998) a ghnóthú ag an am céanna leis an gcumas agus an díocas a shaothrú chun bonn a bhuachan i gCorn Sigerson le UCD sa bhliain 1995. Tháinig Brian i gcomharbacht ar Chormac McAnallen tar éis tubaiste a bháis-sean sa bhliain 2004 agus ba léir tréithe an cheannródaí dáiríre ann ar an gcaoi ar chuir sé treoir ar fhoireann Thír Eoghain ag buachan chraobh uile-Éireann an bhliain dár gcionn.

6

# Forbairtí Foirne

Ní mór dúthracht thar na bearta ón bhfoireann chun straitéis UCD a thabhairt i gcrích. Is trí bhaill nua foirne a earcú de réir straitéise agus soláthar don fhorbairt is iomláine is féidir ar an lucht foirne reatha a bhainfear sin amach.

Tiocfaidh de thoradh ar threisiú fhoireann na hollscoile leis an straitéis go mbeidh UCD ina áit mar a mbíonn meas ar an duine aonair agus é á chothú, ina mbeidh measúnú á dhéanamh ar thoradh oibre ar bhealach cuí, struchtúrtha, agus ina mbeidh deiseanna oiriúnacha don fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil ar fáil do gach ball den fhoireann.



Ollaimh a Ceapadh

Comhollaimh a Ceapadh

Léachtóirí Sinsearacha a Ceapadh

Ceapacháin chuig Poist Bhainistíochta Sinsearaí

Lá Carnabhail UCD

# FORBAIRTÍ FOIRNE

**Leagtar béim ar leith i bPlean Straitéiseach UCD 2005 - 2008 ar mhórthábhacht bhaill foirne uile na hollscoile agus ar an ról atá acu i dtabhairt an phlean i gcrích. Tagann aird faoi leith ar roinnt gnéithe ríthábhachtacha den straitéis foirne san iarracht an cuspóir sin a bhaint amach. Ina measc sin, tá deiseanna a thabhairt chun cinn don fhorbairt ar réim ghairme bhaill foirne ar gach leibhéal i ngach réimse oibre agus leanacht ag mealladh lucht léinn agus lucht taighde den chéadscoth go UCD**

I rith na bliana 2005 - 2006, cuireadh tús le roinnt bearta tábhachtacha i réimse na foirne nó tugadh níos faide chun cinn iad i dtaca le cuspóirí an Phlean Straitéise, ina measc:

- An chéad bhabhta arduithe céime inmheánacha go dtí leibhéal lán-Ollaimh
- An chéad bhabhta arduithe céime inmheánacha neamhchuóta go dtí leibhéal an Chomhollaimh
- Forbairt agus leanacht ar aghaidh le scéim na n-arduithe céime inmheánacha go dtí leibhéal an Léachtóra Shinsearaigh.

Fágann an réimse deiseanna maidir le haitheantas do cheannródaithe na hacadúlachta UCD chun tosaigh i measc na n-eagraíochtaí a chuireann deis dul chun cinn acadúil a dhéanamh ar fáil don fhoireann de réir córais uair sa bhliain. Chomh maith leis an aitheantas a thugtar d'iarrthóirí a n-éiríonn leo sna próisis seo, tuigtear in UCD an ghéarthábhacht atá le haiseolas a thabhairt maidir le dul chun cinn do gach iarrthóir uaillmhianach agus caitheadh dúthracht leis an bpróiseas mar a chaithfear arís agus arís eile leis an gcineál cúnaimh seo.

Sonraítear sa Phlean Straitéiseach an tábhacht atá le hearcaíocht trína dtabharfar réimsí nua scileanna ilchineáil isteach go UCD. Tharla cuid mhaith maidir le hearcaíocht i rith na bliana 2005/2006 agus líon suntasach post sinsearach á bhfógairt agus á líonadh. Chomh maith leis sin, sonraíodh roinnt réimsí téamatúla a dtagann réimsí aon disciplíne agus réimsí ildisciplíne faoina scáth. Bhí sin mar bhonn feidhme i gcás leibhéal suntasach earcaíochta agus ina shiocair le cuireadh poiblí ó UCD don dream is fearr taighde, in Éirinn agus thar lear, smaoineamh ar mhodhanna ina gcuirfeadh a gcuid réimsí spéise le straitéis na hollscoile seo.

Eagraíodh scéimeanna ardú céime pearsanta do bhaill foirne riaracháin i rith thréimhse na tuarascála seo agus chuir sin arís leis an aitheantas a thugtar d'fheabhas na hoibre ag baill foirne dá leithéid. Ag an leibhéal náisiúnta, cheangail an eagraíocht athbhreithnithe a rinne iniúchadh ar ról bhaill foirne teicniúlachta comhaontú nua trína leagtar amach creat don saothrú a dhéanfaidh baill foirne sa réimse sin taobh istigh den earnáil sna blianta atá ag teacht.

Díríodh aird ar fheidhmíocht na foirne ag na leibhéil ar fad a bheith riachtanach maidir leis an bPlean Straitéiseach a thabhairt i gcrích agus rinneadh obair shuntasach, ar bhonn páirtíochta, i rith na bliana 2005/2006, d'fhonn na gnéithe is tábhachtaí den bhainistíocht agus den fhorbairt ar an bhfeidhmíocht le tabhairt isteach in UCD a shonrú.

Tá an dúshlán a bhaineann le cumas ceannródaíochta a thabhairt chun cinn ag gach leibhéal san ollscoil mar bhun leis na bearta foirne sin ar fad a leagtar amach thuas agus is géire arís a bheidh sin ina bheart tús áite de réir mar a bhuanaítear rólanna na dtreoraithe sna struchtúir nua taobh istigh de UCD.

## CEAPACHÁIN AGUS ARDÚ CÉIME

Is iad na ceapacháin a rinneadh i rith na tréimhse idir an 1 Meán Fómhair agus an 31 Lúnasa a liostaítear.

## OLLAIMH A CEAPADH

Leagtar amach sa tábla thíos na harduithe céime acadúla a tugadh i rith na tréimhse sin go dtí céim Ollaimh. San áireamh anseo tá daoine nua a earcaíodh ó lasmuigh de UCD agus foireann UCD a fuair ardú céime go post an ollaimh.

| Ainm | Scoil/Aonad |
|---|---|
| An tOllamh Janet Allen | Institiúid Mhic Chon Mí UCD |
| An tOllamh Dolores Josephine Cahill | Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis |
| An tOllamh Andrew Carpenter | Scoil an Bhéarla agus na Drámaíochta |
| An tOllamh Alan Carr | Scoil na Síceolaíochta |
| An tOllamh Maeve Cooke | Scoil na Fealsúnachta |
| An tOllamh Gabriel Cooney | Scoil na Seandálaíochta |
| An tOllamh Leslie Daly | Scoil na Sláinte Poiblí agus Eolaíocht an Daonra |
| An tOllamh Mary Daly | Coláiste na nEalaíon & an Léinn Cheiltigh |
| An tOllamh Nicholas Paul Daly | Scoil an Bhéarla agus na Drámaíochta |
| An tOllamh Paul Devereux | Scoil na hEacnamaíochta |
| An tOllamh Michael L Doherty | Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta |
| An tOllamh David J Fegan | Scoil na Fisice |
| An tOllamh John F Geary | An Scoil Ghnó |
| An tOllamh Catherine Godson | Leas-Uachtarán, Nuálaíocht agus Comhpháirtíocht Chorparáideach |
| An tOllamh Roderick Gow | Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice |
| An tOllamh Patrick Guiry | An tIonad um Shintéis agus um Bhitheolaíocht Cheimiceach |
| An tOllamh James Heckman | Institiúid Uí Ghadhra |
| An tOllamh Brigid Laffan | Coláiste na nEolaíochtaí Daonna |
| An tOllamh David W Lewis | Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice |
| An tOllamh James Owen Lewis | Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla |
| An tOllamh Patricia Lysaght | Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta |
| An tOllamh Imelda Patricia Maher | An Scoil Dlí |
| An tOllamh Anthony Manning | Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta |
| An tOllamh John Meenaghan | An Scoil Ghnó |
| An tOllamh Ian Michael O'Donnell | An Scoil Dlí |
| An tOllamh Cormac Ó Gráda | Scoil na hEacnamaíochta |
| An tOllamh Mark O'Malley | Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla |
| An tOllamh Robert D O'Neill | Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta |
| An tOllamh Gerard D J O'Sullivan | Scoil na Fisice |
| An tOllamh Nicholas Quirke | Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla |
| An tOllamh Ciaran Regan | Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bhithleighis |
| An tOllamh Colin Scott | An Scoil Dlí |
| An tOllamh Denis Shields | Institiúid Mhic Chon Mí |
| An tOllamh Richard Sinnott | Scoil na Polaitíochta agus na nGnóthaí Idirnáisiúnta |
| An tOllamh Da-Wen Sun | Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta |

## COMHOLLAIMH A CEAPADH

Leagtar amach sa tábla thíos na harduithe céime acadúla a tugadh i rith na tréimhse sin go dtí céim an chomhollaimh. San áireamh anseo tá daoine nua a earcaíodh ó lasmuigh de UCD agus foireann UCD a fuair ardú céime go post an chomhollaimh.

| Ainm | Scoil/Aonad |
|---|---|
| An tOllamh Maria Baghramian | Scoil na Fealsúnachta |
| An tOllamh Frank Barry | Scoil na hEacnamaíochta |
| An tOllamh Christopher J Bean | Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta |
| An tOllamh Julie Berndsen | Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta |
| An tOllamh Angela Bourke | Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta |
| An tOllamh David Brayden | Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta |
| An tOllamh Patrick C Brennan | Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis |
| An tOllamh Cathal Brugha | An Scoil Ghnó |
| An tOllamh Geraldine Butler | Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis |
| An tOllamh Sean Callanan | Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta |
| An tOllamh Blanaid Clarke | An Scoil Dlí |
| An tOllamh Danielle Clarke | Scoil an Bhéarla agus na Drámaíochta |
| An tOllamh John Cotter | An Scoil Ghnó |
| An tOllamh Thomas F Crosby | Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta |
| An tOllamh Mark A Crowe | Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta |
| An tOllamh J Stephen Daly | Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta |
| An tOllamh Alexander Evans | Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta |
| An tOllamh Alan Fletcher | Scoil an Bhéarla agus na Drámaíochta |
| An tOllamh Brian Fynes | An Scoil Ghnó |
| An tOllamh Mary T Gallagher | Scoil na dTeangacha, na Litríochta agus na Scannánaíochta |
| An tOllamh William Gallagher | Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis |
| An tOllamh Declan Gerard Gilheany | Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta |
| An tOllamh Theo Harden | Scoil na dTeangacha, na Litríochta agus na Scannánaíochta |
| An tOllamh Thomas J Hayden | Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil |
| An tOllamh Conor Heneghan | Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla |
| An tOllamh Nicholas Mark Holden | Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta |
| An tOllamh Michael Laffan | Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta |
| An tOllamh Patrick Lonergan | Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta |
| An tOllamh Fionnuala Mc Auliffe | Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis |
| An tOllamh Frank McDermott | Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta |
| An tOllamh David Madden | Scoil na hEacnamaíochta |
| An tOllamh Gerardine Meaney | Scoil an Bhéarla agus na Drámaíochta |
| An tOllamh Wim Meijer | Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis |
| An tOllamh Derek Mitchell | Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil |
| An tOllamh Paul Moynagh | Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis |
| An tOllamh Paul Murphy | Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta |
| An tOllamh William Nolan | Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil |
| An tOllamh John V O'Doherty | Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta |
| An tOllamh DeirAn Dre O'Grady | Scoil na dTeangacha, na Litríochta agus na Scannánaíochta |
| An tOllamh Tadhg O'Keeffe | Scoil na Seandálaíochta |
| An tOllamh Frank O'Mara | Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta |
| An tOllamh Dolores O'Riordan | Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta |
| An tOllamh Suzanne Quin | Scoil an Léinn Shóisialta Fheidhmeannaigh |

| Ainm | Scoil/Aonad |
|---|---|
| An tOllamh Vera Regan | Scoil na dTeangacha, na Litríochta agus na Scannánaíochta |
| An tOllamh Richard Reilly | Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla |
| An tOllamh Anthony V Roche | Scoil an Bhéarla agus na Drámaíochta |
| An tOllamh Cormac Taylor | Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis |
| An tOllamh Jennifer Todd | Scoil na Polaitíochta agus na nGnóthaí Idirnáisiúnta |
| An tOllamh Patrick Gerard Wall | Scoil na Sláinte Poiblí agus Eolaíocht an Daonra |
| An tOllamh Dominic Walsh | Institiúid Mhic Chon Mí |
| An tOllamh John Joseph Walsh | Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta |
| An tOllamh Nicholas J A Williams | Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta |

## LÉACHTÓIRÍ SINSEARACHA A CEAPADH

Leagtar amach sa tábla thíos na harduithe céime acadúla a tugadh i rith na tréimhse sin go dtí céim an léachtóra shinsearaigh.

| Ainm | Scoil/Aonad |
|---|---|
| An Dr Michela Bertolotto | Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta |
| An Dr Catherine Blake | Scoil na Fisiteiripe agus na Gníomhaíochta |
| An Dr Anthony Brabazon | An Scoil Ghnó |
| An Dr Joanna Mary Bruck | Scoil na Seandálaíochta |
| An Dr Vitaly Buckin | Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta |
| An Dr Mary T Carney | Scoil na hAltrachta, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte |
| An Dr Neil Cartlidge | Scoil an Bhéarla agus na Drámaíochta |
| An Dr Christine Casey | Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha |
| An Dr Brian Caulfield | Scoil na Fisiteiripe agus na Gníomhaíochta |
| An Dr Tasman Peter Crowe | Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil |
| An Dr Theo De Waal | Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta |
| An Dr Fiona Doohan | Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil |
| An Dr David Edelman | An Scoil Ghnó |
| An Dr Peter D W Haughton | Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta |
| An Dr Julian Horton | Scoil an Cheoil |
| Lynne Hughes | Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta |
| An Dr Peter Keenan | An Scoil Ghnó |
| An Dr Alexey Lastovetsky | Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta |
| An Dr Michael Long | Scoil na hAiltireacha, na Tírdhreacha agus na hInnealtóireachta Sibhialta |
| An Dr Steven Loyal | Scoil na Socheolaíochta |
| An Dr Susan McDonnell | Scoil na hInnealtóireachta Ceimice agus an Bhithphróisis |
| An Dr Ronan McNulty | Scoil na Fisice |
| An Dr Evelyn Murphy | Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta |
| An Dr Keith Murphy | Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis |
| An Dr Jens Erik Nielsen | Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis |
| An Dr Kevin Edward O'Connor | Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis |
| An Dr Ken Donal O'Halloran | Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis |
| An Dr Gary Edward O'Reilly | Scoil na Síceolaíochta |
| An Dr Patrick Orr | Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta |
| An Dr James O'Shea | Scoil na Fealsúnachta |
| An Dr John Quinn | Scoil na Fisice |
| An Dr Scott Thurston Rickard | Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla |
| An Dr Mark James Scott | Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil |
| An Dr Rowland Stout | Scoil na Fealsúnachta |
| An Dr Paul Whyte | Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta |

## CEAPACHÁIN CHUIG POIST BHAINISTÍOCHTA SINSEARAÍ

Leagtar amach sa tábla thíos na ceapacháin chuig poist bhainistíochta sinsearaí a rinneadh i rith na tréimhse. Tá daoine nua a earcaíodh ó lasmuigh de UCD agus baill foirne ó UCD a fuair ardú céime san áireamh.

| Ainm | Teidea | Scoil/Aonad |
|---|---|---|
| An tOllamh Janet Allen | Stiúrthóir - Institiúid Mhic Chon Mí | Institiúid Mhic Chon Mí |
| An tOllamh Tom Begley | Déan na Scoile Gnó | Coláiste Gnó & Dlí |
| An tOllamh Colin Boreham | Stiúrthóir - An Institiúid Náisiúnta Spóirt agus Sláinte | An Institiúid Náisiúnta Spóirt agus Sláinte |
| An Dr Marc Caball | Stiúrthóir -Institiúid Dhaonnachtaí Éireann | Institiúid Dhaonnachtaí Éireann |
| Tony Carey | Stiúrthóir ar Phleanáil Straitéiseach | Oifig an Uachtaráin |
| Mary Crowe | Príomh-Oifigeach Teicneolaíochta Faisnéise | Seirbhísí TF |
| An tOllamh Mary Daly | Ceann an Choláiste | Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh |
| Eamon Drea | Leas-Uachtarán don Fhoireann | Oifig an Leas-Uachtaráin le haghaidh Soláthar Foirne |
| An Dr Aoibheann Gibbons | Stiúrthóir Eatramhach don Straitéis Taighde | Riarachán Taighde |
| An tOllamh Patrick Guiry | Stiúrthóir - An tIonad um Shintéis agus um Bhitheolaíocht Cheimiceach | An tIonad um Shintéis agus um Bhitheolaíocht Cheimiceach |
| Paul Haran | Ceann an Choláiste | Coláiste Gnó & Dlí |
| Brian Jackson | Stiúrthóir - Institiúid Éireannach Domhanda | Institiúid Éireannach Domhanda |
| An tOllamh Brigid Laffan | Ceann an Choláiste | Coláiste na nEolaíochtaí Daonna |
| An tOllamh Brian McKenna | Ceann an Choláiste | Coláiste na nEolaíochtaí Beatha |
| An tOllamh Nicholas Quirke | Ceann an Choláiste | Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla |
| An Dr Liming Wang | Stiúrthóir - An Institiúid um Staidéir Sínise | An Institiúid um Staidéir Sínise |


## LÁ CARNABHAIL NA BLIANA SEO

D'fhreastail líon níos mó ná riamh d'fhoireann UCD, a dteaghlaigh agus a gcairde ar Lá Carnabhail na bliana seo, a reáchtáladh ar an gcampas ar an 17 Meitheamh. D'eagraigh Coiste Lá an Charnabhail an lá agus chuir urraitheoirí éagsúla deontais fhlaithiúla ar fáil chun go bhféadfaí an ócáid a reáchtáil.









7

# Aguisín 1, Struchtúr Acadúil Nua UCD: Coláistí agus Scoileanna

Tá an struchtúr acadúil nua mar phríomhghné de straitéis UCD, agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2005. Tá cúig Choláiste agus 35 Scoil ann anois in ionad na 90 a bhíodh ann - chomh maith le Ranna agus 11 Dámh.

## COLÁISTE NA NEALAÍON AGUS AN LÉINN CHEILTIGH UCD



**Ceann an Choláiste**


An tOllamh Mary Daly



**Scoil na Seandálaíochta UCD**

CEANN SCOILE

An Dr Muiris Ó Suilleabháin



**Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD**

CEANN SCOILE

An Dr Paula Murphy



**Scoil na gClasaicí UCD**

CEANN SCOILE


An Dr Michael Lloyd



**Scoil an Bhéarla agus na Drámaíochta UCD**

HEAD OF SCHOOL

An tOllamh Andrew Carpenter



**Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta UCD**

CEANN SCOILE

An Dr Michael Laffan



**Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta UCD**

CEANN SCOILE


An tOllamh Séamas Ó Catháin



**Scoil na dTeangacha, na Litríochta agus na Scannánaíochta UCD**

CEANN SCOILE

Ms Clíona de Bhaldraithe-Marsh



**Scoil an Cheoil UCD**

CEANN SCOILE

An Dr Wolfgang Marx

## COLÁISTE NA NEOLAÍOCHTAÍ DAONNA UCD




**Ceann an Choláiste**
An tOllamh Brigid Laffan



**Scoil an Léinn Shóisialta Fheidhmeannaigh UCD**
CEANN SCOILE
An Dr Valerie Richardson



**Scoil na hEacnamaíochta UCD**
CEANN SCOILE
An tOllamh Rodney Thom



**Scoil an Oideachais is Foghlaim feadh Saoil UCD**
CEANN SCOILE
An tOllamh Sheelagh Drudy



**Scoil na Tíreolaíochta na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD**
CEANN SCOILE
An Dr Joe Brady



**Scoil an Léinn Eolais agus na Leabharlannaíochta UCD**
CEANN SCOILE
An tOllamh Mary Burke



**Scoil na Fealsúnachta UCD**
CEANN SCOILE
An Dr Gerard Casey



**Scoil na Polaitíochta agus na nGnóthaí Idirnáisiúnta UCD**
CEANN SCOILE
An tOllamh Attracta Ingram



**Scoil na Síceolaíochta UCD**
CEANN SCOILE
An Dr Barbara Dooley



**Scoil na Córa Sóisialta UCD**
CEANN SCOILE
An Dr Sara Cantillon




**Scoil na Socheolaíochta UCD**
CEANN SCOILE
An Dr Kieran Allen

## COLÁISTE NA NEOLAÍOCHTAÍ BEATHA UCD



**Ceann an Choláiste**
Prof Brian McKenna



**Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD**
CEANN SCOILE
An tOllamh William Powderly



**Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD**
CEANN SCOILE
An tOllamh Maurice Boland



**Scoil na hAltrachta, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD**
CEANN SCOILE
An Dr Marie Carney




**Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD**
CEANN SCOILE
An tOllamh Thomas Bolger



**Scoil na Fisiteiripe agus na Gníomheolaíochta UCD**
CEANN SCOILE
An Dr Catherine Blake



**Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bhithleighis UCD**
CEANN SCOILE
An Dr Paul Moynagh



**Scoil na Sláinte Poiblí agus Eolaíocht an Daonra UCD**
CEANN SCOILE
An tOllamh Cecily Kelleher




**Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta UCD**
CEANN SCOILE
An tOllamh Michael McGlinchey

## COLÁISTE NA HINNEALTÓIREACHTA, NA MATAMAITICE AGUS NA NEOLAÍOCHTAÍ FISICIÚLA UCD



**Ceann an Choláiste**

An tOllamh J Owen Lewis



**Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla**

CEANN SCOILE

An Dr David FitzPatrick



**Scoil na hAiltireachta, na Tírdhreacha agus na hInnealtóireachta Sibhialta UCD**

CEANN SCOILE

An Dr Mark Richardson



**Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta UCD**

CEANN SCOILE

An tOllamh Patrick Shannon



**Scoil na hInnealtóireachta Ceimice agus an Bhithphróisis UCD**

CEANN SCOILE

An tOllamh Don MacElroy



**Scoil na nEolaochtaí Matamaitice UCD**

CEANN SCOILE

An tOllamh Adrian Ottewill



**Scoil na Ríomheolaíochta agus an Faisnéisíochta UCD**

CEANN SCOILE

An tOllamh Barry Smyth



**Scoil na Fisice UCD**

CEANN SCOILE

An tOllamh Gerry O'Sullivan

## COLÁISTE DLÍ AGUS GNÓ UCD



**Ceann an Choláiste**

Paul Haran



**An Scoil Dlí UCD**

CEANN SCOILE/DÉAN

An tOllamh Paul O'Connor



**An Scoil Ghnó UCD**

CEANN SCOILE/DÉAN

An tOllamh Tom Begley